



Uimhir 45 de 2019

An tAcht Airgeadais, 2019
[An tiontú oifigiúil]



Uimhir 45 de 2019

An tAcht Airgeadais, 2019

[An tiontú oifigiúil]

CLÁR AN ÁBHAIR

CUID 1

MUIREAR SÓISIALACH UILÍOCH, CÁIN IONCAIM, CÁIN CHORPARÁIDE AGUS CÁIN GNÓCHAN CAIPITIÚIL

CAIBIDIL 1

Léiriú

Alt

1. Léiriú (Cuid 1)

CAIBIDIL 2

Muirear Sóisialach Uilíoch

2. Leasú ar alt 531AN den Phríomh-Acht (ráta muirir)

CAIBIDIL 3

Cáin Ioncaim

3. Leasú ar alt 466A den Phríomh-Acht (creidmheas cánach cúramóra sa teaghais)
4. Leasú ar alt 472AB den Phríomh-Acht (creidmheas cánach ioncaim thuillte)
5. Creidmheas pearsanra cabhlaigh farraige
6. Sochar comhchineáil: ríomhaireachtaí astaíocht-bhunaithe
7. Leasú ar alt 204B den Phríomh-Acht (díolúine i leith cúiteamh do dheontóirí beo áirithe)
8. Leasú ar alt 205A den Phríomh-Acht (íocaíochtaí a bhaineann leis na Neachtlanna Maighdilíneacha)
9. Leasú ar alt 825C den Phríomh-Acht (clár faoisimh sannaí speisialta)
10. Leasú ar alt 823A den Phríomh-Acht (asbhaint i leith ioncam arna thuilleamh i stáit choigríche áirithe)
11. Leasú ar alt 128F den Phríomh-Acht (an clár um fhrúiliú fostaithe buntábhachtacha)
12. Leasú ar alt 1032 den Phríomh-Acht (srianta ar fhaoisimh áirithe)

13. Íocaíochtaí áirithe arna ndéanamh nó arna n-údarú ag an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach a dhíolmhú
14. Díolúine i leith íocaíochtaí liúntais oiliúna
15. Díolúine i leith íocaíochtaí áirithe a bhaineann le hoideachas
16. Leasú ar alt 477C den Phríomh-Acht (cabhair cheannaigh)
17. Leasú ar alt 774 den Phríomh-Acht (scéimeanna ceadaithe áirithe: díolúintí agus faoisimh)

CAIBIDIL 4

Cáin Ioncaim, Cáin Chorparáide agus Cáin Gnóchan Caipitiúil

18. Tionscnamh na Cathrach Beo
19. Leasú ar Chuid 11C den Phríomh-Acht (teorainneacha astaíocht-bhunaithe ar liúntais agus caiteachais chaipitiúla i leith feithiclí bóthair áirithe)
20. Leasú ar alt 81 den Phríomh-Acht (riail ghinearálta maidir le hasbhaintí)
21. Leasú ar Sceideal 4 a ghabhann leis an bPríomh-Acht (comhlachtaí stát-tionscanta neamhthráchtála sonraithe a dhíolmhú ó fhorálacha áirithe cánach)
22. Leasú ar alt 845C den Phríomh-Acht (mar a dhéileálfar le hionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1)
23. Leasú ar alt 130 den Phríomh-Acht (ábhair a ndéileálfar leo mar dháiltí)
24. Leasú ar Chuid 6 den Phríomh-Acht (dáiltí agus cáin iarchoimeáda díbhinne)
25. Leasú ar Chaibidil 2 de Chuid 29 den Phríomh-Acht (taighde eolaíochta agus taighde áirithe eile)
26. Leasú ar Chuid 16 den Phríomh-Acht (faoiseamh i leith infheistíocht i dtrádálacha corpraithe)
27. Praghsáil Aistrithe

CAIBIDIL 5

Cáin Chorparáide

28. Leasú ar alt 110 den Phríomh-Acht (urrúsú)
29. Leasú ar Chuid 25A den Phríomh-Acht (iontaobhais infheistíochta eastáit réadaigh)
30. Cistí eastáit réadaigh Éireannaigh
31. Neamhchomhfhreagairtí hibrideacha
32. Leasú ar alt 739J den Phríomh-Acht (comhpháirtíochtaí teoranta infheistíochta)
33. Leasú ar alt 1035A den Phríomh-Acht (foráil shaortha ar alt 1035)
34. Leasú ar Chuid 28 den Phríomh-Acht (ceannach agus díol urrús)

CAIBIDIL 6

Cáin Gnóchan Caipitiúil

35. Leasú ar alt 604B den Phríomh-Acht (faoiseamh i leith athstruchtúró feirme)
36. Leasú ar alt 616 den Phríomh-Acht (grúpaí cuideachtaí: léiriú)
37. Leasú ar alt 621 den Phríomh-Acht (idirbhearta díluachála i ngrúpa)
38. Leasú ar fhorálacha a bhaineann le cáin scuchta

CUID 2

MÁL

39. Rátaí cánach táirgí tobac
40. Leasú ar Chaibidil 1 de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 1999 agus ar Sceidil 2 agus 2A a ghabhann leis an Acht sin (cáin ola mianra)
41. Leasú ar Chaibidil 1 de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 1999 (cáin ola mianra)
42. Leasú ar alt 99A den Acht Airgeadais, 1999 (faoiseamh d'oibritheoirí cáilitheacha iompair de bhóthar)
43. Leasú ar alt 78A den Acht Airgeadais, 2003 (faoiseamh do ghrúdlanna beaga)
44. Leasú ar Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht Airgeadais, 2008 (cáin leictreachais)
45. Leasú ar alt 67 den Acht Airgeadais, 2010 (ráta cánach carbóin gáis nádúrtha)
46. Leasú ar alt 78 den Acht Airgeadais, 2010 agus ar Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht sin (cáin carbóin breosla sholadaigh)
47. Leasú ar Chaibidil 1 de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2002 (faoiseamh i leith dleacht ghealltóireachta)
48. Leasú ar alt 96 den Acht Airgeadais, 2001 (léiriú (Cuid 2))
49. Leasú ar alt 130 den Acht Airgeadais, 1992 (léiriú)
50. Leasú ar alt 132 den Acht Airgeadais, 1992 (dleacht mháil a mhuirearú)
51. Leasú ar alt 135C den Acht Airgeadais, 1992 (loghadh nó aisíoc i leith cáin cláraithe feithiclí, etc.)

CUID 3

CÁIN BHREISLUACHA

52. Léiriú (Cuid 3)
53. Leasú ar Chaibidil 1 de Chuid 8 den Phríomh-Acht (forálacha ginearálta)
54. Leasú ar alt 108 den Phríomh-Acht (taifid a iniúchadh agus a thabhairt chun siúil)
55. Leasú ar Chuid 2 de Sceideal 3 a ghabhann leis an bPríomh-Acht (earraí agus seirbhísí is inmhuirearaithe de réir an ráta laghdaithe)

CUID 4

DLEACHTANNA STAMPA

56. Léiriú (Cuid 4)
57. Leasú ar an ráta dleachta stampa ar mhaoin neamhchónaithe
58. Leasú ar alt 124B den Phríomh-Acht (préimheanna árachais saoil áirithe)
59. Leasú ar alt 125 den Phríomh-Acht (préimheanna árachais áirithe)
60. Leasú ar alt 126AA den Phríomh-Acht (tobhach breise ar fhorais airgeadais áirithe)
61. Scéimeanna comhshocraíochta cealúcháin

CUID 5

CÁIN FÁLTAS CAIPITIÚIL

62. Léiriú (Cuid 5)
63. Leasú ar alt 48 den Phríomh-Acht (mionnscríbhinní agus cuntais)
64. Leasú ar alt 86 den Phríomh-Acht (díolúine a bhaineann le teaghaisí áirithe)
65. Leasú ar Sceideal 2 a ghabhann leis an bPríomh-Acht (cáin a ríomh)

CUID 6

ILGHNÉITHEACH

66. Léiriú (Cuid 6)
67. Malartú uathoibríoch sainordaitheach faisnéise i ndáil le comhshocraíochtaí trasteorann intuairiscithe
68. Leasú ar Chuid 40A den Phríomh-Acht (achomhairc chun na gCoimisinéirí Achomharc)
69. Nósanna imeachta maidir le comhaontú frithpháirteach
70. Leasú ar alt 917K den Phríomh-Acht (cruachóipeanna)
71. Leasú ar alt 990 den Phríomh-Acht (an cháin atá dlite a mheasúnú)
72. Leasú ar alt 1001 den Phríomh-Acht (cáin etc. a bheith dlite de shealbhóir muirir shocraithe ar fhiacha leabhair de chuid cuideachta)
73. Leasú ar Sceideal 24A a ghabhann leis an bPríomh-Acht (socruithe arna ndéanamh ag an Rialtas le rialtas aon chríche lasmuigh den Stát i ndáil le faoiseamh ó chánachas dúbailte a thabhairt agus faisnéis a mhalartú i ndáil le cáin)
74. Leasuithe teicniúla ilghnéitheacha i ndáil le cáin
75. Cúram agus bainistiú cánacha agus dleachtanna
76. Gearrtheideal, forléiriú agus tosach feidhme

AN SCEIDEAL

LEASUITHE TEICNIÚLA ILGHNÉITHEACHA I NDÁIL LE CÁIN

NA HAHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

- An tAcht um Gheall-Chur, 1931 (Uimh. 27)
- An tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003 (Uimh. 1)
- An tAcht um Chúram Leanaí, 1991 (Uimh. 17)
- Acht na gCuideachtaí, 2014 (Uimh. 38)
- Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961 (Uimh. 39)
- An tAcht Cúirteanna Breithiúnais, 1924 (Uimh. 10)
- An tAcht Airgeadais (Uimh. 2), 2008 (Uimh. 25)
- An tAcht Airgeadais, 1992 (Uimh. 9)
- An tAcht Airgeadais, 1999 (Uimh. 2)
- An tAcht Airgeadais, 2001 (Uimh. 7)
- An tAcht Airgeadais, 2002 (Uimh. 5)
- An tAcht Airgeadais, 2003 (Uimh. 3)
- An tAcht Airgeadais, 2005 (Uimh. 5)
- An tAcht Airgeadais, 2008 (Uimh. 3)
- An tAcht Airgeadais, 2010 (Uimh. 5)
- An tAcht Airgeadais, 2017 (Uimh. 41)
- An tAcht Airgeadais, 2018 (Uimh. 30)
- An tAcht um Chomhpháirtíochtaí Teoranta Infheistíochta, 1994 (Uimh. 24)
- An tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005 (Uimh. 26)
- An tAcht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999 (Uimh. 31)
- An tAcht um Stocmhalartáin, 1995 (Uimh. 9)
- An tAcht um Thacaíocht do Mhic Léinn, 2011 (Uimh. 4)
- An tAcht Comharbais, 1965 (Uimh. 27)
- An tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (Uimh. 39)
- An tAcht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010 (Uimh. 31)
- An tAcht um Tharraingt Siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (Forálacha Iarmhartacha), 2019 (Uimh. 8)



AN tACHT AIRGEADAIS, 2019

[*An tiontú oifigiúil*]

Acht do dhéanamh socrú maidir le forchur, aisghairm, loghadh, athrú agus rialáil cánachais, dleachtanna stampa agus dleachtanna a bhaineann le mál agus do dhéanamh socrú breise thairis sin i dtaobh airgeadais lena n-áirítear rialáil custam.

[22 Nollaig 2019]

Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:

CUID 1

MUIREAR SÓISIALACH UILÍOCH, CÁIN IONCAIM, CÁIN CHORPARÁIDE AGUS CÁIN GNÓCHAN CAIPITIÚIL

CAIBIDIL 1

Léiriú

Léiriú (Cuid 1)

1. Sa Chuid seo, ciallaíonn “Príomh-Acht” an tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

CAIBIDIL 2

Muirear Sóisialach Uilíoch

Leasú ar alt 531AN den Phríomh-Acht (ráta muirir)

2. Leasaítear alt 531AN den Phríomh-Acht i bhfo-alt (4) trí “2021” a chur in ionad “2020”.

CAIBIDIL 3

Cáin Ioncaim

Leasú ar alt 466A den Phríomh-Acht (creidmheas cánach cúramóra sa teaghais)

3. (1) Leasaítear alt 466A den Phríomh-Acht i bhfo-alt (2) trí “€1,600” a chur in ionad “€1,500”.
(2) Beidh feidhm ag *fo-alt (1)* maidir leis an mbliain mheasúnachta 2020 agus maidir le gach bliain mheasúnachta dá héis.

Leasú ar alt 472AB den Phríomh-Acht (creidmheas cánach ioncaim thuillte)

4. (1) Leasaítear alt 472AB den Phríomh-Acht i bhfo-alt (2) trí “€1,500” a chur in ionad “€1,350” gach áit a bhfuil sé.
- (2) Beidh feidhm ag *fo-alt (1)* maidir leis an mbliain mheasúnachta 2020 agus maidir le gach bliain mheasúnachta dá héis.

Creidmheas pearsanra cabhlaigh farraige

5. (1) Leasaítear an Príomh-Acht—
- (a) in alt 458, trí “Alt 472BB” a chur isteach i ndiaidh “Alt 472BA” i gCuid 2 den Tábla a ghabhann leis an alt sin, agus
- (b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 472BA:

“Creidmheas pearsanra cabhlaigh farraige

472BB. (1) San alt seo—

ciallaíonn ‘lá ar muir’ tréimhse charnach 8 n-uaire an chloig laistigh d’aon tréimhse 24 huairé an chloig ar patról ar muir ar bord soitheach cabhlaigh;

ciallaíonn ‘soitheach cabhlaigh’ soitheach patróil cabhlaigh ar úinéireacht ag an Aire Cosanta;

ciallaíonn ‘pearsa aonair cháilitheach’ comhalta buan de chuid Sheirbhís Cabhlaigh na hÉireann a mbeidh 80 lá ar a laghad caite aige nó aici ar muir i dtréimhse iomchuí agus dualgais a fhostaíochta nó a fostaíochta á gcomhlíonadh aige nó aici;

ciallaíonn ‘tréimhse iomchuí’, i ndáil le bliain mheasúnachta, an bhliain mheasúnachta díreach roimhe sin.

- (2) Más rud é, don bhliain mheasúnachta 2020, gur pearsa aonair cháilitheach pearsa aonair—

(a) beidh sé nó sí i dteideal creidmheas cánach (ar a dtabharfar an ‘creidmheas pearsanra cabhlaigh farraige’) de €1,270, agus

(b) ní thabharfar faoiseamh faoi alt 472B nó 472BA i leith na bliana sin.”.

- (2) Beidh feidhm ag an alt seo maidir leis an mbliain mheasúnachta 2020.

Sochar comhchineáil: ríomhaireachtaí astaíocht-bhunaithe

6. (1) Leasaítear alt 121 den Phríomh-Acht—
- (a) i bhfo-alt (2)(b)(iv), trí “2022” a chur in ionad “2021”,
- (b) i bhfo-alt (2)(b)(vi), trí “2022” a chur in ionad “2021”,
- (c) i bhfo-alt (3), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (b):
- “(c) Tá an fo-alt seo faoi réir fho-alt (4A) don bhliain mheasúnachta 2023 agus do bhlianta measúnachta dá héis.”,

(d) i bhfo-alt (4), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (c):

“(d) Tá an fo-alt seo faoi réir fho-alt (4A) don bhliain mheasúnachta 2023 agus do bhlianta measúnachta dá héis.”,

agus

(e) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

“(4A) (a) Don bhliain mheasúnachta 2023 agus do bhlianta measúnachta dá héis, is í coibhéis airgid tairbhe cairr méid a chinnfear de réir na foirmle—

Margadhluach bunaidh x A

más rud é—

gur céatadán é A, bunaithe ar earnálacha feithiclí mar atá leagtha amach i dTábla B a ghabhann leis an bhfo-alt seo, a chinnfear de réir cholún (3), (4), (5), (6) nó (7), de réir mar a bheidh, de Thábla A a ghabhann leis an bhfo-alt seo.

(b) I dTábla A a ghabhann leis an bhfo-alt seo, aon chéatadán a thaispeántar i gcolún (3), (4), (5), (6) nó (7), de réir mar a bheidh, is é an céatadán is infheidhme é maidir le haon mhíleáiste gnó do bhliain mheasúnachta—

(i) is mó ná an íosteorainn (más ann) a thaispeántar i gcolún (1), agus

(ii) nach mó ná an uasteorainn (más ann) a thaispeántar i gcolún (2),

os coinne lua an chéatadáin sin i gcolún (3), (4), (5), (6) nó (7), de réir mar a bheidh.

(c) Más rud é, maidir le carr arb ina leith a bheidh feidhm ag an alt seo i ndáil le duine do bhliain mheasúnachta, nach mbeidh an carr sin ar fáil don duine ach ar feadh cuid den bhliain sin, is í coibhéis airgid thairbhe an chairr sin maidir leis an duine sin don bhliain sin méid a bhfuil idir é agus méid iomlán choibhéis airgid an chairr don bhliain sin (arna fhionnadh faoi mhír (a)) an chomhréir chéanna atá idir an chuid sin den bhliain agus an bhliain sin.

(d) Chun críocha an ailt seo, déantar tagairt leis na hearnálacha feithiclí atá leagtha amach i gcolún (1) de Thábla B a ghabhann leis an bhfo-alt seo do charr a bhfuil a astaíochtaí CO₂, arna gcinneadh de bhua alt 130 den Acht Airgeadais, 1992, leagtha amach san iontráil chomhréire i gcolún (2) de Thábla B a ghabhann leis an bhfo-alt seo.

TÁBLA A

An míleáiste gnó		Earnálacha Feithiclí				
an íosteorainn (1)	an uasteorainn (2)	A (3)	B (4)	C (5)	D (6)	E (7)
ciliméadair	ciliméadair	faoin gcéad	faoin gcéad	faoin gcéad	faoin gcéad	faoin gcéad

–	26,000	22.5	26.25	30	33.75	37.5
26,001	39,000	18	21	24	27	30
39,001	52,000	13.5	15.75	18	20.25	22.5
52,001	–	9	10.5	12	13.5	15

TÁBLA B

Earnáil Feithicle (1)	Astaíochtaí CO ₂ (CO ₂ g/km) (2)
A	0g/km suas le 59g/km agus é sin san áireamh
B	Níos mó ná 59g/km, suas le 99g/km, agus é sin san áireamh
C	Níos mó ná 99g/km, suas le 139g/km, agus é sin san áireamh
D	Níos mó ná 139g/km, suas le 179g/km, agus é sin san áireamh
E	Níos mó ná 179g/km

(2) Leasaítear alt 121A den Phríomh-Acht—

- (a) i bhfo-alt (2)(b)(iv), trí “2022” a chur in ionad “2021”,
- (b) i bhfo-alt (2)(b)(vi), trí “2022” a chur in ionad “2021”,
- (c) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) Is í coibhéis airgid tairbhe veain—

- (a) do bhliain mheasúnachta, seachas do bhliain mheasúnachta dá dtagraítear i mír (b), 5 faoin gcéad de mhargadhluach bunaidh na veain, agus
- (b) don bhliain mheasúnachta 2023 agus do bhlianta measúnachta dá héis, 8 faoin gcéad de mhargadhluach bunaidh na veain.”
- (d) i bhfo-alt (4), trí “mhír (b) d’fho-alt (3),” a scriosadh, agus
- (e) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

“(5) Más rud é, maidir le veain arb ina leith a bheidh feidhm ag an alt seo i ndáil le duine do bhliain mheasúnachta, nach mbeidh an veain sin ar fáil don duine ach ar feadh cuid den bhliain sin, is í coibhéis airgid thairbhe na veain sin maidir leis an duine sin don bhliain sin méid a bhfuil idir é agus méid iomlán choibhéis airgid na veain don bhliain sin (arna fhionnadh faoi fho-alt (3)) an chomhréir chéanna atá idir an chuid sin den bhliain agus an bhliain sin.”

- (3) Leasaítear an tAcht Airgeadais (Uimh. 2), 2008 in alt 6(1) trí mhíreanna (b)(ii), (c)(iii) agus (e) a scriosadh.

Leasú ar alt 204B den Phríomh-Acht (díolúine i leith cúiteamh do dheontóirí beo áirithe)

7. (1) Leasaítear alt 204B den Phríomh-Acht trí “nó maothán ae” a chur isteach i ndiaidh “duán”.
- (2) Measfar gur tháinig *fo-alt (1)* i ngníomh an 12 Márta 2019.

Leasú ar alt 205A den Phríomh-Acht (íocaíochtaí a bhaineann leis na Neachtlanna Maighdilíneacha)

8. (1) Leasaítear alt 205A den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “pearsa aonair iomchuí”:
- “ciallaíonn ‘pearsa aonair iomchuí’ pearsa aonair a mbeidh íocaíocht dá dtagraítear i mír (a) den mhíniú ar ‘íocaíocht iomchuí’ san fho-alt seo faighte aige nó aici.”
- (2) Measfar gur tháinig *fo-alt (1)* i ngníomh an 1 Lúnasa 2013.

Leasú ar alt 825C den Phríomh-Acht (clár faoisimh sannaí speisialta)

9. (1) Leasaítear alt 825C den Phríomh-Acht—
- (a) i bhfo-alt (2A), trí “2022” a chur in ionad “2020”, (b) i bhfo-alt (2B)(b)(i)—
- (i) i bhfochlásal (B), trí “na bliana cánach 2019 agus blianta cánach dá héis” a chur in ionad “na mblianta cánach 2019 agus 2020”, agus
- (ii) i bhfochlásal (C), trí “2020 agus blianta cánach dá héis” a chur in ionad “2020”, agus
- (c) i bhfo-alt (4)(b), trí “2022” a chur in ionad “2020”.
- (2) Beidh feidhm ag *fo-alt (1)* maidir leis an mbliain mheasúnachta 2020 agus maidir le gach bliain mheasúnachta dá héis.

Leasú ar alt 823A den Phríomh-Acht (asbhaint i leith ioncam arna thuilleamh i stáit choigríche áirithe)

10. Leasaítear alt 823A den Phríomh-Acht—
- (a) i bhfo-alt (1), sa mhíniú ar “stát iomchuí”, trí “2022” a chur in ionad “2020” gach áit a bhfuil sé, agus
- (b) i bhfo-alt (6), trí “2022” a chur in ionad “2020”.

Leasú ar alt 128F den Phríomh-Acht (an clár um fhrúiliú fostaithe buntábhachtacha)

11. (1) Leasaítear alt 128F den Phríomh-Acht—
- (a) i bhfo-alt (1)—
- (i) trí na mínithe seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar “cuideachta cháilitheach”:

“ciallaíonn ‘grúpa cáilitheach’, faoi réir fho-alt (2A), grúpa cuideachtaí arb éard atá ann na cuideachtaí seo a leanas (gan aon chuideachtaí eile a bheith ann):

- (a) cuideachta sealbhaíochta cháilitheach,
- (b) fochuideachta cháilitheach nó fochuideachtaí cáilitheacha dá cuid, agus
- (c) de réir mar a bheidh, fochuideachta iomchuí nó fochuideachtaí iomchuí dá cuid;

ciallaíonn ‘cuideachta sealbhaíochta cháilitheach’ cuideachta—

- (a) nach bhfuil faoi rialú, cibé acu go díreach nó go neamhdhíreach, ag cuideachta eile,
- (b) nach seolann trádáil nó trádálacha, agus
- (c) arb éard atá go hiomlán nó go formhór ina gnó scaireanna a shealbhú sna cuideachtaí seo a leanas amháin (agus ní in aon chuideachtaí eile), eadhon, fochuideachta cháilitheach nó fochuideachtaí cáilitheacha dá cuid, agus i gcás fochuideachta iomchuí nó fochuideachtaí iomchuí a bheith aici, san fhochuideachta sin nó i ngach ceann acu;”,

- (ii) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “pearsa aonair cháilitheach”:

“ciallaíonn ‘pearsa aonair cháilitheach’, i ndáil le scair-rogha cháilitheach, pearsa aonair atá, i gcaitheamh iomlán na tréimhse iomchuí—

- (a) i gcás grúpa cáilitheach, ina fhostaí nó ina fostaí nó ina stiúrthóir de chuid cuideachta cháilitheach laistigh den ghrúpa, agus a gceanglaítear air nó uirthi a bheith ag obair ar feadh 20 uair an chloig ar a laghad in aghaidh na seachtaine don chuideachta cháilitheach sin nó 75 faoin gcéad ar a laghad dá chuid ama oibre nó dá cuid ama oibre a chaitheamh leis an gcuideachta cháilitheach sin, agus
- (b) i gcás cuideachta cháilitheach nach comhalta de ghrúpa cáilitheach, ina fhostaí nó ina fostaí nó ina stiúrthóir de chuid na cuideachta cáilitheach, agus a gceanglaítear air nó uirthi a bheith ag obair ar feadh 20 uair an chloig ar a laghad in aghaidh na seachtaine don chuideachta cháilitheach nó 75 faoin gcéad ar a laghad dá chuid ama oibre nó dá cuid ama oibre a chaitheamh leis an gcuideachta cháilitheach;”,

- (iii) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “scair-rogha cháilitheach”:

“ciallaíonn ‘scair-rogha cháilitheach’ ceart arna dheonú d’fhostaí nó do stiúrthóir de chuid cuideachta cháilitheach chun líon réamhchinnte scaireanna a cheannach sa chuideachta cháilitheach nó, i gcás grúpa cáilitheach, sa chuideachta sealbhaíochta cháilitheach den ghrúpa cáilitheach, ar phraghas réamhchinnte, mar gheall ar fhostaíocht nó oifig na pearsan aonair sa chuideachta cháilitheach, más rud é—

- (a) maidir leis na scaireanna a fhéadfar a fháil tríd an scair-rogha a fheidhmiú, gur gnáthscaireanna láníoctha iad sa chuideachta cháilitheach nó, i gcás grúpa cáilitheach, sa chuideachta sealbhaíochta cháilitheach,
 - (b) nach lú an praghas rogha dáta an deonaithe ná margadhluach na haicme céanna scaireanna an tráth sin,
 - (c) go bhfuil conradh nó comhaontú scríofa i bhfeidhm ina sonraítear—
 - (i) an líon scaireanna agus tuairisc ar na scaireanna a fhéadfar a fháil tríd an scair-rogha a fheidhmiú,
 - (ii) an praghas rogha, agus
 - (iii) an tréimhse ar lena linn a fhéadfar na scair-roghanna a fheidhmiú,
 - (d) nach mó margadhluach iomlán na scaireanna go léir, arb ina leith atá scair-roghanna cáilitheacha deonaithe sa chuideachta cháilitheach nó, sa chuideachta sealbhaíochta cháilitheach, d’fhostaí nó do stiúrthóir, ná—
 - (i) €100,000 in aon bhliain mheasúnachta,
 - (ii) €300,000 sna blianta measúnachta go léir, nó
 - (iii) méid díolaíochtaí bliantúla na pearsan aonair cáilithe sa bhliain mheasúnachta ina ndeonaítear an scair-rogha cháilitheach,
 - (e) go bhfeidhmíonn an phearsa aonair cháilitheach an scair-rogha sa tréimhse iomchuí,
 - (f) go bhfuil na scaireanna i gcuideachta cháilitheach nó, i gcás grúpa cáilitheach, sa chuideachta sealbhaíochta cháilitheach, agus
 - (g) nach féidir an scair-rogha a fheidhmiú breis agus 10 mbliana ón dáta a dheonaítear an rogha sin;”,
- (iv) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar “scair-rogha cháilitheach”:
- “ciallaíonn ‘fochuideachta cháilitheach’, i ndáil le cuideachta sealbhaíochta cháilitheach, cuideachta arb ina leith atá breis agus 50 faoin gcéad dá gnáth-scairchaipiteal ar úinéireacht go díreach ag an gcuideachta sealbhaíochta cháilitheach;”,
- (v) trí “scair-rogha;” a chur in ionad “scair-rogha.” sa mhíniú ar “tréimhse iomchuí”, agus
- (vi) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar “tréimhse iomchuí”:
- “ciallaíonn ‘fochuideachta iomchuí’, i ndáil leis an gcuideachta sealbhaíochta cháilitheach, cuideachta arb ina leith atá breis agus 50 faoin gcéad dá gnáth-scairchaipiteal ar úinéireacht go neamhdhíreach ag an gcuideachta sealbhaíochta cháilitheach, ach chun críocha an ailt seo,

ní mheasfar gur cuideachta cháilitheach í fochuideachta iomchuí i ndáil le cuideachta sealbhaíochta cháilitheach.”

(b) i bhfo-alt (2)(b), trí “nó, i gcás grúpa cáilitheach, de ghnáth-scairchaipiteal na cuideachta sealbhaíochta cáilithí,” a chur isteach i ndiaidh “na cuideachta cáilithí”,

(c) i bhfo-alt (2), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (c):

“(c) i gcás go gceadófar do phearsa aonair cháilitheach scair-rogha cháilitheach a fheidhmiú d’ainneoin é nó í a bheith scortha de bheith ina fhostaí nó ina fostaí nó ina stiúrthóir de chuid cuideachta cháilitheach, measfar na ceanglais mar atá leagtha amach sa mhíniú ar ‘pearsa aonair cháilitheach’ i bhfo-alt (1) a bheith comhlionta ag an bpearsa aonair i leith na tréimhse nach bhfuil an phearsa aonair fostaithe ag cuideachta cháilitheach, i gcás go bhfeidhmeoidh an phearsa aonair an rogha laistigh de 90 lá ón dáta a scoirfidh an phearsa aonair den fhostaíocht nó den oifig lena mbaineann a shealbhu leis an gcuideachta cháilitheach.”

(d) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2)—

“(2A) Chun críocha an ailt seo, ní mheasfar gur grúpa cáilitheach é grúpa cuideachtaí ach amháin más rud é—

(a) i gcaitheamh iomlán na tréimhse iomchuí—

(i) go mbeidh aon chuideachta cháilitheach amháin ar a laghad sa ghrúpa ar fochuideachta cháilitheach í,

(ii) gurb éard a bheidh i ngníomhaíochtaí an ghrúpa cháilithigh, go hiomlán nó go formhór, gan an chuideachta sealbhaíochta cháilitheach a áireamh, trádáil cháilitheach a sheoladh,

(iii) gur cuideachta neamhluaithe a bheidh i ngach cuideachta sa ghrúpa cáilitheach agus nach mbeidh aon scaireanna, stoc ná bintiúir dá cuid liostaithe ar liosta oifigiúil stocmhalartáin, ná luaithe ar mhargadh urrús neamhliostaithe de stocmhalartán, seachas—

(I) ar an margadh ar a dtugtar Margadh na nUrrús Fiontraíochta de Stocmhalartán na hÉireann, nó

(II) ar aon mhargadh dá shamhail nó margadh comhréire den stocmhalartán—

(A) i gcríoch, seachas an Stát, a bhfuil socruithe, a bhfuil feidhm dlí acu de bhua alt 826(1), déanta lena rialtas, nó

(B) i stát de chuid LEE seachas an Stát,

agus

(iv) nach measfar gur cuideachta atá i gcruachás í gach cuideachta sa ghrúpa cáilitheach chun críocha na dTreoirínte ón gCoimisiún

maidir le Cúnamh Stáit chun gnóthais neamh-airgeadais atá i gcruachás a tharrtháil agus a athstruchtú¹,

agus

(b) gurb amhlaidh, an dáta a dheonaítear an scair-rogha cháilitheach—

(i) gur micrifhiontar, fiontar beag nó fiontar meánmhéide, de réir bhrí na hIarscríbhíne a ghabhann le Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003² maidir leis an míniú ar mhicrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide, é an grúpa cáilitheach, agus

(ii) nach mó ná €3,000,000 margadhluach iomlán scair-roghanna cáilitheacha na cuideachta sealbhaíochta cáilithí, is scair-roghanna a bheidh eisithe, ach nach mbeidh feidhmithe.”,

(e) trí fho-alt (4) a scríosadh,

(f) i bhfo-alt (5)—

(i) i mír (a), trí “nó, i gcás grúpa cáilitheach, na cuideachta sealbhaíochta cáilithí,” a chur isteach i ndiaidh “na cuideachta cáilithí”,

(ii) i mír (b), trí “nó, i gcás grúpa cáilitheach, sa chuideachta sealbhaíochta cháilitheach” a chur isteach i ndiaidh “sa chuideachta chéanna” agus trí “nó, i gcás grúpa cáilitheach, ar an gcuideachta sealbhaíochta cháilitheach,” a chur isteach i ndiaidh “ar an gcuideachta sin”,

(iii) i mír (c)(ii), trí “sa mhíniú” a chur in ionad “i míreanna (a) agus (b) den mhíniú”, agus

(iv) i mír (c), tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (iii):

“(iii) i gcaitheamh na tréimhse iomchuí, gur cuideachta cháilitheach í an chuideachta nó, i gcás grúpa cáilitheach, gur cuideachta sealbhaíochta cháilitheach í an chuideachta sealbhaíochta.”,

(g) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (7):

“(7) Más rud é, in aon bhliain mheasúnachta, go ndeonóidh cuideachta cháilitheach scair-rogha cháilitheach faoin alt seo, go leithroinnfidh sí aon scaireanna nó go n-aistroidh sí aon sócmhainn de bhun ceart den sórt sin, nó go dtabharfaidh sí aon chomaoin as ceart den sórt sin a shannadh nó a scaoileadh go hiomlán nó go páirteach, nó go bhfaighidh sí fógra i dtaobh sannadh cirt den sórt sin a bheith déanta, déanfaidh an chuideachta cháilitheach sonraí faoi sin a sheachadadh ar na Coimisinéirí Ioncaim, i bhformáid a cheadóidh siad, tráth nach déanaí ná an 31 Márta sa bhliain mheasúnachta i ndiaidh na bliana sin.”,

(h) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (7):

1 IO Uimh. C249, 31.7.2014, lch. 1

2 IO Uimh. L124, 20.5.2003, lch. 36

“(7A) Más rud é, in aon bhliain mheasúnachta, go ndeonóidh cuideachta laistigh de ghrúpa cáilitheach scair-rogha cháilitheach faoin alt seo, go leithroinnfidh sí aon scaireanna nó go n-aistroidh sí aon sócmhainn de bhun ceart den sórt sin, nó go dtabharfaidh sí aon chomaoin as ceart den sórt sin a shannadh nó a scaoileadh go hiomlán nó go páirteach, nó go bhfaighidh sí fógra i dtaobh sannadh cirt den sórt sin a bheith déanta, déanfaidh cuideachta cháilitheach a bheidh sainainmnithe ag an ngrúpa cáilitheach sonraí faoi sin a sheachadadh thar ceann an ghrúpa cháilitheach ar na Coimisinéirí Ioncaim, i bhformáid a cheadóidh siad, tráth nach déanaí ná an 31 Márta sa bhliain mheasúnachta i ndiaidh na bliana sin.”

(i) i bhfo-alt (8)—

(i) trí “, nó, de réir mar a bheidh, gach grúpa cáilitheach” a chur isteach i ndiaidh “gach cuideachta cháilitheach”, agus

(ii) i mír (a), trí “nó, i gcás grúpa cáilitheach, ainm gach comhalta de agus déanfar tagairt ina dhiaidh seo san fho-alt seo do ‘cuideachta’ a fhorléiriú, de réir mar is cuí, mar thagairt a fholaíonn tagairt do gach comhalta den sórt sin” a chur isteach i ndiaidh “cuideachta”,

(j) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (10):

“(10) Ní mheasfar gur cuideachta cháilitheach nó, de réir mar a bheidh, grúpa cáilitheach cuideachta nó grúpa chun críocha an ailt seo i gcás go mainneoidh an chuideachta, nó i gcás grúpa cáilitheach, an chuideachta a shainainmneofar chun críocha fho-alt (7A), fo-alt (7) nó (7A) a chomhlíonadh”,

agus

(k) i bhfo-alt (11), trí “i gcuideachta cháilitheach” a chur in ionad “sa chuideachta cháilitheach”.

(2) Tiocfaidh *fo-alt (1)* i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú nó le horduithe, i gcoitinne nó i leith forálacha nó críocha éagsúla.

Leasú ar alt 1032 den Phríomh-Acht (srianta ar fhaoisimh áirithe)

12. (1) Leasaítear alt 1032 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (2)(c), trí “, nó den Ríocht Aontaithe,” a chur isteach i ndiaidh “de na Comhphobail Eorpacha”, agus

(b) i bhfo-alt (3), trí “, nó sa Ríocht Aontaithe,” a chur isteach i ndiaidh “de na Comhphobail Eorpacha”.

(2) Beidh feidhm ag *fo-alt (1)* ón lá (ag an am a cheapfar air sin chuige sin faoin gcéad Acht eile a luafar) a thiocfaidh Cuid 6 den Acht um Tharraingt Siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (Forálacha Iarmhartacha), 2019 i ngníomh.

Íocaíochtaí áirithe arna ndéanamh nó arna n-údarú ag an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach a dhíolmhú

13. (1) Leasaítear Caibidil 1 de Chuid 7 den Phríomh-Acht—

- (a) trí alt 192B a scriosadh, agus
 (b) tríd an alt seo a leanas a chur isteach:

“Íocaíochtaí áirithe arna ndéanamh nó arna n-údarú ag an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach a dhíolmhú

192BA. (1) San alt seo—

ciallaíonn ‘cúramóir’, i ndáil le pearsa aonair, duine is tuismitheoir altrama nó is gaol nó ba thuismitheoir altrama nó ba ghaol leis an bpearsa aonair nó a bhfuil an phearsa aonair faoina chúram nó faoina cúram thar ceann na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach;

tá le ‘tuismitheoir altrama’ an bhrí a shanntar dó sna Rialacháin um Chúram Leanaí (Leanaí a Shuíomh i gCúram Altrama), 1995 (I.R. Uimh. 260 de 1995);

ciallaíonn ‘Aire’ an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige;

ciallaíonn ‘íocaíocht cháilitheach’ íocaíocht—

- (a) (i) a thuairiscítear i gcolún (1) den Tábla a ghabhann leis an alt seo,
 (ii) a íoctar ar bhonn a shonraítear i gcolún (2) den Tábla sin, agus
 (iii) a dhéanann nó a údaráíonn an Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach thar ceann an Aire,
 nó

- (b) a dhéantar de réir dlí aon Bhallstáit eile agus a fhreagraíonn d’íocaíocht dá dtagraítear i mír (a);

ciallaíonn ‘duine cáilitheach’ cúramóir, tuismitheoir altrama, gaol nó aon phearsa aonair eile a ndéantar íocaíocht cháilitheach leis nó léi;

tá le ‘gaol’ an bhrí a shanntar dó sna Rialacháin um Chúram Leanaí (Leanaí a Shuíomh le Gaolta), 1995 (I.R. Uimh. 261 de 1995).

- (2) Beidh íocaíocht cháilitheach a dhéanfar le duine cáilitheach an 1 Eanáir 2020 nó dá éis díolmhaithe ó cháin ioncain agus ní áireofar í le linn ioncam iomlán an duine cháilithigh a ríomh chun críocha na nAchtanna Cánach Ioncain.
- (3) Déileálfar le híocaíocht cháilitheach a dhéanfar le duine cáilitheach roimh an 1 Eanáir 2020 amhail is dá mbeadh sí díolmhaithe ó cháin ioncain sa bhliain mheasúnachta ina ndéanfar í agus ní áireofar í le linn ioncam iomlán an duine cháilithigh i leith na bliana measúnachta sin a ríomh chun críocha na nAchtanna Cánach Ioncain.

TÁBLA

Tuairisc na híocaíochta (1)	An bonn ar a ndéantar an íocaíocht (2)
--------------------------------	---

Liúntas Altrama	Na Rialacháin um Chúram Leanaí (Leanaí a Shuíomh i gCúram Altrama), 1995Alt 39, An tAcht um Chúram Leanaí, 1991Na Rialacháin um Chúram Leanaí (Leanaí a Shuíomh le Gaolta), 1995 Alt 36, An tAcht um Chúram Leanaí, 1991Alt 41, An tAcht um Chúram Leanaí, 1991
Liúntas Altrama Méadaithe	Na Rialacháin um Chúram Leanaí (Leanaí a Shuíomh i gCúram Altrama), 1995Alt 39, An tAcht um Chúram Leanaí, 1991Na Rialacháin um Chúram Leanaí (Leanaí a Shuíomh le Gaolta), 1995 Alt 36, An tAcht um Chúram Leanaí, 1991Alt 41, An tAcht um Chúram Leanaí, 1991
An Liúntas um Iostais Chothaithe do Leanaí faoi Chúram	Alt 36(1)(d), An tAcht um Chúram Leanaí, 1991
Liúntas Iarchúraim	Alt 45, An tAcht um Chúram Leanaí, 1991
Tacaíocht Airgeadais Bhreise Iarchúraim	Alt 45, An tAcht um Chúram Leanaí, 1991
Liúntas Cothabhála i leith Uchtála	Ailt 6 agus 44, An tAcht um Chúram Leanaí, 1991
Iostais Chothaithe do Leanaí	Alt 5, An tAcht um Chúram Leanaí, 1991

(2) Leasaítear alt 192BA(1) den Phríomh-Acht (arna chur isteach le *fo-alt (1)(b)*), i mír (b) den mhíniú ar “íocaíocht cháilitheach”, trí “aon Bhallstáit eile nó de réir dhlí na Ríochta Aontaithe” a chur in ionad “aon Bhallstáit eile”.

(3) Tiocfaidh *fo-alt (2)* i ngníomh cibé lá a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú.

Díolúine i leith íocaíochtaí liúntais oiliúna

14. Leasaítear Caibidil 1 de Chuid 7 den Phríomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 192F (a chuirtear isteach leis an Acht seo):

“Díolúine i leith íocaíochtaí liúntais oiliúna

192G.(1) San alt seo—

ciallaíonn ‘Aire’ an tAire Oideachais agus Scileanna;

ciallaíonn ‘íocaíocht cháilitheach’, íocaíocht, dá ngairtear i gcoitinne agus ar a dtugtar de ghnáth liúntas oiliúna breisoideachais, a dhéanann an tAire nó a dhéantar thar ceann an Aire le pearsa aonair cháilitheach—

- (a) a bhfuil cúrsa breisoideachais agus oiliúna ceadaithe á dhéanamh aige nó aici faoi scéim nó faoi scéimeanna (a ngairtear ‘an scéim iomchuí’ di nó de gach ceann acu sa mhíniú ar ‘pearsa aonair cháilitheach’ san fho-alt seo) a riarann an tAire nó a riartar thar ceann an Aire, agus
- (b) a mbeadh íocaíocht á fáil aige nó aici nó a bheadh cáilithe le haghaidh íocaíocht ón Aire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí mura mbeadh cúrsa den sórt sin á dhéanamh aige nó aici;
- ciallaíonn ‘pearsa aonair cháilitheach’ pearsa aonair a chomhlíonann coinníollacha na scéime iomchuí a shonróidh an tAire agus an tAire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí ó am go ham.
- (2) Beidh íocaíocht cháilitheach a dhéanfar le pearsa aonair cháilitheach an 1 Eanáir 2020 nó dá éis díolmhaithe ó cháin ioncain agus ní áireofar í le linn ioncam iomlán na pearsan aonair cáilithí a ríomh chun críocha na nAchtanna Cánach Ioncain.
- (3) Déileálfar le híocaíocht cháilitheach a dhéanfar le pearsa aonair cháilitheach roimh an 1 Eanáir 2020 amhail is dá mbeadh sí díolmhaithe ó cháin ioncain sa bhliain mheasúnachta lena mbainfidh sí agus ní áireofar í le linn ioncam iomlán na pearsan aonair cáilithí don bhliain mheasúnachta sin a ríomh chun críocha na nAchtanna Cánach Ioncain.”.

Díolúine i leith íocaíochtaí áirithe a bhaineann le hoideachas

15. (1) Leasaítear Caibidil 1 de Chuid 7 den Phríomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 192E:

“Díolúine i leith íocaíochtaí áirithe a bhaineann le hoideachas

192F.(1) San alt seo—

ciallaíonn ‘an tAcht’ an tAcht um Thacaíocht do Mhic Léinn, 2011;

tá le ‘údarás dámhachtana’ an bhrí chéanna atá leis san Acht;

tá le ‘deontas’ an bhrí chéanna atá leis san Acht;

ciallaíonn ‘Aire’ an tAire Oideachais agus Scileanna;

tá le ‘mac léinn’ an bhrí chéanna atá leis san Acht.

- (2) Tá feidhm ag an alt seo—

(a) maidir le híocaíocht arna déanamh ag údarás dámhachtana le mac léinn, nó i leith mac léinn, de réir scéim nó scéimeanna deontas—

(i) arna déanamh nó arna ndéanamh ag an Aire faoin Acht, nó

(ii) arna daingniú nó arna ndaingniú faoi alt 29 den Acht,

nó

(b) maidir le híocaíocht arna déanamh—

(i) de réir dlí Ballstáit (seachas an Stát), agus

- (ii) a fhreagraíonn d'íocaíocht dá dtagraítear i mír (a).
- (3) Aon íocaíocht lena mbaineann an t-alt seo, a dhéanfar an 1 Eanáir 2020 nó dá éis, beidh sí díolmhaithe ó cháin ioncaim agus ní áireofar í le linn ioncam iomlán a ríomh chun críocha na nAchtanna Cánach Ioncaim.
- (4) Déileálfar le híocaíocht lena mbaineann an t-alt seo, a dhéanfar roimh an 1 Eanáir 2020, amhail is dá mbeadh sí díolmhaithe ó cháin ioncaim sa bhliain mheasúnachta lena mbainfidh sí agus ní áireofar í le linn ioncam iomlán a ríomh chun críocha na nAchtanna Cánach Ioncaim.”.
- (2) Leasaítear alt 192F den Phríomh-Acht (a chuirtear isteach le *fo-alt (1)*), i bhfo-alt (2)(b) (i), trí “nó sa Ríocht Aontaithe” a chur isteach i ndiaidh “(seachas an Stát)”.
- (3) Tiofadh *fo-alt (2)* i ngníomh cibé lá a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú.

Leasú ar alt 477C den Phríomh-Acht (cabhair cheannaigh)

16. Leasaítear alt 477C den Phríomh-Acht—

- (a) i bhfo-alt (1), sa mhíniú ar “tréimhse cháilitheach”, trí “2021” a chur in ionad “2019”,
- (b) i bhfo-alt (8)(b), trí “2017 go 2021” a chur in ionad “2017, 2018 nó 2019”,
- (c) i bhfo-alt (16)(a)—
 - (i) i bhfomhír (ii), trí “2021” a chur in ionad “2019”, agus
 - (ii) i bhfomhír (iii), trí “2021” a chur in ionad “2019”,
 agus
- (d) i bhfo-alt (25), trí “2021” a chur in ionad “2019”.

Leasú ar alt 774 den Phríomh-Acht (scéimeanna ceadaithe áirithe: díolúintí agus faoisimh)

17. Leasaítear alt 774(6) den Phríomh-Acht—

- (a) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (a):
 - “(aa) Chun críocha an ailt seo—
 - ciallaíonn ‘ranníocóir iomchuí’ cuideachta (‘an chuideachta chéadluaite’) a íocann ranníocaí faoi scéim cheadaithe dhíolmhaithe chun tairbhe do chomhaltaí den scéim nach fostaithe dá cuid iad, más rud é—
 - (i) go n-íoctar na ranníocaí faoi théarmaí comhaontaithe ina bhfuil ceangal dlí idir an chuideachta chéadluaite agus cuideachta eile nó cuideachtaí eile,
 - (ii) go ndearnadh an comhaontú—
 - (I) idir 2 chuideachta nó níos mó (lena n-áirítear an chuideachta chéadluaite) laistigh de ghrúpa,
 - (II) faoi scéim athchóirithe nó cónasctha,

(III) faoi chumasc,

(IV) faoi dheighilt, nó

(V) faoi chomhfhiontar,

(iii) gur fostaithe reatha nó iarfhostaithe de cheann de na páirtithe sa chomhaontú sin iad na comhaltaí den scéim, agus

(iv) go mbeadh na ranníocaí cáilithe le haghaidh faoiseamh faoi mhír (c) dá mba fhostaithe den chuideachta chéadluaite iad na comhaltaí den scéim;

ciallaíonn ‘grúpa’ 2 chuideachta nó níos mó a chomhlíonann na coinníollacha le haghaidh grúpfhaoiseamh faoi alt 411;

tá le ‘scéim athchóirithe nó cónasctha’ an bhrí chéanna atá leis in alt 615;

tá le ‘cumasc’ agus ‘deighilt’ an bhrí chéanna atá leo in alt 638A;

ciallaíonn ‘comhfhiontar’ comhaontú idir 2 chuideachta nó níos mó, seachas laistigh de ghrúpa.”,

agus

(b) i mír (b), trí “nó ag ranníocóir iomchuí” a chur isteach i ndiaidh “fostóir”.

CAIBIDIL 4

Cáin Ioncaim, Cáin Chorparáide agus Cáin Gnóchan Caipitiúil

Tionscnamh na Cathrach Beo

18. Leasaítear an Príomh-Acht—

(a) in alt 372AAA, sa mhíniú ar “tréimhse cháilitheach”, trí “an 31 Nollaig 2022;” a chur in ionad “5 bliana tar éis an dáta sin;”, agus

(b) in alt 372AAD, sa mhíniú ar “tréimhse cháilitheach iomchuí”, trí “an 31 Nollaig 2022;” a chur in ionad “an 4 Bealtaine 2020;”.

Leasú ar Chuid 11C den Phríomh-Acht (teorainneacha astaíocht-bhunaithe ar liúntais agus caiteachais chaipitiúla i leith feithiclí bóthair áirithe)

19. (1) Leasaítear an Príomh-Acht i gCuid 11C—

(a) in alt 380L—

(i) i bhfo-ailt (3)(a), (4)(a), (5)(a)(I) agus (6)(a), trí “A nó B” a chur in ionad “A, B nó C” gach áit a bhfuil sé,

(ii) i bhfo-ailt (3)(b), (4)(b), (5)(a)(II) agus (6)(b), trí “C” a chur in ionad “D nó E” gach áit a bhfuil sé, agus

(iii) i bhfo-ailt (3)(c), (4)(c), (5)(a)(III) agus (6)(c), trí “D, E, F nó G” a chur in ionad “F nó G” gach áit a bhfuil sé,

agus

- (b) in alt 380M—
 - (i) i mír (a), trí “A nó B” a chur in ionad “A, B nó C”,
 - (ii) i mír (b), trí “C” a chur in ionad “D nó E”, agus
 - (iii) i mír (c), trí “D, E, F nó G” a chur in ionad “F nó G”.
- (2) Beidh feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le caiteachas arna thabhtú ar sholáthar nó ar fhrúiliú feithicle an 1 Eanáir 2021 nó dá éis, ach amháin más rud é, roimh an dáta sin—
 - (a) go ndearnadh an Conradh chun an fheithicil a fhrúiliú, agus
 - (b) go ndearnadh an chéad íocaíocht a ceanglaíodh a dhéanamh faoin gconradh sin.

Leasú ar alt 81 den Phríomh-Acht (riail ghinearálta maidir le hasbhaintí)

20. (1) Leasaítear alt 81 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (2)—

- (i) i mír (o), trí “sin;” a chur in ionad “sin.”, agus
- (ii) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (o):

“(p) aon chánacha ar ioncam.”,

agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(4) San alt seo, ciallaíonn ‘fiacha amhrasacha a mhéid a mheastar faoi seach gur drochfhiacha iad sin’, i leith cuideachta, caillteanais lagaithe arna ríomh de réir cleachtas cuntasáíochta a bhfuil glacadh coitianta leis.”.

- (2) Measfar feidhm a bheith ag *fo-alt (1)(b)* maidir le tréimhsí cuntasáíochta dar thosach an 1 Eanáir 2018 nó dá éis.

Leasú ar Sceideal 4 a ghabhann leis an bPríomh-Acht (comhlachtaí stát-tionscanta neamhthráchtála sonraithe a dhíolmhú ó fhorálacha áirithe cánach)

21. (1) Leasaítear Sceideal 4 a ghabhann leis an bPríomh-Acht—

(a) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 20A:

“20B. Sláinte Leanaí Éireann.”,

(b) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 35:

“35A. Fiontraíocht Éireann.”,

agus

(c) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 74A:

“74AA. Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe na Gníomhaireachta Cúltaca Ola Náisiúnta.”.

- (2) (a) Measfar éifeacht a bheith le *mír (a) d'fho-alt (1)* ón 4 Nollaig 2018.
- (b) Measfar éifeacht a bheith le *mír (b) d'fho-alt (1)* ón 23 Iúil 1998.
- (c) Measfar éifeacht a bheith le *mír (c) d'fho-alt (1)* ón 1 Eanáir 2020.

Leasú ar alt 845C den Phríomh-Acht (mar a dhéileálfar le hionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1)

22. Leasaítear alt 845C den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínte ar “ionstraim Chaipiteal Breise Leibhéal 1”:

“ciallaíonn ‘ionstraim Chaipiteal Breise Leibhéal 1’ ionstraim—

- (a) a cháilíonn, nó a cháiligh, mar ionstraim Chaipiteal Breise Leibhéal 1 faoi Airteagal 52 den Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil, nó
- (b) is ionstraim nach bhfuil eisithe ag foras de réir bhrí Airteagal 4 den Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil ach a chomhlíonann coinníollacha atá coibhéiseach, fara aon mhodhnú is gá orthu de bhua nach bhfuil an ionstraim eisithe ag foras réamhráite, leis na coinníollacha atá sonraithe in Airteagal 52 den Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil;”.

Leasú ar alt 130 den Phríomh-Acht (ábhair a ndéileálfar leo mar dháilí)

23. (1) Leasaítear alt 130 den Phríomh-Acht—

- (a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2B):

“(2B) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (2)(d)(iv) maidir le hús, seachas ús lena mbaineann alt 452 nó 845A, a íocfar le cuideachta ar cónaitheoir í—

- (a) i mBallstát, seachas an Stát, nó

- (b) sa Ríocht Aontaithe,

agus, chun críocha an fho-ailt seo—

- (i) is cónaitheoir i mBallstát í cuideachta má tá cónaí ar an gcuideachta, de bhua dhlí an Bhallstáit sin, chun críoch cánach (arb aon cháin í a fhorchuirtear sa Bhallstát agus a fhreagraíonn do cháin chorparáide sa Stát) sa Bhallstát sin, agus
- (ii) is cónaitheoir sa Ríocht Aontaithe í cuideachta má tá cónaí ar an gcuideachta, de bhua dhlí na Ríochta Aontaithe, chun críoch cánach (arb aon cháin í a fhorchuirtear sa Ríocht Aontaithe agus a fhreagraíonn do cháin chorparáide sa Stát) sa Ríocht Aontaithe.”.

agus

- (b) i bhfo-alt (3)(d), sa mhíniú ar “Ballstát iomchuí”—

- (i) i bhfomhír (i), trí “nó” a scriosadh,

- (ii) i bhfomhír (ii), trí “rialtas, nó” a chur in ionad “rialtas.”, agus

- (iii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (ii):

“(iii) an Ríocht Aontaithe.”.

- (2) Beidh feidhm ag an alt seo ón lá (ag an am a cheapfar air sin chuige sin faoin gcéad Acht eile a luafar) a thiocfaidh Cuid 6 den Acht um Tharraingt Siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (Forálacha Iarmhartacha), 2019 i ngníomh.

Leasú ar Chuid 6 den Príomh-Acht (dáiltí agus cáin iarchoimeádta díbhinne)

24. (1) Leasaítear an Príomh-Acht—

(a) in alt 153(6)(a), trí “25 faoin gcéad” a chur in ionad “an ráta caighdeánach”,

(b) in alt 172A(1)(a)—

- (i) sa mhíniú ar “cáin iarchoimeádta díbhinne”, trí “ráta 25 faoin gcéad” a chur in ionad “an ráta caighdeánach a bheidh i bhfeidhm an tráth a dhéanfar an dáileadh iomchuí”,
- (ii) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “uimhir thagartha cánach”:

“ciallaíonn ‘uimhir thagartha cánach’—

- (i) i gcás pearsa aonair a bhfuil cónaí air nó uirthi, nó a raibh cónaí air nó uirthi, sa Stát, an Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (de réir bhrí alt 262 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005) atá eisiithe chuig an bpearsa aonair,
- (ii) i gcás duine, nach duine lena mbaineann fómhír (i), nó comhlacht eile atá laistigh de réim cánach ioncaim nó cánach corparáide sa Stát, an uimhir thagartha a luaitear ar aon fhoirm tuairisceáin ioncaim nó fógra measúnachta a eiseoidh oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim chuig an duine nó chuig an gcomhlacht eile, agus
- (iii) i gcás aon duine eile nó aon chomhlacht eile, an uimhir thagartha a luaitear ar aon fhoirm tuairisceáin ioncaim nó fógra measúnachta arna heisiúint nó arna eisiúint chuig an duine nó chuig an gcomhlacht, nó aon uimhir thagartha eile arna leithroinnt ar an duine nó ar an gcomhlacht, chun críoch cánach ioncaim nó cánach corparáide nó aon chánach a fhreagraíonn do cháin ioncaim nó do cháin chorparáide, ag údarás cánach na tíre ina bhfuil cónaí ar an duine sin nó ar an gcomhlacht eile sin chun críoch cánach ioncaim nó cánach corparáide nó aon chánach a fhreagraíonn do cháin ioncaim nó do cháin chorparáide;”,

agus

- (iii) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar “uimhir thagartha cánach”:

“ciallaíonn ‘íocóir deiridh’ an chuideachta, an gníomhaire iarchoimeádta údaraithe, an t-idirghabhálaí cáilitheach nó duine eile a bhfuil dáileadh iomchuí, nó méid nó sócmhainn eile in ionannas dáileadh iomchuí, infhaighte uaithe nó uaidh ag an duine

ag a bhfuil teideal tairbhiúil chun an dáilte dá dtagraítear i mír (a), (b), (c) nó (d), de réir mar a bheidh, d’alt 172BA(1).”,

agus

(c) tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 172B:

“Oibleagáid ar dhaoine áirithe uimhreacha tagartha cánach daoine a fháil is daoine ag a bhfuil teideal tairbhiúil chun dáiltí iomchuí

172BA. (1) Maidir le dáiltí iomchuí a dhéanfar an 1 Eanáir 2021 nó dá éis—

- (a) i gcás go ndéanfaidh cuideachta an dáileadh iomchuí go díreach chuig an duine ag a bhfuil teideal tairbhiúil chun an dáilte iomchuí, déanfaidh an chuideachta a dhéanfaidh an dáileadh iomchuí,
- (b) i gcás nach ndéanfaidh cuideachta an dáileadh iomchuí go díreach chuig an duine ag a bhfuil teideal tairbhiúil chun an dáilte iomchuí ach go ndéanfar an dáileadh iomchuí chuig an duine sin trí ghníomhaire iarchoimeáda údaráithe, déanfaidh an ghníomhaire iarchoimeáda údaráithe óna bhfuil an dáileadh iomchuí, nó méid nó sócmhainn eile in ionannas an dáilte iomchuí, infhaighte ag an duine ag a bhfuil teideal tairbhiúil chun an dáilte,
- (c) i gcás nach ndéanfaidh cuideachta an dáileadh iomchuí go díreach chuig an duine ag a bhfuil teideal tairbhiúil chun an dáilte iomchuí ach go ndéanfar an dáileadh iomchuí chuig an duine sin trí idirghabhálaí cáilitheach amháin nó níos mó, déanfaidh an t-idirghabhálaí cáilitheach óna bhfuil an dáileadh iomchuí, nó méid nó sócmhainn eile in ionannas an dáilte iomchuí, infhaighte ag an duine ag a bhfuil teideal tairbhiúil chun an dáilte, agus
- (d) i gcás nach ndéanfaidh cuideachta an dáileadh iomchuí go díreach chuig an duine ag a bhfuil teideal tairbhiúil chun an dáilte iomchuí ach go ndéanfar an dáileadh iomchuí chuig an duine sin trí aon duine amháin eile nó níos mó nach bhfuil, nó nach bhfuil gach duine acu, nó nach bhfuil aon duine acu, ina idirghabhálaí cáilitheach nó ina hidirghabhálaí cáilitheach, déanfaidh an duine óna bhfuil an dáileadh iomchuí, nó méid nó sócmhainn eile in ionannas an dáilte iomchuí, infhaighte ag an duine ag a bhfuil teideal tairbhiúil chun an dáilte,

sula ndéanfar dáileadh iomchuí den sórt sin agus i leith gach duine ag a bhfuil teideal tairbhiúil chun dáilte iomchuí den sórt sin, na bearta réasúnacha go léir chun uimhir thagartha cánach an duine sin a fháil agus coimeádfaidh sé nó sí mar thaifead an uimhir thagartha cánach sin, agus beidh feidhm ag alt 886 i ndáil leis an taifead sin mar atá feidhm aige i ndáil le taifid de réir bhrí an ailt sin.

- (2) Cinnteoidh an t-íocóir deiridh go gcomhlíonfar Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir

le Cosaint Sonraí nuair a bheidh ceanglais fho-alt (1) á gcomhlíonadh ag an íocóir deiridh.”.

(2) Beidh éifeacht le *fo-alt (1)* ón 1 Eanáir 2020.

Leasú ar Chaibidil 2 de Chuid 29 den Phríomh-Acht (taighde eolaíochta agus taighde áirithe eile)

25. (1) Leasaítear alt 765(1) den Phríomh-Acht—

(a) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) go dtabhóidh sé nó sí caiteachas caipitiúil ar thaighde eolaíochta—

(i) seachas ar fhoirgneamh nó ar dhéanmhas, nó

(ii) ar aon fhoirgneamh nó déanmhas sa mhéid amháin gur taighde eolaíochta foirgníocht nó forbairt foirgnimh nó déanmhais den sórt sin,”

agus

(b) i mír (c), trí “ar an gcigire” a scriosadh.

(2) Leasaítear alt 766 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1)—

(i) i mír (a)—

(I) i bhfomhír (ii) den mhíniú ar “caiteachas ar thaighde agus forbairt”, trí “nó faoin gCaibidil seo” a scriosadh agus

(II) i bhfomhír (ii) den mhíniú ar “tréimhse iomchuí”, trí “a aighneofar” a chur in ionad “a thabharfar don chigire cuí”,

(ii) i mír (b)—

(I) i bhfomhír (v)—

(A) i gclásal (I), trí “nó an tAontas Eorpach” a chur isteach i ndiaidh “Ballstát iomchuí eile”,

(B) i gclásal (II), trí “Ballstát iomchuí eile nó foras, oifig, gníomhaireacht nó comhlacht eile de chuid an Aontais Eorpaigh, nó” a chur in ionad “Ballstáit iomchuí eile;”, agus

(C) tríd an gclásal seo a leanas a chur isteach i ndiaidh chlásal (II):

“(III) stát, seachas an Stát nó Ballstát dá dtagraítear i gclásal (I), agus aon bhord, údarás, foras, oifig, gníomhaireacht nó comhlacht eile sa stát sin;”,

(II) i bhfomhír (vii), trí “15” a chur in ionad “5”, agus

(III) i bhfomhír (viii)(II), trí “, sula déanfar an íocaíocht nó an dáta a dhéanfar an íocaíocht,” a chur isteach i ndiaidh “fógra i scríbhinn a thabhairt don duine sin”,

agus

(iii) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (b):

“(c) Sa Chaibidil seo, ciallaíonn ‘micreachuideachta nó cuideachta bheagmhéide iomchuí’ cuideachta is micrifhiontar nó fiontar beagmhéide de réir bhrí na hIarscríbhíne a ghabhann le Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003³ maidir leis an míniú ar mhicrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide.”,

(b) i bhfo-alt (1A)(a), trí “nó faoin gCaibidil seo” a scriosadh,

(c) i bhfo-alt (2)—

(i) trí “chuig an gcigire cuí” a scriosadh, agus

(ii) trí “, nó 30 faoin gcéad i gcás gur micreachuideachta nó cuideachta bheagmhéide iomchuí an chuideachta sin,” a chur isteach i ndiaidh “25 faoin gcéad”,

(d) i bhfo-alt (2A)(a), trí “chuig an gcigire cuí” a scriosadh,

(e) i bhfo-alt (3)(a), trí “chuig an gcigire cuí” a scriosadh,

(f) i bhfo-alt (4B)(b)(i), trí “959A” a chur in ionad “950(1)”, agus

(g) i bhfo-alt (7B)—

(i) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) (i) Aon éileamh i leith méid sonraithe nó de bhun alt 766C(4), measfar chun críocha alt 1077E gur éileamh é i dtaca le creidmheas agus, chun méid a chinneadh de réir alt 1077E(11) nó 1077E(12), déanfar tagairt do mhéid cánach a bheadh iníoctha do na tréimhsí iomchuí ag an duine lena mbaineann a léamh amhail is dá mba thagairt do mhéid sonraithe nó do mhéid de bhun alt 766C(4) í.

(ii) Aon éileamh i leith fho-alt (4B), alt 766A(4B) nó de bhun alt 766C(4), de réir mar a bheidh, is éileamh a bheidh gan íoc, measfar chun críocha alt 1077E gur éileamh é i dtaca le creidmheas agus, chun méid a chinneadh de réir alt 1077E(11) nó 1077E(12), déanfar tagairt do mhéid cánach a bheadh iníoctha do na tréimhsí iomchuí ag an duine lena mbaineann a léamh amhail is dá mba thagairt don mhéid arna éileamh amhlaidh í.”,

(ii) i mír (c)—

(I) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (i):

“(i) Faoi réir fhomhír (ii), i gcás go ndéanfaidh cuideachta éileamh i leith méid sonraithe nó de bhun alt 766C(4) agus go bhfaighfear amach dá éis sin nach éileamh mar a údaraitear leis an alt seo nó le halt 766A nó 766C, de réir mar a bheidh, an t-éileamh sin, ansin, féadfar cáin a mhuirearú ar an gcuideachta faoi Chás IV de Sceideal D don tréimhse chuntasaíochta arb ina leith a rinneadh an

3 IO Uimh. L124, 20.5.2003, lch. 36

íocaíocht nó a géilleadh an méid, de réir mar a bheidh, ar cáin í i méid atá comhionann le 4 oiread ceann díobh seo a leanas—

(I) an méid sonraithe, nó

(II) an méid de bhun alt 766C(4),

nach n-údaraitear amhlaidh.”,

agus

(II) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (ii):

“(iii) Déileálfar le méid is inmhuirearaithe i leith cánach faoin mír seo—

(I) mar ioncam nach bhféadfár aon chailteanas, easnamh, caiteachas nó liúntas a fhritháireamh ina choinne, agus

(II) mar mhéid nach cuid d’ioncam na cuideachta chun formhuirear a ríomh faoi alt 440,

agus ní fhéadfár aon éileamh a dhéanamh faoi fho-alt (2), (4) nó (4A) chun an cháin chorparáide a eascraíonn ar mhéid is inmhuirearaithe i leith cánach faoin mír seo a laghdú.”,

agus

(iii) i mír (d), trí “go ndéantar measúnacht” a chur in ionad “go ndéanann cigire measúnacht”.

(3) Leasaítear alt 766A(1) den Phríomh-Acht—

(a) i mír (a), sa mhíniú ar “caiteachas iomchuí”, trí “nó faoin gCuid seo” a scriosadh, agus

(b) i mír (b)(i)—

(i) i gclásal (I), trí “nó an tAontas Eorpach” a chur isteach i ndiaidh “Ballstát iomchuí eile”,

(ii) i gclásal (II), trí “de chuid Ballstát iomchuí eile nó foras, comhlacht, oifig, gníomhaireacht nó comhlacht eile de chuid an Aontais Eorpaigh, nó” a chur in ionad “de chuid Ballstáit iomchuí eile;”, agus

(iii) tríd an gclásal seo a leanas a chur isteach i ndiaidh chlásal (II):

“(III) stát, seachas an Stát nó Ballstát dá dtagraítear i gclásal (I), agus aon bhord, údarás, foras, oifig, gníomhaireacht nó comhlacht eile sa stát sin;”.

(4) Leasaítear alt 766B(3) den Phríomh-Acht—

(a) i mír (b)(ii)(II), trí “an caiteachas, nó” a chur in ionad “an caiteachas.”, agus

(b) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (b):

“(c) an méid comhiomlán is ionann dhá oiread na ndliteanas párolla do gach mí cánach ioncaim, de réir bhrí alt 983, is cuid den tréimhse

chuntasaíochta iomchuí de chuid micreachuideachta nó cuideachta bheagmhéide iomchuí ina dtabhaítear an caiteachas.”.

(5) Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 766B:

“Creidmheas cánach le haghaidh caiteachas ar thaighde agus forbairt do mhionchuideachtaí

766C. (1) San alt seo—

tá le ‘dliteanais phárolla’ an bhrí chéanna atá leis in alt 766B(1);

tá le ‘micreachuideachta nó cuideachta bheagmhéide iomchuí’ agus le ‘caiteachas ar thaighde agus forbairt’ an bhrí chéanna atá leo in alt 766;

ciallaíonn ‘dliteanas cánach’—

(a) i leith cáin ioncaim arna bailiú faoi Chaibidil 4 de Chuid 42, dliteanais phárolla, seachas iad siúd dá dtagraítear i mír (b) den mhíniú ar ‘dliteanais phárolla’ in alt 766B, atá dlite agus iníoctha i leith gach míosa cánach ioncaim, arna míniú in alt 983, agus

(b) i leith cánach, de réir bhrí alt 2 den Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010, an méid atá dlite agus iníoctha do gach tréimhse inchánach de réir bhrí alt 76 den Acht sin,

i gcás gur cuid den tréimhse chuntasaíochta inar tabhaíodh an caiteachas ar thaighde agus forbairt an mhí cánach ioncaim sin nó an tréimhse inchánach sin, de réir mar a bheidh.

(2) Beidh feidhm ag an alt seo maidir le micreachuideachta nó cuideachta bheagmhéide iomchuí atá ar marthain chun trádáil a sheoladh ach nár thosaigh sí ar an trádáil sin a sheoladh go fóill.

(3) (a) Le linn an fo-alt seo a chur chun feidhme, beidh feidhm ag an míniú in alt 766(1)(a) ar ‘caiteachas ar thaighde agus forbairt’ amhail is dá mba thagairtí do mhéideanna a bheadh inlamhála chun críoch cánach, dá mbeadh an chuideachta tar éis tosú ag trádáil, tagairtí do mhéideanna a bheith inlamhála chun críoch cánach.

(b) D’ainneoin fho-alt (1)(b)(vi) d’alt 766, féadfaidh cuideachta lena mbaineann an t-alt seo éileamh a dhéanamh faoi fho-alt (2) den alt sin i dtréimhse chuntasaíochta roimh thrádáil a thosú, ach, faoi réir fho-alt (7) den alt seo, ní fhéadfar aon éileamh a dhéanamh faoi fho-alt (2A) nó (4B) den alt sin 766 i leith caiteachas dá dtagraítear i mír (a).

(4) I gcás go ndéanfaidh cuideachta éileamh faoi fho-alt (3), agus maidir le haon tréimhse chuntasaíochta de chuid na cuideachta sin, gur mó an méid dá bhfuil an chuideachta i dteideal cáin chorparáide na tréimhse cuntasaíochta a laghdú ná cáin chorparáide na cuideachta don tréimhse chuntasaíochta, féadfaidh an chuideachta éileamh a dhéanamh chun an bhreis sin a fhritháireamh i gcoinne dhliteanas cánach na cuideachta don tréimhse chuntasaíochta sin, agus i gcás gurb é an toradh air sin ró-íocaíocht an dliteanais cánach don tréimhse chuntasaíochta sin, ansin, faoi réir alt 960H, féadfar aischistiú a eisiúint.

- (5) D'ainneoin fho-alt (4), ní ghéillfear aon mhéid do dhliteanas cánach i gcás go bhfanfaidh na díolaíochtaí lena mbaineann na dliteanais phárolla gan íoc 3 mhí tar éis dheireadh na tréimhse cuntasaíochta iomchuí.
- (6) Déanfar aon éileamh faoin alt seo laistigh de 12 mhí ó dheireadh na tréimhse cuntasaíochta ina dtabhófar an caiteachas ar thaighde agus forbairt is bun leis an éileamh.
- (7) I gcás go ndearna cuideachta éileamh faoin alt seo agus gur thosaigh sí ar thrádáil a sheoladh ina dhiaidh sin, déanfar an caiteachas arna ríomh chun críocha alt 766(1)(b)(vi)(I) a chinneadh de réir na foirmle—

(A - B)

más rud é—

go bhfuil A comhionann leis an gcaiteachas iomlán arna ríomh chun críocha alt 766(1)(b)(vi)(I), agus

go bhfuil B comhionann le méid na ndliteanas cánach arna laghdú faoi fho-alt (4) arna roinnt ar 0.30.”

- (6) (a) Beidh feidhm ag an alt seo, faoi réir *mhíreanna (b)* agus *(c)*, maidir le tréimhsí cuntasaíochta dar tosach dáta rite an Achta seo nó dá éis.
- (b) Tíocfaidh *fo-ailt (2)(c)(ii)*, *(4)(b)* agus *(5)* i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú nó le horduithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.
- (c) Beidh feidhm ag *fo-alt (1)* agus ag *fo-ailt (2)(a)(i)(I)* agus *(b)* agus *(3)(a)* maidir le caiteachas a thabhófar an 1 Eanáir 2020 nó dá éis.

Leasú ar Chuid 16 den Phríomh-Acht (faoiseamh i leith infheistíocht i dtrádálacha corpraithe)

26. (1) Leasaítear alt 497 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (3)—

(i) trí “B – A” a chur in ionad “A – B”, agus

(ii) trí “an méid is mó díobh seo a leanas” a chur in ionad “an méid is lú díobh seo a leanas”,

agus

(b) i bhfo-alt (4)—

(i) trí “(dá ngairtear an “eisiúint iomchuí” san alt seo)” a scriosadh,

(ii) trí “B – A” a chur in ionad “A – B”,

(iii) trí “an méid is mó díobh seo a leanas” a chur in ionad “an méid is lú díobh seo a leanas”, agus

(iv) trí “roimh an eisiúint iomchuí” a scriosadh.

(2) Leasaítear alt 502 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (2), trí “I leith scaireanna arna n-eisiúint an 8 Deireadh Fómhair 2019 nó roimhe sin, beidh infheisteoir cáilitheach a dhéanann infheistíocht cháilitheach i gcuideachta cháilitheach i dteideal, faoi réir an ailt seo, faoiseamh— ” a chur in ionad “Beidh infheisteoir cáilitheach a dhéanann infheistíocht cháilitheach i gcuideachta cháilitheach i dteideal, faoi réir an ailt seo, faoiseamh— ”,

(b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) I leith scaireanna arna n-eisiúint tar éis an 8 Deireadh Fómhair 2019, beidh infheisteoir cáilitheach a dhéanann infheistíocht cháilitheach i gcuideachta cháilitheach i dteideal, faoi réir an ailt seo, faoiseamh i leith an mhéid iomláin arna shuibscríobh, a thabharfar, faoi réir alt 508J(4), mar asbhaint as a ioncam iomlán nó as a hioncam iomlán don bhliain mheasúnachta ina n-eisítear na scaireanna.”,

(c) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) (a) Is é an infheistíocht cháilitheach uasta arb ina leith a fhéadfaidh infheisteoir faoiseamh a éileamh faoin gCuid seo—

(i) €150,000 i leith na bliana measúnachta 2019,

(ii) i leith na bliana measúnachta 2020 agus gach bliana measúnachta dá héis—

(I) €500,000 i leith infheistíocht lena mbaineann mír (b), nó

(II) €250,000 i leith na n-infheistíochtaí eile go léir.

(b) Tá feidhm ag an mír seo maidir le hinfeistíocht i scaireanna incháilithe i gcás go ngabhann an t-infheisteoir air féin nó uirthi féin gan na scaireanna sin a dhiúscairt ar feadh tréimhse 7 mbliana, agus chun ailt 508M agus 508P a chur chun feidhme maidir leis an infheistíocht sin, léifear an míniú ar thréimhse iomchuí in alt 488(1) amhail is dá mba thagairt do ‘7 mbliana’ an tagairt do ‘4 bliana’.

(c) Déanfaidh infheisteoir cáilitheach, le haghaidh infheistíocht cháilitheach, cibé faisnéis a sholáthar do na Coimisinéirí Ioncaim trí cibé meán leictreonach a chuirfidh na Coimisinéirí Ioncaim ar fáil, is faisnéis a éileoidh na Coimisinéirí Ioncaim chun críocha mhír (a).”,

agus

(d) i bhfo-alt (4), trí “I leith scaireanna arna n-eisiúint an 8 Deireadh Fómhair 2019 nó roimhe sin, ní thabharfar méid mar asbhaint faoi fho-alt (2)(b) mura rud é, i ndáil le cuideachta cháilitheach agus lena fochuideachtaí cáilitheacha— ” a chur in ionad “Ní thabharfar méid mar asbhaint faoi fho-alt (2)(b) mura rud é, i ndáil le cuideachta cháilitheach agus lena fochuideachtaí cáilitheacha— ”.

(3) Leasaítear alt 508F den Phríomh-Acht—

(a) i mír (a) d’fho-alt (1), trí “nó 502(2A)” a chur isteach i ndiaidh “faoi 502(2)(a)”, agus

(b) i mír (b) d’fho-alt (1), trí “dara céim” a chur in ionad “leantach”.

(4) (a) Leasaítear alt 508J den Phríomh-Acht, le héifeacht ón 8 Deireadh Fómhair 2019—

(i) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) Déanfaidh bainisteoirí ciste shainainmnithe, laistigh de 30 lá tar éis ráiteas cáiliúcháin a fháil, tuairisceán i dtaobh na sealbhán de scaireanna incháilithe a bheidh sonraithe i ráitis cháiliúcháin arna bhfáil acu a sheachadadh ar na Coimisinéirí Ioncaim trí cibé meán leictreonach a chuirfidh na Coimisineirí Ioncaim ar fáil.”,

agus

(ii) i bhfo-alt (4)—

(I) trí “agus” a chur isteach i mír (a) i ndiaidh “ag bainisteoirí ciste shainainmnithe,”,

(II) trí “agus” a scriosadh i mír (b), agus

(III) trí mhír (c) a scriosadh.

(b) Leasaítear alt 508J den Phríomh-Acht, le héifeacht ón 1 Eanáir 2020, trí “ansin, beidh an phearsa aonair i dteideal faoiseamh, faoi alt 502(2)(a) nó 502(2A), mar asbhaint as a ioncam iomlán nó as a hioncam iomlán don bhliain mheasúnachta inar suibscríobhadh an méid don chiste sainainmnithe.” a chur in ionad “ansin féadfaidh an phearsa aonair a roghnú, trí fhógra i scríbhinn chuig na Coimisinéirí Ioncaim, go ndéanfar an faoiseamh atá dlite faoi alt 502(2)(a) a thabhairt mar asbhaint as a ioncam iomlán nó as a hioncam iomlán don bhliain mheasúnachta inar suibscríobhadh an méid don chiste sainainmnithe, in ionad mar asbhaint as a ioncam iomlán nó as a hioncam iomlán don bhliain mheasúnachta ina n-eisítear na scaireanna (de réir mar a fhoráiltear in alt 502(2)(a)).”

(5) Leasaítear alt 508R den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1)—

(i) i mír (a), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhíreanna (i) agus (ii):

“(i) scaireanna is leis an bpearsa aonair sin, nó

(ii) scaireanna is le pearsa aonair eile ar laghdaíodh a fhaoiseamh nó a faoiseamh ar na scaireanna sin de bhua alt 508P(3),”

agus

(ii) i mír (b), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhíreanna (i) agus (ii):

“(i) scaireanna is leis an bpearsa aonair sin, nó

(ii) scaireanna is le pearsa aonair eile ar laghdaíodh a fhaoiseamh nó a faoiseamh ar na scaireanna sin de bhua alt 508P(3),”

agus

(b) i bhfo-alt (9)—

(i) i mír (a), trí “infheistíocht cháilitheach” a chur in ionad “infheistíocht iomchuí”, agus

- (ii) i mír (b), trí “infheistíocht cháilitheach” a chur in ionad “infheistíocht iomchuí”.
- (6) Leasaítear alt 508V den Phríomh-Acht i bhfo-alt (3)—
- (a) i mír (d), trí “a bheidh,” a chur in ionad “a bheidh, nó”,
- (b) i mír (e) trí “a éilíodh an faoiseamh, nó” a chur in ionad “a éilíodh an faoiseamh.”, agus
- (c) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (e):
- “(f) i gcás faoiseamh arna tharraingt siar de réir fho-alt (1)(b)(v), dáta an teagmhais arb é a tharlú is cúis leis an bhfaoiseamh a tharraingt siar.”.
- (7) Leasaítear alt 508X den Phríomh-Acht i bhfo-alt (1)(a)(ii) trí “dara céim” a chur in ionad “leantach”.
- (8) Leasaítear alt 508Y den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):
- “(2A) Aon duine nach gcomhlíonfaidh fo-alt (2), dlífeair pionós €3,000 a chur air nó uirthi.
- (2B) I gcás gur cuideachta an duine a luaitear i bhfo-alt (2A)—
- (a) dlífeair pionós €4,000 a chur ar an gcuideachta, agus
- (b) dlífeair pionós ar leithligh €3,000 a chur ar rúnaí na cuideachta.”.

Praghsáil Aistrithe

27. (1) Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad Chuid 35A:

“CUID 35A

PRAGHSÁIL AISTRITHE

Léiriú

- 835A.(1) Sa Chuid seo—

ciallaíonn ‘comhshocraíocht’—

- (a) aon idirbheart, gníomh, bealach gníomhaithe, bealach iompair, scéim nó plan,
- (b) aon chomhaontú, comhshocraíocht d’aon chineál, comhthuisceint, geallúint nó gealltanais, cibé acu sainráite nó intuigthe agus cibé acu atá nó nach bhfuil sé nó sí, nó a bheartaítear nó nach mbeartaítear é nó í a bheith, infhorfheidhmithe le dlí, nó
- (c) aon sraith nó teaghlaim de na himthosca dá dtagraítear i míreanna (a) agus (b);

ciallaíonn ‘sócmhainn inmhuirearaithe’ i ndáil le duine, sócmhainn, ar ghnóchan inmhuirearaithe an gnóchan a d’fhabhródh don duine dá ndéanfadh an duine an tsócmhainn a dhiúscairt;

tá le ‘tréimhse inmhuirearaithe’ an bhrí chéanna atá leis in alt 321(2);

ciallaíonn ‘Moladh ón gCoimisiún’ Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003⁴ maidir leis an míniú ar mhicrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide;

ciallaíonn ‘socruithe faoisimh ó chánachas dúbailte’ socruithe ar de bhua alt 826 atá éifeacht leo;

ciallaíonn ‘grúpa’ (seachas sa mhíniú ar ‘treoirínte maidir le praghsáil aistrithe’ in alt 835D(1)) cuideachta a bhfuil fochuideachta 75 faoin gcéad, nó fochuideachtaí 75 faoin gcéad, aici i dteannta na bhfochuideachtaí sin;

ciallaíonn ‘gníomhaíochtaí iomchuí’, i ndáil le duine ar duine é nó í de na daoine a ndéantar comhshocraíocht eatarthu, gníomhaíochtaí an duine sin arb éard iad na gníomhaíochtaí a ndéantar an chomhshocraíocht sin ina gcúrsa, nó ina leith, agus folóidh siad gníomhaíochtaí lena ngabhann sócmhainn nó sócmhainní a dhiúscairt agus a fháil;

ciallaíonn ‘duine iomchuí’, i ndáil le comhshocraíocht, duine atá laistigh de réim cánach i leith brabús nó gnóchan nó caillteanas, ar brabús nó gnóchain nó caillteanais iad a gcuirtear torthaí na comhshocraíochta i gcuntas le linn iad a ríomh;

ciallaíonn ‘oifigeach Ioncaim’ oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim;

ciallaíonn ‘cáin’ cáin ioncaim, cáin chorparáide nó cáin gnóchan caipitiúil.

- (2) Is de réir alt 11 a fhorlíreofar tagairtí sa Chuid seo do ‘rialú’, i ndáil le cuideachta.
- (3) Chun críocha na Coda seo, aon tagairtí do chaillteanais is inmhuirearaithe i leith cánach, is tagairtí iad do chaillteanais a eascraíonn as gníomhaíochtaí iomchuí, ar gníomhaíochtaí iomchuí iad a mbeadh brabús nó gnóchan a d’eascródh astu inmhuirearaithe i leith cánach.

An bhrí atá le “comhlachaithe”

835B. (1) Chun críocha na Coda seo—

(a) is daoine comhlachaithe 2 dhuine aon tráth más rud é an tráth sin—

- (i) go bhfuil duine de na daoine rannpháirteach i mbainistiú, i rialú nó i gcaipiteal an duine eile, nó
- (ii) go bhfuil an duine céanna rannpháirteach i mbainistiú, i rialú nó i gcaipiteal gach duine den 2 dhuine,

agus

(b) nach bhfuil duine (dá ngairtear an ‘chéad duine’ sa mhír seo) rannpháirteach i mbainistiú, i rialú ná i gcaipiteal duine eile aon tráth ach amháin más rud é, maidir leis an duine eile sin an tráth sin—

- (i) gur cuideachta é nó í, agus

4 IO Uimh. L124, 20.5.2003, lch. 36

- (ii) go bhfuil sé nó sí faoi rialú ag an gcéad duine.
- (2) (a) Chun críocha an ailt seo, déileálfar le cuideachta mar chuideachta faoi rialú pearsa aonair má tá sí faoi rialú na pearsan aonair agus daoine a bhfuil baint acu leis an bpearsa aonair.
- (b) Chun críocha an fho-ailt seo, tá baint ag duine le pearsa aonair más rud é gur gaol (de réir bhrí alt 433(3)(a)) é nó í an duine sin leis an bpearsa aonair sin.

Bunrialacha maidir le praghsáil aistrithe

- 835C.** (1) Faoi réir na Coda seo, beidh feidhm ag an alt seo maidir le haon chomhshocraíocht—
- (a) lena ngabhann earraí, seirbhísí, airgead, sócmhainní (lena n-áirítear sócmhainní doláimhsithe) nó aon ní atá luachmhar ó thaobh na tráchtála de a sholáthar agus a fháil,
 - (b) lenarb amhlaidh, tráth an tsoláthair agus na fála, go bhfuil an duine a dhéanann an soláthar (dá ngairtear an ‘soláthróir’ sa Chuid seo) agus an duine a dhéanann an fháil (dá ngairtear an ‘faighteoir’ sa Chuid seo) i gcomhlachas, agus
 - (c) lenarb amhlaidh go bhfuil na brabúis nó na gnóchain nó na cailteanais a eascraíonn as na gníomhaíochtaí iomchuí laistigh de réim cánach i gcás an tsoláthóra nó an fhaighteora nó i gcás na beirte acu.
- (2) (a) Más mó méid na comaoine is iníoctha (dá ngairtear ‘an chomaoin iarbhir is iníoctha’ sa Chuid seo) i leith fáil faoi aon chomhshocraíocht lena mbaineann an t-alt seo ná an méid neamhthuilleamaíoch, ansin déanfar brabúis nó gnóchain nó cailteanais an fhaighteora is inmhuirearaithe i leith cánach a ríomh amhail is dá mba é an méid neamhthuilleamaíoch ab iníoctha seachas an chomaoin iarbhir is iníoctha.
- (b) Más lú méid na comaoine is infhaighte (dá ngairtear ‘an chomaoin iarbhir is infhaighte’ sa Chuid seo) i leith soláthar faoi aon chomhshocraíocht lena mbaineann an t-alt seo ná an méid neamhthuilleamaíoch, ansin déanfar brabúis nó gnóchain nó cailteanais an tsoláthóra is inmhuirearaithe i leith cánach a ríomh amhail is dá mba é an méid neamhthuilleamaíoch ab infhaighte seachas an chomaoin iarbhir is infhaighte.
- (3) San alt seo, tagraíonn ‘méid neamhthuilleamaíoch’ na comaoine i leith soláthar agus fáil faoi chomhshocraíocht do mhéid na comaoine a bheadh comhaontaithe ag páirtithe neamhspleácha ag deileáil ar neamhthuilleamaí i ndáil leis an soláthar agus leis an bhfáil agus beidh feidhm ag fo-ailt (4) agus (5) chun méid na comaoine sin a chinneadh.
- (4) Déanfar méid neamhthuilleamaíoch comaoine i leith soláthar agus fáil faoi chomhshocraíocht a chinneadh—
- (a) tríd an gcaidreamh tráchtála nó airgeadais iarbhir idir an soláthróir agus an faighteoir agus na coinníollacha agus na himthosca iomchuí

ó thaobh na heacnamaíochta de a ghabhann leis an gcaidreamh sin a shainaitheant ('an chomhshocraíocht shainaitheanta'), agus

- (b) tríd an modh praghsála aistrithe atá leagtha amach sna treoirlínte maidir le praghsáil aistrithe (mar a mhínítear in alt 835D) a chur chun feidhme, is é, sna himthosca, an modh is cuí chun an méid neamhthuilleamaíoch comaoine i leith na comhshocraíochta sainaitheanta a chinneadh.
- (5) Chun críocha fho-alt (4)(a)—
- (a) beidh an chomhshocraíocht shainaitheanta bunaithe ar ábhar an chaidrimh tráchtála nó airgeadais idir an soláthróir agus an faighteoir i gcás go mbeidh foirm na comhshocraíochta ar neamhréir le hábhar an chaidrimh sin,
- (b) murab ionann an chomhshocraíocht shainaitheanta, agus í á breithniú ina hiomláine, agus an chomhshocraíocht a ghlacfadh páirtithe neamhspleácha agus iad á n-iompar féin ar mhodh réasúnach ó thaobh na tráchtála de in imthosca inchomparáide, de bhun na bpriosabal atá leagtha amach i gCaibidil I, D.2 de na treoirlínte maidir le praghsáil aistrithe—
- (i) tabharfar neamhaird ar an gcomhshocraíocht shainaitheanta (agus, chun críocha fho-alt (2)(a), déanfar na brabúis nó na gnóchain nó na cailteanais is inmhuirearaithe i leith cánach de chuid duine iomchuí is faighteoir i ndáil leis an gcomhshocraíocht sin a dtabharfar neamhaird uirthi a ríomh amhail is, seachas an chomaoin iarbhír is iníoctha faoin gcomhshocraíocht, nach mbeadh aon chomaoin iníoctha), nó
- (ii) cuirfear in ionad na comhshocraíochta sainaitheanta comhshocraíocht mhalartach lena mbainfear amach toradh ionchasach a bheidh réasúnach ó thaobh na tráchtála de (agus measfar gurb í an chomhshocraíocht mhalartach ionaid sin an chomhshocraíocht shainaitheanta dá réir sin).
- (6) Folóidh an tagairt do sholáthar nó d'fháil sócmhainne i bhfo-alt (1)(a), i ndáil le sócmhainn inmhuirearaithe, diúscairt nó fáil, de réir mar a bheidh, na sócmhainne inmhuirearaithe agus, gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, déanfar aon tagairt in alt 835HB do dhiúscairt sócmhainne inmhuirearaithe a fhorléiriú, chun críocha na Coda seo, mar thagairt do sholáthar na sócmhainne.
- (7) I gcás gur mó an chomaoin iarbhír is iníoctha faoi chomhshocraíocht ná an méid neamhthuilleamaíoch agus go ndéileálfar le haon mhéid den bhreis sin mar dháileadh faoi aon fhoráil de na hAchtanna Cánach, ansin, chun méid brabús nó gnóchan nó cailteanas an fhaighteora is inmhuirearaithe i leith cánach faoi Sceideal D a ríomh, beidh feidhm ag fo-alt (2)(a) amhail is dá mba thagairt do mhéid atá comhionann leis an gcomaoin iarbhír is iníoctha lúide an méid a ndéileálfar leis mar dháileadh an tagairt san fho-alt sin don chomaoin iarbhír is iníoctha agus is dá réir sin a fhorléireofar na tagairtí don chomaoin iarbhír is iníoctha ag an duine céadluaite i bhfo-ailt (1)(a) agus (3) d'alt 835H.

- (8) Ní bheidh feidhm ag an alt seo maidir le comhshocraíocht lena ngabhann díol nó aistriú stoic trádála a bhfuil feidhm ag alt 89(4) maidir leis.

Prionsabail maidir le rialacha a fhorléiriú de réir Threoirlínte ECFE

835D. (1) San alt seo—

ciallaíonn ‘Airteagal 9(1) de Choinbhinsiún ECFE um Cháin Eiseamláireach’ na forálacha a bhí, ar dháta rite an *Achta Airgeadais, 2019*, in Airteagal 9(1) den Choinbhinsiún um Cháin Eiseamláireach ar Ioncam agus ar Chaipiteal arna fhoilsiú ag ECFE;

ciallaíonn ‘ECFE’ an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta;

ciallaíonn ‘treoirlínte maidir le praghsáil aistrithe’ na Treoirlínte ó ECFE um Praghsáil Aistrithe d’Fhiontair Ilnáisiúnta agus d’Údaráis Riaracháin Cánach arna bhfoilsiú ag ECFE an 10 Iúil 2017 agus arna bhforlíonadh leis na nithe seo a leanas—

- (a) an Treoir d’Údaráis Riaracháin Cánach maidir leis an gCur Chuige i leith Sócmhainní Doláimhsithe is Deacair a Luacháil a Chur chun Feidhme - Gníomhartha 8-10 CBBA, ECFE/G20 An Tionscadal um Chreimeadh Bonn agus Brabúis a Aistriú, Páras - arna cheadú an 4 Meitheamh 2018 ag an ngrúpa ar a dtugtar an Creat Cuimsitheach i dtaobh Creimeadh Bonn agus Brabúis a Aistriú,
- (b) an Treoir Athmheasta maidir leis an Modh Idirbheartaíochta Scoilte Brabúis a Chur chun Feidhme: An Creat Cuimsitheach i dtaobh CBBA: Gníomhartha 8-10, ECFE/G20 An Tionscadal um Chreimeadh Bonn agus Brabúis a Aistriú, ECFE, Páras - arna cheadú an 4 Meitheamh 2018 ag an ngrúpa ar a dtugtar an Creat Cuimsitheach i dtaobh Creimeadh Bonn agus Brabúis a Aistriú, agus
- (c) cibé treoir bhreise, arna foilsiú ag ECFE ar dháta rite an *Achta Airgeadais, 2019*, nó dá éis, agus a shainainmneoidh an tAire Airgeadais chun críocha na Coda seo le hordú arna dhéanamh faoi fho-alt (3).
- (2) D’fhonn brabúis nó gnóchain nó cailteanais is inmhuirearaithe i leith cánach a ríomh, forléireofar an Chuid seo chun a chinntiú, a mhéid is indéanta, go mbeidh comhsheasmhacht ann—
- (a) idir an éifeacht a bheidh le tabhairt d’alt 835C, agus
- (b) an éifeacht a thabharfaí, de réir na dtreoirlínte maidir le praghsáil aistrithe, dá mbeadh feidhm ag socrúithe faoisimh ó chánachas dúbailte ina gcorpraítear Airteagal 9(1) de Choinbhinsiún ECFE um Cháin Eiseamláireach maidir le ríomh na mbrabús nó na ngnóchan nó na gcaillteanas, gan beann ar fheidhm iarbhír a bheith nó gan a bheith ag socrúithe faoisimh den sórt sin ó chánachas dúbailte,

ach ní bheidh feidhm ag an alt seo chun an Chuid seo a fhorléiriú a mhéid a bheadh feidhm an ailt seo amhlaidh ar neamhréir le forálacha socrúithe

faoisimh ó chánachas dúbailte a bhfuil feidhm acu maidir le ríomh na mbrabús sin nó na ngnóchan sin nó na gcaillteanas sin.

- (3) Féadfaidh an tAire Airgeadais, chun críocha na Coda seo, le hordú, aon treoir bhreise dá dtagraítear i mír (c) den mhíniú ar ‘treoirlínte maidir le praghsáil aistrithe’ i bhfo-alt (1) a shainainmniú mar rud atá cuimsithe sna treoirlínte maidir le praghsáil aistrithe.
- (4) Gach ordú a dhéanfaidh an tAire Airgeadais faoi fho-alt (3), leagfar é faoi bhráid Dháil Éireann a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus má dhéanann Dáil Éireann, laistigh den 21 lá a shuífidh Dáil Éireann tar éis an t-ordú a leagan faoina bráid, rún a rith ag neamhniú an ordaithe, beidh an t-ordú ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin ordú.

Modhnú ar bhunrialacha maidir le praghsáil aistrithe le haghaidh comhshocraíochtaí idir daoine iomchuí cáilitheacha

835E. (1) Chun críocha na Coda seo, ciallaíonn ‘duine iomchuí cáilitheach’ duine iomchuí—

- (a) is inmhuirearaithe i leith cáin ioncaim nó cáin chorparáide faoi Sceideal D i leith na mbrabús nó na ngnóchan nó na gcaillteanas a eascraíonn as na gníomhaíochtaí iomchuí nó a bheadh inmhuirearaithe i leith cáin chorparáide i leith na mbrabús nó na ngnóchan a eascraíonn as na gníomhaíochtaí iomchuí murach alt 129,
 - (b) a bhfuil cónaí air nó uirthi sa Stát chun críoch cánach don tréimhse inmhuirearaithe nó do na tréimhsí inmhuirearaithe ina n-eascraíonn muirear, i gcás go bhfuil an duine sin inmhuirearaithe i leith cáin ioncaim i leith na mbrabús nó na ngnóchan nó na gcaillteanas a eascraíonn as na gníomhaíochtaí iomchuí, agus
 - (c) nach cuideachta cháilitheach de réir bhrí alt 110.
- (2) Beidh feidhm ag an alt seo maidir le comhshocraíocht lena ngabhann soláthróir agus faighteoir ar daoine iomchuí cáilitheacha iad.
 - (3) Más rud é, i ndáil le comhshocraíocht dá dtagraítear i bhfo-alt (2), go mbeidh soláthróir nó faighteoir, de réir mar a bheidh, inmhuirearaithe i leith cánach faoi Sceideal D, seachas faoi Chás I nó II de Sceideal D, i leith na mbrabús nó na ngnóchan nó na gcaillteanas a eascraíonn as na gníomhaíochtaí iomchuí, ní bheidh feidhm ag alt 835C le linn méid na mbrabús nó na ngnóchan nó na gcaillteanas, a eascraíonn chuig an soláthróir nó chuig an bhfaighteoir, de réir mar a bheidh, as na gníomhaíochtaí iomchuí, a ríomh.
 - (4) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (3) i gcás comhshocraíocht lena ngabhann soláthróir nó faighteoir ar daoine iomchuí cáilitheacha iad (dá ngairtear ‘an chomhshocraíocht chéadluaite’ san fho-alt seo) a dhéanfar mar chuid d’aon scéim, nó i dtaca le haon scéim, lena ngabhann an faighteoir i ndáil leis an gcomhshocraíocht chéadluaite, nó duine atá bainteach leis an bhfaighteoir, do dhéanamh comhshocraíocht le duine nó le daoine nach daoine iomchuí cáilitheacha iad (dá ngairtear an ‘dara comhshocraíocht a luaitear’ san fho-alt seo) agus gurb é an t-aon chuspóir nó an

príomhchuspóir atá leis an gcomhshocraíocht chéadluaite, go díreach nó go neamhdhíreach, buntáiste cánach a bhaint i dtaca leis an dara comhshocraíocht a luaitear.

- (5) Chun críoch fho-alt (4), tá le ‘buntáiste cánach’ an bhrí chéanna atá leis in alt 811C.
- (6) Déanfaidh duine iomchuí cibé taifid a chothabháil agus beidh siad ar fáil aige nó aici, is taifid a theastóidh le réasún chun cinneadh a dhéanamh i dtaobh an gcomhlíontar ceanglais an ailt seo.

Fiontar beag nó meánmhéide

835F. (1) Chun críocha an ailt seo—

ciallaíonn ‘Iarscríbhinn’ an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Moladh ón gCoimisiún;

ciallaíonn ‘fiontar meánach’ fiontar—

(a) a thagann faoi réim na hearnála micrifhiontar, fiontar beag agus fiontar meánmhéide, arna mhíniú san Iarscríbhinn, agus

(b) nach fiontar beag arna mhíniú san Iarscríbhinn;

ciallaíonn ‘fiontar beag’ fiontar beag arna mhíniú san Iarscríbhinn.

(2) Chun críocha fho-alt (1), beidh éifeacht leis an Iarscríbhinn amhail is—

(a) i gcás fiontar atá faoi leachtú nó a bhfuil scrúdaitheoir ceaptha chuige faoi Chuid 10 d’Acht na gCuideachtaí, 2014, nach ndearnadh cearta an leachtaitheora nó an scrúdaitheora (sa cháil sin) a chur i gcuntas le linn Airteagal 3(3)(b) den Iarscríbhinn a fheidhmiú chun cinneadh a dhéanamh, chun críocha na Coda seo, i dtaobh cibé acu atá—

(i) an fiontar sin, nó

(ii) aon fhiontar eile (lena n-áirítear fiontar an leachtaitheora nó an scrúdaitheora),

ina fhiontar beag nó ina fhiontar meánmhéide,

(b) go raibh éifeacht le hAirteagal 3 den Iarscríbhinn ach go ndearnadh mír 5 den Airteagal sin a fhágáil ar lár,

(c) go raibh éifeacht leis an gcéad abairt d’Airteagal 4(1) amhail is dá mba iad na sonraí a bhí le feidhmiú maidir leo seo a leanas—

(i) comhaireamh na ndaoine ar an bhfoireann, agus

(ii) na méideanna airgeadais,

na sonraí a bhaineann le tréimhse inmhuirearaithe an fhiontair lena mbaineann (in ionad na tréimhse a thuiriscítear sa chéad abairt a dúradh d’Airteagal 4(1) den Iarscríbhinn) agus a ríomhtar ar bhonn bliantúil, agus

- (d) go raibh éifeacht le hAirteagal 4 den Iarscríbhinn ach na forálacha seo a leanas a fhágáil ar lár—
- (i) an dara habairt de mhír 1 den Airteagal sin,
 - (ii) mír 2 den Airteagal sin, agus
 - (iii) mír 3 den Airteagal sin.
- (3) Ní bheidh feidhm ag alt 835G maidir le duine iomchuí i dtréimhse inmhuirearaithe más fiontar beag an duine sin don tréimhse inmhuirearaithe sin.
- (4) Ní bheidh feidhm ag alt 835G maidir le duine iomchuí is fiontar meánach i dtréimhse inmhuirearaithe ach amháin i leith comhshocraíocht iomchuí.
- (5) Chun críocha fho-alt (4), is ionann comhshocraíocht iomchuí agus comhshocraíocht lena ngabhann duine iomchuí is fiontar meánach agus—
- (a) i gcás ina mbeidh na brabúis nó na gnóchain nó na caillteanais a eascróidh chuig an bhfiontar meánach as na gníomhaíochtaí iomchuí laistigh de réim cánach faoi Sceideal D—
 - (i) nach duine iomchuí cáilitheach an páirtí eile sa chomhshocraíocht, agus
 - (ii) gur mó ná €1 mhilliún an chomaoin chomhiomlán a fhabhróidh chuig an bhfiontar meánach, nó a bheidh iníoctha aige, faoin gcomhshocraíocht sa tréimhse inmhuirearaithe,nó
 - (b) i gcás ina ngabhann leis an gcomhshocraíocht soláthar nó fáil sócmhainne, arb éard atá ann diúscairt nó fáil, de réir mar a bheidh, sócmhainne inmhuirearaithe chun críocha na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil nó chun críoch cánach corparáide ar ghnóchain inmhuirearaithe—
 - (i) nach bhfuil cónaí ar an bpáirtí eile sa chomhshocraíocht (dá ngairtear an ‘duine eile’ sa mhír seo) chun críoch cánach sa Stát agus—
 - (I) i gcás go ndéanfar sócmhainn a sholáthar don duine eile faoin gcomhshocraíocht, nach sócmhainn inmhuirearaithe an tsócmhainn díreach tar éis don duine eile sin í a fháil, nó
 - (II) i gcás go bhfaighfear sócmhainn ón duine eile faoin gcomhshocraíocht, nár shócmhainn inmhuirearaithe i ndáil leis an duine eile sin an tsócmhainn, díreach sula mbeidh an fiontar meánach tar éis í a fháil,agus
 - (ii) gur mó ná €25 mhilliún margadhluach na sócmhainne arna diúscairt nó arna fáil, de réir mar a bheidh.

- (6) I gcás go mbeidh feidhm ag alt 835G maidir le duine iomchuí is fiontar meánach, chun críocha fho-alt (2) den alt sin, ceanglófar ar an bhfiontar meánach an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar—
- (a) tuairisc ar ghnó an fhiontair mheánaigh, lena n-áirítear an struchtúr eagraíochta atá air, an straitéis gnó agus na príomhiomaitheoirí atá aige, agus
 - (b) i ndáil le gach comhshocraíocht iomchuí—
 - (i) cóip de na comhaontuithe iomchuí go léir,
 - (ii) tuairisc ar an modh praghsála aistrithe a úsáideadh agus na fáthanna ar roghnaíodh an modh, mar aon le fianaise chun tacú leis an bpraghas a roghnaíodh mar an méid neamhthuilleamaíoch,
 - (iii) méid na comaoine is infoctha nó is infhaighte, de réir mar a bheidh, faoin gcomhshocraíocht, agus
 - (iv) tuairisc ar na feidhmeanna a comhlíonadh, an priacal a glacadh agus na sócmhainní a úsáideadh.

Doiciméadacht agus fiosrúcháin

835G. (1) San alt seo—

tá le ‘comheintiteas’, ‘bliain fhioscach’ agus ‘grúpa FIN’ na bríonna céanna atá leo in alt 891H ach, maidir le feidhm an mhíneithe ar ‘Grúpa FIN’ in Airteagal 1 den reachtaíocht eiseamláireach de chuid ECFE (mar a mhínítear in alt 891H) chun críoch an ailt seo, beidh feidhm ag an míniú sin amhail is dá ndéanfaí na focail “agus (ii) nach Grúpa FIN Eisiata” a scriosadh as;

ciallaíonn ‘comhad áitiúil’ tuarascáil ina mbeidh an fhaisnéis a shonraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Caibidil V de na treoirlínte maidir le praghsáil aistrithe;

ciallaíonn ‘tairseach ioncaim an chomhaid áitiúil’ €50 milliún;

ciallaíonn ‘máistirchomhad’ tuarascáil ina mbeidh an fhaisnéis a shonraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Caibidil V de na treoirlínte maidir le praghsáil aistrithe;

ciallaíonn ‘tairseach ioncaim an mháistirchomhaid’ €250 milliún;

ciallaíonn ‘tréimhse iomchuí’, i ndáil le duine iomchuí is comheintiteas de ghrúpa FIN, bliain fhioscach an ghrúpa FIN a fhreagraíonn do thréimhse innhuirearaithe an duine iomchuí agus, más rud é nach bhfreagraíonn bliain fhioscach grúpa FIN go beacht do thréimhse innhuirearaithe an duine iomchuí, bliain fhioscach an ghrúpa FIN atá comhthráthach go substaintiúil le tréimhse innhuirearaithe duine iomchuí.

- (2) Beidh ar fáil ag duine iomchuí i ndáil le comhshocraíocht lena mbaineann alt 835C(1), agus is innhuirearaithe i leith cánach i leith na mbrabús nó na ngnóchan nó na gcaillteanas a eascraíonn as na gníomhaíochtaí iomchuí, agus soláthróidh sé nó sí, ar iarraidh arna déanamh i scríbhinn

ag oifigeach Ioncaim, cibé taifid a theastóidh le réasún chun cinneadh a dhéanamh i dtaobh an ndearnadh, i ndáil leis an gcomhshocraíocht, brabúis nó gnóchain nó caillteanais an duine is innhuirearaithe i leith cánach a ríomh de réir na Coda seo.

- (3) Beidh sna taifid dá dtagraítear i bhfo-alt (2)—
- (a) máistirchomhad i gcás gur comheintiteas de ghrúpa FIN an duine iomchuí agus go mbeidh ioncam iomlán an ghrúpa FIN sa tréimhse iomchuí ag tairseach ioncaim an mháistirchomhaid nó os a cionn,
 - (b) comhad áitiúil i gcás gur comheintiteas de ghrúpa FIN an duine iomchuí agus go mbeidh ioncam iomlán an ghrúpa FIN sa tréimhse iomchuí ag tairseach ioncaim an chomhaid áitiúil nó os a cionn.
- (4) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (2) i gcás comhshocraíocht a ndearnadh na téarmaí go léir di a chomhaontú roimh an 1 Iúil 2010, agus nach mbeidh athrú tagtha orthu an dáta sin nó dá éis, más rud é, i ndáil leis an gcomhshocraíocht, gur daoine iomchuí cáilitheacha an soláthróir agus an faighteoir.
- (5) (a) Déanfar na taifid dá dtagraítear i bhfo-ailt (2) agus (3) a ullmhú tráth nach déanaí ná an dáta a cheanglófar tuairisceán don tréimhse innhuirearaithe lena mbaineann a sheachadadh.
- (b) I gcás go ndéanfaidh oifigeach Ioncaim iarraidh i scríbhinn faoi fho-alt (2), déanfaidh an duine iomchuí na taifid dá dtagraítear i bhfo-ailt (2) agus (3) a sholáthar do na Coimisinéirí Ioncaim laistigh de 30 lá ó dháta na hiarrata.
- (6) (a) I gcás go mainneoidh duine iomchuí ceanglas a chomhlíonadh, is ceanglas faisnéis a thabhairt d'oifigeach Ioncaim de réir fho-alt (5)(b), dlífear pionós €4,000 a chur ar an duine, ach beidh sé sin faoi réir mhír (b).
- (b) I gcás gur duine a thagann faoi réim fho-alt (3)(b) an duine iomchuí, is é €25,000 a bheidh sa phionós a shonraítear i mír (a) agus, más rud é go leanfar den mhainneachtain dá dtagraítear sa mhír sin, ar thaobh an duine sin, dlífear pionós breise €100 a chur ar an duine sin in aghaidh gach lae a leantar den mhainneachtain.
- (7) (a) San fho-alt seo—
- tá le ‘tuairisceán’ agus le ‘dáta tuairisceáin sonraithe don tréimhse innhuirearaithe’ na bríonna céanna atá leo in alt 959A;
- ciallaíonn ‘coigeartú praghsála aistrithe’ aon mhéadú ar na brabúis nó ar na gnóchain a bheidh ar áireamh i dtuairisceán arna sheachadadh ag duine iomchuí an dáta tuairisceáin sonraithe nó roimhe don tréimhse innhuirearaithe toisc go ndéanfar, de bhua alt 835C, brabúis nó gnóchain nó caillteanais duine iomchuí is innhuirearaithe i leith cánach a ríomh amhail is, seachas an chomaoin iarbhír is iníoctha nó is infhaighte faoi chomhshocraíocht, dá mbeadh an méid neamhthuilleamaíoch iníoctha nó infhaighte, de réir mar a bheidh.

- (b) I gcás go gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar amach i mír (c), ní chuirfear coigeartú praghsála aistriithe i gcuntas le linn cinneadh a dhéanamh i dtaobh an bhfuil feidhm ag pionós dá dtagraítear in alt 1077E(5) maidir leis an duine iomchuí do thréimhse inmhuirearaithe nó le linn méid aon phionóis den sórt sin a ríomh.
- (c) Is iad na coinníollacha dá dtagraítear i mír (b)—
- (i) go mbeidh na taifid dá dtagraítear i bhfo-alt (2), agus más infheidhme, i bhfo-alt (3), don tréimhse inmhuirearaithe, ullmhaithe ag an duine iomchuí laistigh den tréimhse ama a shonraítear i bhfo-alt (5)(a),
 - (ii) go ndéanfaidh an duine iomchuí na taifid dá dtagraítear i bhfomhír (i) a sholáthar d'oifigeach Ioncaim laistigh den tréimhse ama a shonraítear i bhfo-alt (5)(b), agus
 - (iii) go mbeidh na taifid dá dtagraítear i bhfomhír (i) iomlán agus cruinn agus go dtaispeánfar, d'ainneoin an choigeartaithe praghsála aistriithe, go ndearna an duine iomchuí iarrachtaí réasúnacha chun an Chuid seo a chomhlíonadh le linn dó nó di méid na comaoine iarbhír is iníoctha nó méid na comaoine iarbhír is infhaighte, de réir mar a bheidh, faoin gcomhshocraíocht, a chinneadh.
- (8) Beidh feidhm ag fo-alt (3) d'alt 886 maidir leis na taifid dá dtagraítear i bhfo-alt (2) agus (3) mar atá feidhm aige maidir le taifid a cheanglaítear leis an alt sin.

Deireadh a chur le comhaireamh dúbailte

835H. (1) Más rud é—

- (a) maidir le brabúis nó gnóchain nó caillteanais duine (dá ngairtear an 'duine céadluaite' san alt seo) is inmhuirearaithe i leith cánach faoi Sceideal D, go ríomhtar iad, de bhua alt 835C, amhail is dá mba rud é go raibh an méid neamhthuilleamaíoch i ndáil le comhshocraíocht iníoctha nó infhaighte, de réir mar a bheidh, in ionad na comaoine iarbhír is iníoctha nó is infhaighte faoi théarmaí na comhshocraíochta sin, agus
- (b) go bhfuil an páirtí eile (dá ngairtear an 'duine dá ndéantar difear' san alt seo) sa chomhshocraíocht laistigh de réim cánach faoi Sceideal D i leith na mbrabús nó na ngnóchan nó na gcaillteanas a eascraíonn as na gníomhaíochtaí iomchuí,

ansin, faoi réir fho-alt (2) agus (3), ar an duine dá ndéantar difear do dhéanamh éilimh, déanfar brabúis nó gnóchain nó caillteanais an duine dá ndéantar difear a eascraíonn as na gníomhaíochtaí iomchuí ar arb inmhuirearaithe cáin faoi Sceideal D a ríomh amhail is dá mba rud é go raibh an méid neamhthuilleamaíoch (arna chinneadh de réir alt 835C) i ndáil leis an gcomhshocraíocht iníoctha nó infhaighte, de réir mar a bheidh, in ionad na comaoine iarbhír is iníoctha nó is infhaighte ag an duine dá ndéantar difear faoi théarmaí na comhshocraíochta sin.

- (2) (a) Ní dhéanfar, le fo-alt (1), difear do na creidmheasanna a bheidh le cur i gcuntas ag an duine dá ndéantar difear i leith stoic thrádála ar scor, d'aon tréimhse inmhuirearaithe.
- (b) Chun críocha an fho-ailt seo, tá le 'stoc trádála', i ndáil le trádáil, an bhri chéanna atá leis chun críocha alt 89.
- (3) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (1) i ndáil le comhshocraíocht mura n-íocfar, agus go dtí go n-íocfar, aon cháin atá dlite agus iníoctha ag an duine céadluaite don tréimhse inmhuirearaithe, arb ina leith a dhéantar na brabúis nó na gnóchain nó na cailleanais, de bhua alt 835C, a ríomh amhail is dá mba rud é go raibh an méid neamhthuilleamaíoch i ndáil leis an gcomhshocraíocht iníoctha nó infhaighte, de réir mar a bheidh, in ionad na comaoine iarbhír is iníoctha nó is infhaighte faoi théarmaí na comhshocraíochta sin.
- (4) I gcás brabúis nó gnóchain duine dá ndéantar difear a bheith laghdaithe de bhua fho-alt (1), ansin, déanfar méid na cánach coigríche (más ann) a bhféadfár faoiseamh a thabhairt ina leith faoi aon socruithe faoisimh ó chánachas dúbailte nó faoi mhír 9DA nó 9FA de Sceideal 24 a laghdú de mhéid na cánach coigríche nach mbeadh, nó nach mbeadh tagtha chun bheith, iníoctha dá mba rud é, chun críocha na cánach sin, go raibh an méid neamhthuilleamaíoch (arna chinneadh de réir alt 835C) i ndáil leis an gcomhshocraíocht iníoctha nó infhaighte ag an duine dá ndéantar difear, de réir mar a bheidh, in ionad na comaoine iarbhír is iníoctha nó is infhaighte faoi théarmaí aon chomhshocraíochta lena mbaineann fo-alt (1).
- (5) (a) Más rud é, i ndáil le comhshocraíocht—
- (i) gur comhaltaí den ghrúpa céanna na daoine, arbh iad an duine dá ndéantar difear agus an duine céadluaite iad ar leith ón mír seo,
- (ii) gurb éard atá sa chomhshocraíocht gníomhaíochtaí de réir bhrí mhír (a) den mhíniú ar 'oibríochtaí eiscthe' in alt 21A, agus
- (iii) go ndéanann na daoine dá dtagraítear i bhfómhír (i) comhrogha go mbeidh feidhm ag an alt seo,
- ansin, ní bheidh feidhm ag alt 835C ná ag an alt seo i ndáil leis an gcomhshocraíocht sin.
- (b) Déanfar rogha faoi mhír (a)(iii) trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don oifigeach Ioncaim an dáta tuairisceáin sonraithe don tréimhse inmhuirearaithe (de réir bhrí alt 959A) nó roimhe do thréimhse inmhuirearaithe an duine arbh é nó í, ar leith ó mhír (a), an duine céadluaite é nó í, agus leagfar amach san fhógra na fíorais is gá chun a thaispeáint go bhfuil na daoine dá dtagraítear i mír (a)(i) i dteideal an rogha a dhéanamh.
- (6) Maidir le haon choigeartuithe a cheanglófar a dhéanamh de bhua an ailt seo, is trí mheasúnacht a dhéanamh nó a leasú a dhéanfar iad.

An t-idirghníomhú le forálacha maidir le liúntais chaipitiúla

835HA. (1) Ní bheidh feidhm ag alt 835C le linn na nithe seo a leanas a ríomh—

- (a) méid aon liúntas a bheidh le tabhairt don fhaighteoir faoi fhorálacha na nAchtanna Cánach i leith caiteachas caipitiúil arna thabhtú ar shócmhainn i gcás nach mó ná €25 mhilliún méid iomlán an chaiteachais chaipitiúil arna thabhtú ar an tsócmhainn,
- (b) méid aon liúntas a bheidh le tabhairt don fhaighteoir i leith caiteachas caipitiúil arna thabhtú ar shócmhainn dholáimhsithe shonraithe lena mbaineann alt 291A in imthosca ina measfar, faoi alt 288(3C), chun críocha Chaibidlí 2 agus 4 de Chuid 9, gurb é an méid caiteachais a bheidh fós gan lamháil maidir leis an tsócmhainn dholáimhsithe shonraithe méid an chaiteachais sin,
- (c) méid aon liúntais cothromaíochta nó aon mhuirir cothromaíochta a bheidh le tabhairt do sholáthróir sócmhainne, nó le gearradh ar sholáthróir sócmhainne, faoi fhorálacha na nAchtanna Cánach i gcás nach mó ná €25 mhilliún margadhluach na sócmhainne tráth an teagmhais is bun leis an liúntas cothromaíochta nó leis an muirear cothromaíochta, de réir mar a bheidh, nó
- (d) méid aon liúntas a bheidh le tabhairt d'fhaighteoir i leith caiteachas caipitiúil arna thabhtú ar shócmhainn, nó aon liúntais cothromaíochta nó aon mhuirir cothromaíochta a bheidh le tabhairt don soláthróir, nó le gearradh ar an soláthróir, i leith an tsócmhainn sin a sholáthar, in imthosca—
 - (i) ina ndéanann an faighteoir agus an soláthróir comhrogha fúthu seo a leanas—
 - (I) alt 289(6), nó
 - (II) alt 312(5)(a),
 - (ii) ina dtarlaíonn soláthar agus fáil na sócmhainne mar chuid den aistriú de thrádáil iomlán nó de chuid de thrádáil lena mbaineann—
 - (I) alt 308A(3),
 - (II) alt 310(3),
 - (III) alt 400(6),
 - (IV) alt 631(2), nó
 - (V) alt 670 (12),
 - (iii) ina dtarlaíonn soláthar agus fáil na sócmhainne i gcúrsa cumasc lena mbaineann alt 633A,
 - (iv) inar soláthar agus fáil leasa i dtalamh feirme lena mbaineann alt 658(9) an soláthar agus an fháil,

- (v) ina dtarlaíonn soláthar agus fáil na sócmhainne i gcúrsa comhshó cumainn foirgníochta ina chuideachta, lena mbaineann mír 1 de Sceideal 16, nó
 - (vi) ina dtarlaíonn soláthar agus fáil na sócmhainne i gcúrsa aistriú, lena mbaineann mír 2 de Sceideal 17, ó bhanc taisce iontaobhais chuig cuideachta chomharbais.
- (2) (a) Le linn a chinneadh, chun críocha fho-alt (1)(a), an mó an caiteachas caipitiúil arna thabhtú ar shócmhainn (dá ngairtear ‘an tsócmhainn chéadluaite’ sa mhír seo) ná €25 mhilliún (dá ngairtear an ‘tairseach €25 mhilliún’ sa mhír seo agus i mír (b)), cuirfear leis an gcaiteachas caipitiúil arna thabhtú ar an tsócmhainn sin aon chaiteachas caipitiúil arna thabhtú ar shócmhainn eile más rud é—
- (i) gur chuid den tsócmhainn chéanna leis an tsócmhainn chéadluaite an tsócmhainn eile aon tráth, agus
 - (ii) mar chuid de scéim chun nach sroichfear an tairseach €25 mhilliún i ndáil leis an tsócmhainn chéadluaite agus leis an tsócmhainn eile, go bhfuair an faighteoir í faoi chomhshocraíocht ar leithligh.
- (b) Le linn a chinneadh, chun críocha fho-alt (1)(c), an mó margadhluach sócmhainne (dá ngairtear ‘an tsócmhainn chéadluaite’ sa mhír seo) ná an tairseach €25 mhilliún, cuirfear le margadhluach na sócmhainne sin margadhluach aon sócmhainne eile—
- (i) ba chuid den tsócmhainn chéanna leis an tsócmhainn chéadluaite aon tráth, agus
 - (ii) mar chuid de scéim chun nach sroichfear an tairseach €25 mhilliún i ndáil leis an tsócmhainn chéadluaite agus leis an tsócmhainn eile, a sholáthair an soláthraí faoi chomhshocraíocht ar leithligh.
- (3) I gcás go mbeidh feidhm ag alt 835C le linn aon asbhaintí nó breisithe a ríomh a bheidh le tabhairt d’fhaighteoir sócmhainne nó do sholáthraí sócmhainne, de réir mar a bheidh, i leith liúntais agus muirir a bhaineann le caiteachas caipitiúil ar shócmhainn—
- (a) faoi réir fho-alt (4), beidh feidhm ag an gCuid seo d’ainneoin aon fhoráil i gCuid 9, 10, 23, 24, 24A, 29 nó 36 nó i Sceideal 18B maidir le liúntais nó muirir a bhaineann le caiteachas caipitiúil a ríomh, agus
 - (b) ní mó méid aon mhuirir cothromaíochta a bheidh le gearradh ar sholáthraí sócmhainne ná an méid caiteachais chaipitiúil arna thabhtú ag an soláthraí ar an tsócmhainn sin.
- (4) Ní bheidh feidhm ag alt 835C in ionad aon fhoráil eile de Chuid 9, 10, 23, 24, 24A, 29 nó 36 nó de Sceideal 18B más rud é go mbeadh de thoradh ar a fheidhmiú—
- (a) gurbh airde méid aon liúntas a bheidh le tabhairt d’fhaighteoir i leith caiteachas caipitiúil arna thabhtú ar shócmhainn, nó

- (b) gurbh airde méid aon liúntais cothromaíochta a bheidh le tabhairt do sholáthróir de dhroim soláthar sócmhainne, nó
- (c) gurbh ísle méid aon mhuirir cothromaíochta a bheidh le gearradh ar sholáthróir de dhroim soláthar sócmhainne,

ná mar a bheadh faoin bhforáil nó faoi na forálacha lena mbaineann de Chuid 9, 10, 23, 24, 24A, 29 nó 36 nó de Sceideal 18B.

- (5) Más rud é, faoi réir an ailt seo, go mbeidh feidhm ag alt 835C le linn méid aon liúntas a ríomh a bheidh le tabhairt d'fhaighteoir i leith caiteachas caipitiúil arna thabú ar shócmhainn dholáimhsithe shonraithe (de réir bhrí alt 291A), beidh feidhm, i ngach tréimhse inmhuirearaithe, ag alt 291A(3) fara aon mhodhnuithe is gá chun éifeacht a thabhairt d'alt 835C(2)(a).

An t-idirghníomhú le forálacha lena ndéileáiltear le gnóchain inmhuirearaithe

835HB. (1) Faoi réir an ailt seo, beidh feidhm ag alt 835C chun na nithe seo a leanas a ríomh—

- (a) méid aon ghnóchain inmhuirearaithe nó aon chaillteanais inlamhála a eascróidh chuig soláthróir ar shócmhainn a sholáthar faoi chomhshocraíocht lena mbaineann alt 835C, is diúscairt sócmhainne inmhuirearaithe chun críocha na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil nó na nAchtanna Cánach Corparáide a mhéid a bhaineann siad le gnóchain inmhuirearaithe, agus
 - (b) i gcás faighteoir sócmhainne faoi chomhshocraíocht lena mbaineann alt 835C, méid aon chomaoine chun an tsócmhainn a fháil a chuirtear i gcuntas le linn méid aon ghnóchain a eascróidh chuig an duine ar sholáthar dá éis sin den tsócmhainn a chinneadh, is diúscairt sócmhainne inmhuirearaithe chun críocha na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil nó na nAchtanna Cánach Corparáide a mhéid a bhaineann siad le gnóchain inmhuirearaithe.
- (2) Ní bheidh feidhm ag alt 835C le linn méid aon ghnóchain inmhuirearaithe nó aon chaillteanais inlamhála a eascróidh chuig soláthróir ar shócmhainn inmhuirearaithe a dhiúscairt faoi chomhshocraíocht más rud é—
- (a) nach mó ná €25 mhilliún margadhluach na sócmhainne,
 - (b) go ndéanfar an tsócmhainn a dhiúscairt in imthosca ina measfar, chun críoch cánach corparáide ar ghnóchain inmhuirearaithe nó cánach gnóchan caipitiúil, fúthu seo a leanas—
 - (i) alt 615(2),
 - (ii) alt 617(1),
 - (iii) alt 632(1),
 - (iv) alt 633,
 - (v) alt 633A,
 - (vi) alt 702(2), nó

- (vii) mír 5(2) de Sceideal 17,
- go bhfuarthas í ar chomaoin ina raibh cibé méid a d'áiritheodh nach bhfabhródh, ar an diúscairt, gnóchan ná cailteanas chuig an duine a dhéanfaidh an diúscairt,
- (c) go n-aistreofar an tsócmhainn i gcúrsa comhshó cumainn foirgníochta ina chuideachta chomharbais lena mbaineann mír 3(1) de Sceideal 16,
- (d) go bhfuil feidhm ag alt 606(2) i ndáil leis an tsócmhainn a dhiúscairt, nó
- (e) go ndéanfaidh duine is pearsa aonair an tsócmhainn a dhiúscairt chuig cuideachta agus, díreach tar éis don chuideachta í a fháil, gur sócmhainn inmhuirearaithe an tsócmhainn i ndáil leis an gcuideachta sin.
- (3) Ní bheidh feidhm ag alt 835C chun méid aon chomaoine a chinneadh i leith faighteoir d'fháil sócmhainn inmhuirearaithe más rud é—
- (a) nach mó ná €25 mhilliún margadhluach na sócmhainne inmhuirearaithe a fuarthas, nó
- (b) chun críoch cánach corparáide ar ghnóchain inmhuirearaithe nó cánach gnóchan caipitiúil, fúthu seo a leanas—
- (i) aon cheann de na forálacha a luaitear i bhfomhíreanna (i) go (vi) d'fho-alt (2)(b) nó i mír 5(3) de Sceideal 17, nó
- (ii) alt 631(3),
- go ndéileálfar leis an bhfaighteoir amhail is dá mba fháil na sócmhainne ag an bhfaighteoir fáil na sócmhainne ag an duine a dhéanfaidh an diúscairt.
- (4) Le linn a chinneadh, chun críocha fho-alt (2)(a) nó 3(a), an mó margadhluach sócmhainne (dá ngairtear 'an tsócmhainn chéadluaite' san fho-alt seo) ná €25 mhilliún (dá ngairtear an 'tairseach €25 mhilliún' san fho-alt seo), cuirfear le margadhluach na sócmhainne sin margadhluach aon sócmhainne eile—
- (a) ba chuid den tsócmhainn chéanna leis an tsócmhainn chéadluaite aon tráth, agus
- (b) mar chuid de scéim chun nach sroichfear an tairseach €25 mhilliún i ndáil leis an tsócmhainn chéadluaite agus leis an tsócmhainn eile, gur sholáthair nó go bhfuair an soláthróir agus an faighteoir, de réir mar a bheidh, í faoi chomhshocraíocht ar leithligh.
- (5) (a) Más rud é—
- (i) maidir le gnóchan soláthróra is inmhuirearaithe i leith cánach i ndáil le sócmhainn inmhuirearaithe a dhiúscairt, go ríomhtar é, de bhua alt 835C, amhail is dá mba rud é go raibh an méid neamhthuilleamaíoch infhaighte in ionad na comaoine iarbhír is infhaighte i leith na diúscartha faoi chomhshocraíocht, agus

- (ii) gur sócmhainn inmhuirearaithe, i ndáil leis an bhfaighteoir faoin gcomhshocraíocht, an tsócmhainn,

ansin, measfar go bhfuair an faighteoir an tsócmhainn ar chomaoin atá comhionann leis an méid neamhthuilleamaíoch.

- (b) Ní bheidh feidhm ag mír (a) i ndáil le comhshocraíocht mura n-íocfar, agus go dtí go n-íocfar, aon cháin atá dlite agus iníoctha don tréimhse inmhuirearaithe ag an soláthróir a luaitear i mír (a)(i) i leith na diúscartha, a ndearnadh an gnóchan uirthi a ríomh, de bhua alt 835C, amhail is dá mba rud é go raibh an méid neamhthuilleamaíoch infhaighte in ionad na comaoine iarbhír is infhaighte faoi théarmaí na comhshocraíochta.

- (6) (a) I gcás go bhfuil feidhm ag alt 835C le linn méid aon ghnóchain inmhuirearaithe nó aon chaillteanais inlamhála a eascróidh chuig an soláthróir ar dhiúscairt sócmhainne inmhuirearaithe faoi chomhshocraíocht a ríomh, nó le linn a mheas go bhfuair an faighteoir sócmhainn faoi chomhshocraíocht ar chomaoin atá comhionann leis an méid neamhthuilleamaíoch, ansin, faoi réir mhír (b), beidh feidhm ag an gCuid seo d’ainneoin aon fhoráil eile de Chuid 19, 20 nó 22 nó de Sceideal 14 maidir le gnóchain inmhuirearaithe agus caillteanais inlamhála a ríomh.

- (b) Ní bheidh feidhm ag alt 835C in ionad aon fhoráil eile de Chuid 19, 20 nó 22 nó de Sceideal 14—

- (i) más rud é go mbeadh de thoradh ar a fheidhmiú—

(I) gurbh ísle méid aon ghnóchain inmhuirearaithe a d’eascróidh chuig an soláthróir ar dhiúscairt sócmhainne inmhuirearaithe faoi chomhshocraíocht, nó

(II) gurbh airde méid aon chaillteanais inlamhála a d’eascróidh chuig an soláthróir ar dhiúscairt dá dtagraítear i gclásal (I),

nó

- (ii) más rud é, de bhua é a fheidhmiú, go measfaí go bhfuair an faighteoir sócmhainn faoi chomhshocraíocht ar chomaoin is airde,

ná mar a bheadh faoin bhforáil nó faoi na forálacha lena mbaineann de Chuid 19, 20 nó 22 nó de Sceideal 14.”.

- (2) (a) Beidh feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le tréimhsí inmhuirearaithe dar tosach an 1 Eanáir 2020 nó dá éis.

- (b) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le liúntas (seachas liúntas cothromaíochta) a bheidh le tabhairt do dhuine i dtréimhse inmhuirearaithe dar tosach an 1 Eanáir 2020 nó dá éis i leith caiteachas caipitiúil arna thabhtú ar shócmhainn roimh an 1 Eanáir 2020.

- (3) Maidir leis an ionadú dá bhforáiltear le *fo-alt (1)* (agus mar a bhfuil éifeacht leis de bhua *fho-alt (2)(a)*), déanfar é a fhorléiriú ionas gurb amhail mar a shonraítear i *bhfo-alt (4)* a bheidh an modh ar a n-oibreoidh an t-ionadú sin, mar a bhaineann sé le

halt 835F (“an t-alt iomchuí nua”) a leagtar amach i *bhfo-alt (1) a* chur in ionad alt 835E (“an t-alt iomchuí láithreach”).

- (4) Is mar a leanas a bheidh an modh oibriúcháin a luadh anseo roimhe seo:
- (a) leanfaidh an t-alt iomchuí láithreach de bheith i ngníomh agus beidh an t-uimhriú, alt 835EA, air, go dtí, agus
 - (b) tiocfaidh an t-alt iomchuí nua i ngníomh, cibé lá, agus maidir le cibé tréimhsí inmhuirearaithe, a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú.
- (5) (a) Leasaítear alt 42 den Acht Airgeadais, 2010 i bhfo-alt (2) trí “seachas aon socrú den sórt sin a gcomhaontófar a théarmaí roimh 1 Iúil 2010” a scriosadh.
- (b) Beidh feidhm ag *mír (1)* maidir le tréimhsí inmhuirearaithe dar tosach an 1 Eanáir 2020 nó dá éis.

CAIBIDIL 5

Cáin Chorparáide

Leasú ar alt 110 den Phríomh-Acht (urrúsú)

28. Leasaítear alt 110 den Phríomh-Acht—

- (a) i bhfo-alt (1)—
 - (i) sa mhíniú ar “duine sonraithe” i bhfo-alt (1)—
 - (I) i mír (a), tríd an méid seo a leanas a scriosadh—

“i gcás go bhfuil na bríonna céanna le ‘rialáíonn’ agus le ‘rialú’ a bheadh leo dá gcuirfí alt 11 chun feidhme maidir leis an mír seo”,

agus
 - (II) i mír (b), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (ii):

“(iia) dár tugadh iasachtaí nó airleacain a shealbhaíonn an chuideachta cháilitheach, nó”,

agus
 - (ii) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘tionchar suntasach’ duine atá in ann páirt a ghlacadh i mbreitheanna airgeadais agus oibriúcháin cuideachta;”,
- (b) i bhfo-alt (2)—
 - (i) i mír (b), trí “gur drochfhiach é,” a chur in ionad “gur drochfhiach é, agus”,
 - (ii) i mír (c), trí “an tráth sin, agus” a chur in ionad “an tráth sin.”, agus
 - (iii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (c):

“(d) le linn brabúis nó gnóchain cuideachta cáilithí a ríomh, ní bheidh feidhm ag alt 835C maidir le haon mhéid arna asbhaint ag cuideachta cháilitheach i leith aon ús nó dáileadh eile arna íoc i leith urrús dá dtagraítear i bhfo-alt (4).”

(c) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5):

“(5) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (4) ach amháin i leith aon ús nó dáileadh eile a íocfaidh cuideachta cháilitheach i gcás go mbeadh sé réasúnach a mheas go ndearnadh an íocaíocht, nó go ndearnadh an t-urrús lena mbaineann an íocaíocht, chun críoch tráchtála *bona fide* agus nach cuid d’aon chomhshocraíocht nó scéim arb é an príomhchuspóir, nó ceann de na príomhchuspóirí, atá léi cáin a sheachaint.”

agus

(d) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (6):

“(7) Chun críocha an ailt seo, tá rialú ag duine ar chuideachta i gcás go bhfuil ag an duine sin—

(a) an chumhacht chun a áirithiú—

(i) trí scaireanna a shealbhú nó trí chumhacht vótála a bheith aige nó aici sa chuideachta sin, nó in aon chuideachta eile, nó i ndáil leis an gcuideachta sin, nó i ndáil le haon chuideachta eile, nó

(ii) de bhua aon chumhachtaí a thugtar leis an mbunreacht, leis na hairteagail chomhlachais nó le haon doiciméad eile lena ndéantar an chuideachta sin nó aon chuideachta eile a rialáil,

go seoltar gnóthaí na cuideachta céadluaite de réir mhianta an duine sin, nó

(b) tionchar suntasach ar an gcuideachta céadluaite agus go sealbhaíonn sé nó sí, go díreach nó go neamhdhíreach, níos mó ná—

(i) 20 faoin gcéad de scairchaipiteal eisithe na cuideachta,

(ii) 20 faoin gcéad de luach príomhshuime aon urrús dá dtagraítear i bhfo-alt (4) arna n-eisiúint ag an gcuideachta sin, nó d’aon urrúis den sórt sin i gcás nach bhfuil aon luach príomhshuime ag na hurrúis sin, nó

(iii) an ceart chun 20 faoin gcéad den ús nó de dháileadh eile is iníoctha maidir le haon urrúis dá dtagraítear i bhfo-alt (4) arna n-eisiúint ag an gcuideachta sin.”

Leasú ar Chuid 25A den Phríomh-Acht (iontaobhais infheistíochta eastáit réadaigh)

29. (1) Leasaítear Cuid 25A den Phríomh-Acht—

(a) tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 705H:

“Brabús: brabúis atá ar fáil lena ndáileadh a ríomh

- 705HA.** (1) Tá feidhm ag an alt seo maidir le haon mhéid arna chur i gcuntas ag Iontaobhas IER nó ag Grúpiontaobhas IER, le linn dó a bhrabúis chomhiomlána a ríomh, i leith aon eisíocaíocht nó caiteachas, nach airgead a leagadh amach nó a caitheadh go hiomlán agus go heisiach chun críocha an ghnó cíosa maoinne (dá ngairtear an ‘méid dílamháilte’ san alt seo).
- (2) Measfar go bhfaighidh an tIontaobhas IER nó príomhchuideachta an Ghrúpiontaobhais IER, de réir mar a bheidh, méid ioncain atá comhionann leis an méid dílamháilte.
- (3) Maidir leis an méid ioncain dá dtagraítear i bhfo-alt (2), beidh sé inmhuirearaithe i leith cáin chorparáide faoi Chás IV de Sceideal D agus measfar gur ioncam é—
- (a) a d’eascair sa tréimhse chuntasaíochta inar cuireadh an méid dílamháilte i gcuntas, agus
- (b) nach bhféadfar aon chailteanas, easnamh, caiteachas nó liúntas a fhritháireamh ina choinne.”,
- (b) tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 705I:

“Diúscairtí agus athinfheistíochtaí

- 705IA.** (1) Tá feidhm ag an alt seo i gcás go ndiúscróidh Iontaobhas IER nó Grúpiontaobhas IER maoin de chuid a ghnó cíosa maoinne.
- (2) San alt seo—
- (a) faoi réir mhír (b), ciallaíonn ‘glanfháiltis’, i ndáil le diúscairt na maoinne de chuid an ghnó cíosa maoinne, na fáiltis iomlána ó dhiúscairt den sórt sin arna laghdú d’aon mhéid a úsáidfear chun fiach sonraithe a aisíoc, go hiomlán nó go páirteach, a mhéid a úsáideadh an fiach sonraithe, atá á aisíoc, i bhfáil, feabhsú nó forbairt na maoinne a bheidh á diúscairt;
- (b) i gcás go ndéanfar tagairt don abairt ‘glanfháiltis’ (i ndáil le diúscairt den sórt sin) chun críocha fho-alt (3)(ii), measfar gur tagairt do mhéid atá comhionann leis na glanfháiltis (i ndáil le diúscairt den sórt sin) an tagairt sin de réir mar a bheidh an abairt sin le forléiriú de bhua mhír (a).
- (3) Maidir leis na glanfháiltis ó dhiúscairt na maoinne, más rud é—
- (a) nach n-infheistítear iad chun maoin nua a fháil lena húsáid i ngnó cíosa maoinne an Iontaobhais IER nó an Ghrúpiontaobhais IER,
- (b) nach n-infheistítear iad chun maoin a shealbhaítear lena húsáid i ngnó cíosa maoinne an Iontaobhais IER nó an Ghrúpiontaobhais IER a fhorbairt nó a fheabhsú, nó
- (c) nach ndáiltear iad ar scairshealbhóirí an Iontaobhais IER nó ar scairshealbhóirí príomhchuideachta an Ghrúpiontaobhais IER, de réir mar a bheidh—

- (i) roimh dhul in éag don tréimhse dá dtagraítear in alt 705I(2)(dá ngairtear an ‘tréimhse chéadluaite’ san fho-alt seo) nó, más luaithe ná an dul in éag sin, roimh an dáta a shonrófar i bhfógra arna thabhairt faoi fho-alt (1) nó (4) d’alt 705O (dá ngairtear an ‘dáta sonraithe’ san fho-alt seo), nó
- (ii) chun an coinníoll a shonraítear i mír (a) nó (b) a chomhlíonadh, roimh dhul in éag don tréimhse 12 mhí dar tosach tráth roimh dháta diúscartha na maoinne,

ansin, déileálfar le haon mhéid nár infheistíodh nó nár dáileadh amhlaidh, chun an coinníoll a shonraítear in alt 705B(1)(b)(vi) a chur chun feidhme agus chun críocha alt 705N(a), mar ioncam maoinne de chuid an Iontaobhais IER nó an Ghrúpiontaobhais IER a eascraíonn sa tréimhse chuntasaíochta ina dtéann an tréimhse chéadluaite in éag nó ina bhfuil an dáta sonraithe.

- (4) Ní bheidh feidhm ag fo-ailt (2) agus (3) d’alt 172D, ná ag fo-alt (4) d’alt 153, maidir le haon dáileadh de na fáltais ó dhiúscairt dá dtagraítear i bhfo-alt (1).”,

agus

- (c) in alt 705P(2), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad “I gcás go dtabharfar fógra faoi fho-alt (1) nó (4) d’alt 705O, measfar go ndearna an tIontaobhas IER nó comhaltaí an Ghrúpiontaobhais IER, de réir mar a bheidh, sócmhainní an Iontaobhais IER nó an Ghrúpiontaobhais IER,”:

“Más rud é—

- (a) go dtabharfar fógra faoi fho-alt (1) nó (4) d’alt 705O, agus
- (b) an tráth a thabharfar an fógra sin, go mbeidh nach lú ná cúig bliana déag caite ón dáta a tháinig an tIontaobhas IER nó an Grúpiontaobhas IER chun bheith amhlaidh faoi alt 705E(4),

measfar go ndearna an tIontaobhas IER nó comhaltaí an Ghrúpiontaobhais IER, de réir mar a bheidh, sócmhainní an Iontaobhais IER nó an Ghrúpiontaobhais IER”.

- (2) Beidh éifeacht le *fo-alt (1)(a)* ón 1 Eanáir 2020.
- (3) Beidh feidhm ag *míreanna (b)* agus *(c) d’fo-alt (1)* maidir le diúscairtí arna ndéanamh tar éis an 8 Deireadh Fómhair 2019.

Cistí eastáit réadaigh Éireannaigh

30. (1) Leasaítear Caibidil 1B de Chuid 27 den Phríomh-Acht—

- (a) in alt 739K(1)—

- (i) trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘clár comhardaithe’ an clár comhardaithe, ráiteas ar staid airgeadais nó a choibhéis arna ullmhú i leith gnóthas infheistíochta nó fochiste, de réir mar a bheidh, de réir caighdeáin chuntasaíochta

idirnáisiúnta nó, de rogha air sin, de réir an chleachtais cuntasáochta a bhfuil glacadh coitianta leis a shonraítear i réamheolaire an ghnóthais infheistíochta;

forléireofar ‘margadhluach’ de réir alt 548;

ciallaíonn ‘luach theagmhas inchánach CERÉ’ i ndáil le teagmhas inchánach CERÉ—

- (a) de réir bhrí mhír (a) den mhíniú ar ‘teagmhas inchánach CERÉ’, luach na híocaíochta iomchuí,
 - (b) de réir bhrí mhíreanna (b), (c), (d), (e) agus (f) den mhíniú ar ‘teagmhas inchánach CERÉ’, margadhluach an aonaid lúide aon mhéid a shuibscríobhfar le haghaidh an aonaid sin, agus
 - (c) de réir bhrí mhír (g) den mhíniú ar ‘teagmhas inchánach CERÉ’, méid na mbrabús CERÉ fabhráithe arna ndíol nó arna n-aistriú;”,
- (ii) sa mhíniú ar “sócmhainní CERÉ”, i mír (d), trí “(de réir bhrí alt 110(5A))” a chur isteach i ndiaidh “morgáistí sonraithe”, agus
- (iii) sa mhíniú ar “brabúis eisiata CERÉ”, tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (c):

“(c) i ndáil le scaireanna, de réir bhrí mhír (b) den mhíniú ar ‘sócmhainní CERÉ’, aon bhrabúis nó gnóchain seachas—

(i) díbhinní ioncaim maoiné, nó

(ii) dáiltí i leith gnóchain a fhabhróidh ar shócmhainní a dhiúscairt, is sócmhainní de chuid ghnó cíosa maoiné an Iontaobhais IER nó an Ghrúptiontaobhais IER lena mbaineann, de réir mar a bheidh,

i ndáil leis na scaireanna sin;”,

(b) tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 739K:

“Fiontair chomhlachaithe

739KA.(1) San alt seo agus in alt 739LC—

tá le ‘bainteach’ an bhrí chéanna atá leis in alt 10, faoi réir an mhodhnaithe go ndéanfar tagairtí in alt 10 do ‘rialú’ a léamh amhail is dá mba thagairtí iad do rialú de réir bhrí fho-alt (4) den alt seo;

ciallaíonn ‘éarlais’ suim airgid a íocfar le fiontar ar théarmaí faoina bhféadfar í, nó aon chuid di, a aisíoc i dteannta nó d’éagmais úis agus sin ar éileamh nó ag tráth nó in imthosca ar a gcomhaontófar idir an duine nó thar ceann an duine a dhéanfaidh an íocaíocht agus an duine lena ndéanfar í, d’ainneoin go bhféadfadh an méid a bheidh le haisíoc a bheith nasctha go feadh aon mhéid le hathruithe, nó le cinneadh go feadh aon mhéid de réir athruithe, ar innéacs stocmhalaráin nó ar aon innéacs airgeadais eile;

ciallaíonn ‘fiontar’ eintiteas nó pearsa aonair;

ciallaíonn ‘eintiteas’—

- (a) duine (seachas pearsa aonair),
- (b) gnóthas infheistíochta, faoi réir fho-alt (2),
- (c) scéim pinsean,
- (d) ciste eischósta (de réir bhrí alt 734(1)), nó
- (e) aon chomhaontú, gnóthas, scéim nó comhshocraíocht eile, cibé acu a bunaíodh nó a cruthaíodh é nó í faoi dhlí an Stáit nó faoi dhlí críche seachas an Stát,

a mheasfaí ina leith, chun críocha na nAchtanna Cánach—

- (i) go mbeadh aon cheann de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír (b), (c) nó (d) d'fho-alt (4) á seoladh aige nó aici, nó
- (ii) go mbeadh méideanna á n-airleacan, cistí á gcur ar fáil nó ús á fháil aige nó aici amhail dá dtagraítear i bhfo-ailt (3) agus (4) d'alt 739LC;

ciallaíonn ‘comhalta’, i ndáil le scéim pinsean—

- (a) fostóir nó fostaí, i leith scéim dá dtagraítear in alt 774,
- (b) pearsa aonair dá dtagraítear in alt 784(1)(a), 784A(1)(b), 784C(2) nó 785(1), nó
- (c) ranníocóir, de réir bhrí alt 787A, i leith CCSP;

ciallaíonn ‘tionchar suntasach maidir le bainistiú’, i ndáil le heintiteas, a bheith in ann páirt a ghlacadh i mbreitheanna airgeadais agus oibriúcháin an eintitis sin.

- (2) I gcás gur bratscéim an t-eintiteas dá dtagraítear i mír (b) den mhíniú ar ‘eintiteas’, tabharfar aird ar gach fochiste den bhratscéim sin agus ar shealbhóirí aonad an fochiste sin, amhail is dá mba eintiteas ann féin an fochiste sin.
- (3) Chun críocha an ailt seo agus alt 739LC, measfar gur comhlach d'fhiontar eile é fiontar más rud é—
 - (a) go bhfuil rialú ag ceann amháin den 2 fhiontar ar an bhfiontar eile, nó go bhfuil an dá fhiontar faoi rialú an fhiontair chéanna nó na bhfiontar céanna,
 - (b) go bhfuil fiontar amháin bainteach leis an bhfiontar eile,
 - (c) gur fiontair chomhlachaithe de réir bhrí alt 739D(1)(a) na fiontair sin, i gcás gur gnóthais infheistíochta nó eintitis dá samhail arna mbunú faoi dhlí críche seachas an Stát na fiontair sin,
 - (d) gur scéim pinsean é fiontar amháin agus gur comhalta den scéim sin é an fiontar eile, nó
 - (e) gur scéim é fiontar amháin, den tsamhail chéanna le scéim pinsean, a bhunaítear faoi dhlíthe críche seachas an Stát agus gur comhalta den scéim sin an fiontar eile.

- (4) Chun críocha an ailt seo, measfar rialú a bheith ag fiontar ar eintiteas má chomhlíontar ceann amháin nó níos mó ná ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas:
- (a) i gcás gur eintiteas an fiontar, agus—
- (i) go bhfuil an dá eintiteas ar áireamh sna ráitis airgeadais chomhdhlúite chéanna arna n-ullmhú fúthu seo a leanas—
- (I) caighdeáin chuntasaíochta idirnáisiúnta, nó
- (II) cleachtas cuntasaíochta Éireannach a bhfuil glacadh coitianta leis,
- nó
- (ii) maidir leis an dá eintiteas—
- (I) nach bhfuil siad ar áireamh sna ráitis airgeadais chomhdhlúite chéanna, nó
- (II) go bhfuil siad ar áireamh i ráitis airgeadais chomhdhlúite arna n-ullmhú faoi chleachtas cuntasaíochta dá dtagraítear i mír (a) (i)(I),
- ach go mbeidís, dá n-ullmhófaí ráitis airgeadais chomhdhlúite faoin gcleachtas cuntasaíochta dá dtagraítear i mír (a)(i)(I), ar áireamh sna ráitis airgeadais chomhdhlúite chéanna;
- (b) i gcás go bhfeidhmíonn an fiontar sin rialú, nó go bhfuil an fiontar sin in ann rialú a fheidhmiú, nó i dteideal rialú a fháil, cibé acu is rialú díreach nó neamhdhíreach, ar ghnóthaí an eintitis, agus, go háirithe, ach gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo—
- (i) más rud é go bhfuil na nithe seo a leanas ag fiontar den sórt sin, nó go bhfuil sé i dteideal na nithe seo a leanas a fháil (seachas sna himthosca a thuairiscítear in alt 739LC(4))—
- (I) méid nach lú ná 25 faoin gcéad díobh seo a leanas—
- (A) scairchaipiteal eisithe cuideachta, nó
- (B) aonaid gnóthais infheistíochta,
- (II) méid nach lú ná 25 faoin gcéad den chumhacht vótála san eintiteas, nó
- (III) cibé cearta a thabharfadh teideal don fhiontar, go díreach nó go neamhdhíreach, i gcás go ndáilfí brabúis iomlána an eintitis, 25 faoin gcéad nó níos mó de na brabúis arna ndáileadh amhlaidh a fháil,
- nó
- (ii) de bhua aon chumhachtaí a thugtar leis an mbunreacht, leis na hairteagail chomhlachais nó le haon doiciméad eile lena ndéantar an t-eintiteas sin nó aon eintiteas eile a rialáil;

- (c) i gcás go bhfuil tionchar suntasach maidir le bainistiú an eintitis ag an bhfiontar;
- (d) i gcás go sealbhaíonn an fiontar ceann amháin nó an dá cheann de na hurrúis seo a leanas san eintiteas:
 - (i) urrúis is inchomhshóite go díreach nó go neamhdhíreach ina scaireanna i gcuideachta, nó ina n-aonaid sa ghnóthas infheistíochta, nó ina n-urrúis lena ngabhann aon cheart chun aonaid nó urrúis de chuid an eintitis a fháil;
 - (ii) urrúis faoina bhfuil an chomaoin a thug an t-eintiteas i leith úsáid na príomhshuime atá urraithe—
 - (I) ag brath aon mhéid ar thorthaí ghnó an eintitis nó aon choda de ghnó an eintitis, i gcás nach gnóthas infheistíochta é an t-eintiteas, nó
 - (II) in ionannas do chuid is mó ná fáltas tráchtála réasúnach as úsáid na príomhshuime sin.
- (5) I gcás go gcomhlíonann 2 fhiontar bhainteacha nó níos mó, le chéile, an coinníoll a leagtar amach i bhfo-alt (4)(b), measfar rialú a bheith ag gach ceann díobh ar an eintiteas.
- (6) Chun críocha fho-alt (4)(b), measfar go bhfuil fiontar i dteideal aon rud a fháil má tá an fiontar sin i dteideal é a fháil tráth éigin sa todhchaí nó más rud é go mbeidh sé, tráth éigin sa todhchaí, i dteideal é a fháil.
- (7) Chun críocha fho-ailt (4)(b) agus (5), glactar leis go bhfuil ag fiontar aon chearta nó cumhachtaí atá ag ainmnitheach don fhiontar sin, is é sin, aon chearta nó cumhachtaí a shealbhaíonn fiontar eile thar ceann an fhiontair sin nó a gceanglófar air a fheidhmiú ar threorú ón bhfiontar sin nó thar ceann an fhiontair sin.
- (8) Chun críocha fho-ailt (4)(b) agus (5), féadfar glacadh leis freisin go bhfuil ag aon fhiontar (dá ngairtear an ‘fiontar céadluaite’ san fho-alt seo) na cearta agus na cumhachtaí go léir atá acu seo a leanas—
 - (a) aon fhiontar a bhfuil rialú ag an bhfiontar céadluaite, nó ag an bhfiontar céadluaite agus ag comhlaigh de chuid an fhiontair chéadluaite, air,
 - (b) aon 2 fhiontar nó níos mó a bhfuil rialú ag an bhfiontar céadluaite, nó ag an bhfiontar céadluaite agus ag comhlaigh de chuid an fhiontair chéadluaite, orthu,
 - (c) aon chomhlach de chuid an fhiontair chéadluaite, nó
 - (d) aon 2 chomhlach nó níos mó de chuid an fhiontair chéadluaite,
 lena n-airítear na cearta agus na cumhachtaí a nglactar leis go bhfuil siad ag fiontar nó ag comhlach faoi fho-alt (7), ach gan na cearta agus na cumhachtaí sin a nglactar leis go bhfuil siad ag comhlach faoin bhfo-alt seo a áireamh.”,

(c) in alt 739L—

(i) trí “ $A \times \frac{B}{C} - D + E$ ”

a chur in ionad “ $A \times \frac{B}{C} - D$ ”,

(ii) trí “gurb é A luach an teagmhais inchánaigh CERÉ is inchurtha i leith bhrabúis choinnithe an CERÉ” a chur in ionad “gurb é A an chuid den teagmhas inchánach CERÉ is inchurtha i leith bhrabúis choinnithe an CERÉ,”

(iii) trí “CERÉ,” a chur in ionad “CERÉ, agus”,

(iv) trí “roimhe sin, agus” a chur in ionad “roimhe sin.”

(v) tríd an méid seo a leanas a chur isteach:

“gurb é E méid arna ríomh mar an difear idir luach an teagmhais inchánaigh CERÉ agus luach an aonaid de réir chlár comhardaithe an CERÉ, i gcás gur teagmhas inchánach CERÉ dá dtagraítear i mír (b) den mhíniú ar ‘luach theagmhas inchánach CERÉ’ in alt 739K(1) é an teagmhas inchánach CERÉ agus gur lú luach an aonaid de réir chlár comhardaithe an CERÉ ná luach an teagmhais inchánaigh CERÉ.”

(vi) trí fho-alt (1) a thabhairt ar an alt (arna leasú le *fomhíreanna (i) go (v)*), agus

(vii) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(2) Chun críocha fho-alt (1), ciallaíonn ‘luach an aonaid de réir chlár comhardaithe an CERÉ’ glanluach sócmhainní an CERÉ, arna ríomh de réir chlár comhardaithe an CERÉ an dáta a ríomhfar luach theagmhas inchánach CERÉ, is inchurtha i leith gach aonaid lúide aon mhéid arna shuibscríobh le haghaidh an aonaid sin.”

(d) trí na hailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 739L

“Brabús: cóimheas costais maoinithe

739LA. (1) San alt seo—

ciallaíonn ‘costais maoinithe maoinne choigeartaithe’ na costais maoinithe maoinne lúide aon mhéid ioncaim dá dtagraítear i bhfo-alt (2)(b);

ciallaíonn ‘costais maoinithe maoinne’ costais, ar costais maoinithe fiachais nó léasanna airgeadais iad, a chuirtear i gcuntas le linn brabúis CERÉ a ríomh, lena n-áirítear méideanna i leith na nithe seo a leanas—

(a) ús, lascainí, préimheanna, nó glanchostais bhabhtála nó fáilaithe, agus

(b) táillí nó caiteachais eile a bhaineann le maoiniú fiachais a chruinniú nó le léasanna airgeadais a shocrú;

ciallaíonn ‘cóimheas costas maoinithe maoinne’ an cóimheas atá idir comhshuim brabús de chuid CERÉ agus na gcostas maoinithe maoinne choigeartaithe de chuid CERÉ agus costais maoinithe maoinne choigeartaithe an CERÉ;

ciallaíonn ‘costas iomchuí’ an méid ab inlamhála mar asbhaint chun críocha na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil faoi alt 552(1);

ciallaíonn ‘fiach sonraithe’ aon fhiach arna thabhu ag CERÉ i leith airgead arna fháil ar iasacht ag an CERÉ nó arna airleacan don CERÉ.

- (2) (a) Tá feidhm ag an bhfo-alt seo i gcás gur mó comhiomlán an fhéich shonraithe ná méid atá comhionann le 50 faoin gcéad de chostas iomchuí na sócmhainní CERÉ (agus ‘fiach sonraithe breise’ a ghairtear den bhreis sin san fho-alt seo).
- (b) I gcás go bhfuil feidhm ag an bhfo-alt seo, measfar, chun críocha na nAchtanna Cánach Ioncaim, go bhfuair an CERÉ méid ioncaim arna chinneadh de réir na foirmle—

$$A \times \frac{B}{C}$$

más rud é—

gurb é A na costais maoinithe maoinne,

gurb é B an fiach sonraithe breise, agus

gurb é C an fiach sonraithe iomlán.

- (3) (a) Tá feidhm ag an bhfo-alt seo i gcás gur lú cóimheas costas maoinithe maoinne an CERÉ ná 1.25:1 do thréimhse chuntasaíochta.
- (b) I gcás go bhfuil feidhm ag an bhfo-alt seo, measfar, chun críocha na nAchtanna Cánach Ioncaim, go bhfuair an CERÉ méid ioncaim atá comhionann leis an méid dá gcaithfí na costais maoinithe maoinne choigeartaithe a laghdú chun go mbeadh an cóimheas costas maoinithe maoinne comhionann le 1.25:1 don tréimhse chuntasaíochta sin.
- (4) Déanfar an méid ioncaim dá dtagraítear i bhfo-ailt (2) agus (3) a mhuirearú i leith cáin ioncaim faoi Chás IV de Sceideal D agus déileálfar leis mar ioncam—
- (a) a eascróidh sa bhliain mheasúnachta ina dtiocfaidh deireadh leis an tréimhse chuntasaíochta inar cuireadh an méid i gcuntas, agus
- (b) nach bhféadfar aon chailteanas, easnamh, caiteachas nó liúntas a fhritháireamh ina choinne.

Brabús: brabús atá ar fáil lena ndáileadh a ríomh

- 739LB.** (1) Tá feidhm ag an alt seo maidir le haon mhéid arna chur i gcuntas ag CERÉ le linn brabúis an CERÉ a ríomh, i leith aon eisíocaíocht nó aon chaiteachas, nach airgead a leagadh amach nó a caitheadh go hiomlán agus go heisiach chun críocha ghnó an CERÉ (dá ngairtear an ‘méid dílamháilte’ san alt seo).
- (2) Measfar go bhfuair an CERÉ, chun críocha na nAchtanna Cánach Ioncaim, méid ioncaim atá comhionann leis an méid dílamháilte.

- (3) Déanfar an méid ioncaim dá dtagraítear i bhfo-alt (2) a mhuirearú i leith cáin ioncaim faoi Chás IV de Sceideal D agus déileálfar leis mar ioncam—
- (a) a eascróidh sa bhliain mheasúnachta ina dtiocfaidh deireadh leis an tréimhse chuntasaíochta inar cuireadh an méid dílamháilte i gcuntas, agus
- (b) nach bhféadfar aon chailteanas, easnamh, caiteachas nó liúntas a fhritháireamh ina choinne.

Eisiamh i leith fiach tríú páirtí

739LC. (1) Más rud é—

- (a) go measfar gur eascair méid ioncaim chuig CERÉ faoi alt 739LA nó 739LAA, agus
- (b) go mbainfidh cuid den mhéid sin nó an méid sin go léir le fiach tríú páirtí,
- laghdófar an méid ioncaim a muirearófar cáin ioncaim ar an CERÉ ina leith den mhéid ioncaim a muirearófaí cáin air mura mbeadh san fhiach sonraithe ach fiach tríú páirtí.
- (2) (a) Faoi réir fho-alt (4), chun críocha an ailt seo, ciallaíonn ‘fiach tríú páirtí’—
- (i) iasacht arna hairleacan don CERÉ ag fiontar seachas comhlach de chuid an CERÉ sin,
- (ii) i gcás go n-úsáidfean an méid iomlán arna airleacan, faoi réir mhír (c), i gceannach, forbairt, feabhsú nó deisiú áitribh, agus
- (iii) nach mbeidh an iasacht faoi réir aon chomhshocraíochtaí de chineál dá dtagraítear i bhfo-alt (3),
- agus folaíonn sé iasacht a chomhlíonann coinníollacha fhomhíreanna (i) agus (iii) i gcás go n-úsáidfean an méid arna airleacan chun iasacht, a chomhlíon coinníoll fhomhír (ii), a aisíoc.
- (b) Aon tagairtí san alt seo do mhéid a bheith á airleacan do CERÉ, nó a bheith iníoctha ag CERÉ, léifear iad mar thagairtí a fholáíonn méid arna airleacan do chomhpháirtíocht, nó is iníoctha ag comhpháirtíocht, ar comhpháirtí inti an CERÉ.
- (c) Chun críocha mhír (a)(ii)—
- (i) maidir le hairgead a fuarthas ar iasacht an tráth nó thart ar an tráth a ceannaíodh an t-áitreabh, measfar gur úsáideadh é i gceannach an áitribh sin, agus
- (ii) maidir le méideanna a úsáideadh i gceannach maoiné ó chomhlach de chuid CERÉ, ní mheasfar gur fiach tríú páirtí iad ach amháin más rud é, díreach roimh an gceannach, go ndearna an comhlach sin obair forbartha shuntasach ar an maoin, sa mhéid gur mó an fhorbairt sin ná 30 faoin gcéad de mhargadhluach na maoiné an

dáta a cuireadh tús leis an bhforbairt, agus go bhfuil an mhaoin á fáil ag an CERÉ chun críoch cíosa maoin.

(3) Chun críocha fho-alt (2)(a)(iii), is iad na comhshocraíochtaí aon cheann díobh seo a leanas:

(a) comhshocraíochtaí ar dá mbun—

(i) atá ús iníoctha ag CERÉ le fiontar eile sa mhéid nach bhfuil feidhm ag an alt seo de bhua nach bhfuil an CERÉ agus an fiontar lena mbaineann i gcomhlachas agus dá bhua sin amháin, agus

(ii) atá ús iníoctha ag fiontar éigin eile, nach bhfuil comhlachaithe leis an CERÉ, le fiontar atá comhlachaithe leis an CERÉ;

(b) comhshocraíochtaí ar dá mbun—

(i) atá ús iníoctha ag CERÉ le fiontar eile (dá ngairtear an ‘fiontar céadluaite’ sa mhír seo) i gcás nach bhfuil an CERÉ agus an fiontar céadluaite i gcomhlachas, agus

(ii) maidir leis an bhfiontar céadluaite—

(I) atá méid airleactha dó ag fiontar eile is comhlach de chuid an CERÉ, nó

(II) atá éarlais faighte aige ó fhiontar eile is comhlach de chuid an CERÉ,

atá comhionann le cuid de phríomhshuim na hiasachta, nó le príomhshuim uile na hiasachta, arb ina leith atá an t-ús dá dtagraítear i bhfómhír (i) iníoctha;

(c) comhshocraíochtaí arna ndéanamh i ndáil le CERÉ arb í an éifeacht atá leo go bhfuil aon mhéid airleactha, nó go bhfuil cistí curtha ar fáil, go neamhdhíreach ó chomhlach de chuid CERÉ don CERÉ, nó go bhfuil ús iníoctha ag CERÉ go neamhdhíreach le comhlach de chuid an CERÉ sin, in imthosca seachas na himthosca sin dá dtagraítear i mír (a) nó (b);

(d) comhshocraíochtaí ar dá mbun—

(i) a dhéanfaidh comhlaigh de chuid CERÉ (dá ngairtear an ‘CERÉ céadluaite’ sa mhír seo) méideanna a airleacan, nó cistí a chur ar fáil, go díreach nó go neamhdhíreach do CERÉ nach bhfuil siad comhlachaithe leis (dá ngairtear an ‘dara CERÉ a luaitear’ sa mhír seo), agus

(ii) a dhéanfaidh comhlaigh de chuid an dara CERÉ a luaitear méideanna a airleacan, nó cistí a chur ar fáil, go díreach nó go neamhdhíreach don CERÉ céadluaite,

agus tá na CERÉanna sin, nó na comhlaigh sin, ag gníomhú de chomhbheart nó faoi chomhshocraíochtaí arna ndéanamh ag aon fhiontar.

- (4) D’ainneoin alt 739KA, aon iasacht is fiach tríú páirtí, ní scoirfeadh de bheith ag déileáil léi amhlaidh i gcás go dtiocfaidh an t-iasachtóir chun bheith ina chomhlach de chuid an CERÉ de bharr forfheidhmiú aon urrúis arna dheonú mar choinníoll *bona fide* a bheidh ag gabháil leis an iasacht nó i dtaca leis an iasacht, agus dá bharr sin amháin.”
- (e) tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 739LA (a chuirtear isteach le *mir (d)*):

“Brabús: cóimheas costais maoinithe ón 1 Eanáir 2020

739LAA. (1) San alt seo—

ciallaíonn ‘costais maoinithe maoinne choigeartaithe’ na costais maoinithe maoinne lúide aon mhéid ioncaim dá dtagraítear i bhfo-alt (2)(b);

ciallaíonn ‘brabúis bhliantúla CERÉ’ na brabúis, na gnóchain nó na caillteanais de chuid gnó CERÉ arna dtaispeáint i ráiteas ioncaim an CERÉ ach gan na nithe seo a leanas a áireamh—

- (a) aon bhrabúis, gnóchain nó caillteanais réadaithe i ndáil le diúscairt sócmhainne, agus
- (b) aon bhrabúis, gnóchain nó caillteanais neamhréadaithe i ndáil le sócmhainn,

i gcás gurbh ionann diúscairt na sócmhainne sin agus diúscairt sócmhainne inmhuirearaithe chun críoch cánach gnóchan caipitiúil nó cánach corparáide ar ghnóchain inmhuirearaithe agus go mbeadh an diúscairt sin thairis sin ina cuid de bhrabúis iomchuí an CERÉ nach bhfuil inmhuirearaithe i leith cánach faoi alt 739C;

ciallaíonn ‘costais maoinithe maoinne’ costais, ar costais maoinithe fiachais nó léasanna airgeadais iad, a chuirtear i gcuntas le linn brabúis CERÉ a fhionnadh, lena n-áirítear méideanna i leith na nithe seo a leanas—

- (a) ús, lascainí, préimheanna, nó glanchostais bhabhtála nó fáilaithe, agus
- (b) táillí nó caiteachais eile a bhaineann le maoiniú fiachais a chruinniú nó le léasanna airgeadais a shocrú;

ciallaíonn ‘cóimheas costas maoinithe maoinne’ an cóimheas atá idir comhshuim na mbrabúis bliantúil CERÉ agus na gcostas maoinithe maoinne choigeartaithe de chuid CERÉ agus costais maoinithe maoinne choigeartaithe an CERÉ;

ciallaíonn ‘costas iomchuí’ an méid ab inlamhála mar asbhaint chun críocha na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil faoi alt 552 faoi réir an mhodhnaithe go léifear tagairtí i bhfo-alt (3) den alt sin do ‘airgead a fuarthas ar iasacht’ amháil is dá mba thagairtí iad d’airgead a fuarthas ar iasacht ar fiach tríú páirtí é agus dó sin amháin;

ciallaíonn ‘fiach sonraithe’—

- (a) aon fhiach arna thabhtú ag CERÉ i leith airgead arna fháil ar iasacht ag an CERÉ nó arna airleacan don CERÉ, nó

- (b) cuid d'aon fhiach arna thabhtú ag comhpháirtíocht ar comhpháirtí inti an CERÉ, i leith airgead arna fháil ar iasacht ag an gcomhpháirtíocht nó arna airleacan don chomhpháirtíocht, arna ríomh mar an méid is airde acu seo a leanas—
- (i) an chuid de chaipiteal na comhpháirtíochta a shealbhaíonn an CERÉ, nó
- (ii) an chuid de bhrabús na comhpháirtíochta a bhfuil teideal ag an CERÉ chuici.
- (2) (a) Tá feidhm ag an bhfo-alt seo i gcás gur mó comhiomlán an fhéich shonraithe ná méid atá comhionann le 50 faoin gcéad de chostas iomchuí na sócmhainní CERÉ (agus 'fiach sonraithe breise' a ghairtear den bhreis sin san fho-alt seo).
- (b) I gcás go bhfuil feidhm ag an bhfo-alt seo, measfar, chun críocha na nAchtanna Cánach Ioncaim, go bhfuair an CERÉ méid ioncaim arna chinneadh de réir na foirmle—

$$A \times \frac{B}{C}$$

más rud é—

gurb é A na costais maoinithe maoine,

gurb é B an fiach sonraithe breise, agus

gurb é C an fiach sonraithe iomlán.

- (3) (a) Tá feidhm ag an bhfo-alt seo más rud é—
- (i) gur lú ná 1.25:1 cóimheas costas maoinithe maoine an CERÉ don tréimhse chuntasaíochta agus gur mó ná nialas comhshuim na mbrabús bliantúil CERÉ agus na gcostas maoinithe maoine choigeartaithe de chuid CERÉ, nó
- (ii) gur nialas nó méid is lú ná sin comhshuim na mbrabús bliantúil CERÉ agus na gcostas maoinithe maoine choigeartaithe de chuid CERÉ.
- (b) I gcás go bhfuil feidhm ag an bhfo-alt seo—
- (i) de bhua mhír (a)(i), measfar, chun críocha na nAchtanna Cánach Ioncaim, go bhfuair an CERÉ méid ioncaim atá comhionann leis an méid dá gcaithfí na costais maoinithe maoine choigeartaithe a laghdú chun go mbeadh an cóimheas costas maoinithe maoine comhionann le 1.25:1 don tréimhse chuntasaíochta sin, agus
- (ii) de bhua mhír (a)(ii), measfar, chun críocha na nAchtanna Cánach Ioncaim, go bhfuair an CERÉ méid ioncaim atá comhionann leis na costais maoinithe maoine choigeartaithe.

- (4) Déanfar an méid ioncaim dá dtagraítear i bhfo-ailt (2) agus (3) a mhuirearú i leith cáin ioncaim faoi Chás IV de Sceideal D agus déileálfar leis mar ioncam—
- (a) a eascróidh sa bhliain mheasúnachta ina dtiocfaidh deireadh leis an tréimhse chuntasaíochta inar cuireadh an méid i gcuntas, agus
- (b) nach bhféadfar aon chailteanas, easnamh, caiteachas nó liúntas a fhritháireamh ina choinne.
- (5) Maidir leis an muirear i leith cáin ioncaim a fhorchuirtear faoin alt seo agus faoi alt 739LB—
- (a) ní bheidh feidhm ag alt 76(6) maidir le CERÉ is cuideachta, agus
- (b) ní hionann, chun críocha Chuid 35A, an méid a mhuirearófar amhlaidh agus brabúis nó gnóchain a eascróidh as gníomhaíochtaí iomchuí.
- (6) (a) Ní bheidh feidhm ag alt 739LA maidir le tréimhse chuntasaíochta lena mbaineann an t-alt seo.
- (b) Beidh feidhm ag an alt seo maidir le tréimhsí cuntasaíochta dar tosach an 1 Eanáir 2020 nó dá éis agus i gcás go dtosóidh tréimhse chuntasaíochta roimh an 1 Eanáir 2020 agus go dtiocfaidh deireadh léi tar éis an dáta sin, roinnfear ina dhá cuid í, a dtosóidh ceann acu an dáta ar a dtosóidh an tréimhse chuntasaíochta agus a dtiocfaidh deireadh léi an 31 Nollaig 2019 agus a dtosóidh an ceann eile an 1 Eanáir 2020 agus a dtiocfaidh deireadh léi an dáta ar a dtiocfaidh deireadh leis an tréimhse chuntasaíochta, agus déileálfar leis an dá chuid amhail is dá mba thréimhsí cuntasaíochta ar leithligh de chuid an CERÉ iad.”,
- (f) in alt 739O(1), trí “duine, nó daoine bainteacha de réir bhrí alt 10,” a chur in ionad “duine”, agus
- (g) in alt 739R—
- (i) i bhfo-alt (1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad “ar a dtabharfar cuntas ar cháin iarchoimeáda CERÉ agus ar a n-íocfar cáin iarchoimeáda CERÉ”:
- “ar a ndéanfaidh CERÉ—
- (a) tuairisceán dá dtagraítear i bhfo-alt (2) a chomhdú, agus
- (b) cuntas a thabhairt ar cháin iarchoimeáda CERÉ agus í a íoc”,
- (iii) i bhfo-alt (2), trí “ar an gcáin iarchoimeáda CERÉ”, a scríosadh,
- (iii) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):
- “(3A) Beidh an fhaisnéis seo a leanas sa tuairisceán dá dtagraítear i bhfo-alt (2):
- (a) i gcás gur fochiste de bhratscéim an CERÉ, mionsonraí i dtaobh na bratscéime;
- (b) mionsonraí i dtaobh na sealbhán aonad a shealbhaíonn gach sealbhóir aonad den CERÉ;
- (c) mionsonraí i dtaobh na sócmhainní CERÉ a shealbhaíonn an CERÉ;

- (d) mionsonraí i dtaobh an ghnó CERÉ a sheolann an CERÉ;
- (e) mionsonraí i dtaobh aon idirbhearta le daoine atá bainteach leis an sealbhóir aonad; agus
- (f) mionsonraí i dtaobh aon teagmhais inchánacha CERÉ lena mbaineann alt 739T.”,

agus

- (iv) i bhfo-alt (4), trí “, i gcás go dtarlóidh teagmhas inchánach CERÉ amháin nó níos mó ná teagmhas inchánach CERÉ amháin sa tréimhse lena mbaineann an tuairisceán,” a chur isteach i ndiaidh “dá dtagraítear i bhfo-alt (2)”.
- (2) Leasaítear Sceideal 29 a ghabhann leis an bPríomh-Acht i gColún 1 trí “alt 739R(2)” a chur isteach i ndiaidh “alt 739F(2)”.
- (3) Leasaítear alt 19(1)(d) den Acht Airgeadais, 2017 trí fhomhír (i) a scriosadh.
- (4) Beidh feidhm ag *mír (a)(i), mír (b), fomhíreanna (i), (ii), (iii), (iv)* agus *(v)* de *mhír (c)* agus *mír (d) d’fho-alt (1)* maidir le tréimhsí cuntasáíochta dar tosach an 9 Deireadh Fómhair 2019 nó dá éis agus i gcás go dtosóidh tréimhse chuntasáíochta roimh an 9 Deireadh Fómhair 2019 agus go dtiocfaidh deireadh léi tar éis an dáta sin, roinnfear ina dhá cuid í, a dtosóidh ceann acu an dáta ar a dtosóidh an tréimhse chuntasáíochta agus a dtiocfaidh deireadh léi an 8 Deireadh Fómhair 2019 agus a dtosóidh an ceann eile an 9 Deireadh Fómhair 2019 agus a dtiocfaidh deireadh léi an dáta ar a dtiocfaidh deireadh leis an tréimhse chuntasáíochta, agus déileálfar leis an dá chuid amhail is dá mba thréimhsí cuntasáíochta ar leithligh de chuid an CERÉ iad.

Neamhchomhfhreagairtí hibrideacha

31. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an gCuid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Chuid 35B:

“CUID 35C

Cur i ngníomh Threoir (AE) 2016/1164 ón gComhairle an 12 Iúil 2016 maidir le neamhchomhfhreagairtí hibrideacha

Caibidil 1

Léiriú agus ginearálta (Cuid 35C)

Léiriú (Cuid 35C)

835Z. (1) Sa Chuid seo—

- ciallaíonn ‘comhshocraíocht’, seachas sa mhíniú ar ‘eintiteas’ agus ar ‘eintiteas hibrideach’—
- (a) aon idirbheart, gníomh, bealach gníomhaithe, bealach iompair, scéim, plean nó togra,
- (b) aon chomhaontú, comhshocraíocht, comhthuiscint, geallúint nó gealltanais, cibé acu sainráite nó intuigthe agus cibé acu atá nó nach

bhfuil sé nó sí, nó a bheartaítear nó nach mbeartaítear é nó í a bheith, infhorfheidhmithe le himeachtaí dlí, agus

- (c) aon sraith nó teaghlaim de na himthosca dá dtagraítear i míreanna (a) agus (b),

arna déanamh nó arna comhshocrú ag fiontar amháin, nó ag dhá fhiontar nó níos mó—

- (i) bídis nó ná bídis ag gníomhú de chomhbheart,
(ii) cibé acu a dhéantar nó nach ndéantar í, nó a chomhshocraítear nó nach gcomhshocraítear í, go hiomlán nó go páirteach lasmuigh den Stát, nó
(iii) cibé acu a dhéantar nó nach ndéantar í, nó a chomhshocraítear nó nach gcomhshocraítear í, mar chuid de chomhshocraíocht níos mó, nó i gcomhar le haon chomhshocraíocht nó comhshocraíochtaí eile,

ach ní fholaíonn sí socrú dá dtagraítear in alt 826;

forléireofar ‘fiontar comhlachaithe’ de réir alt 835AA;

tá le ‘tréimhse inmhuirearaithe’ an bhrí chéanna atá leis i gCuid 41A;

tá le ‘muirear cuideachta coigríche rialaithe’ an bhrí chéanna atá leis i gCuid 35B;

tagraíonn ‘asbhaint’ i leith íocaíochta, nó cuid di, do mhéid—

- (a) a fhéadfar a chur i gcuntas mar chaiteachas nó mar chostas,
(b) arb ina leith a fhéadfar liúntas le haghaidh caiteachas caipitiúil a dhéanamh, nó
(c) a fhéadfar ar shlí eile é a asbhaint, a lamháil nó faoiseamh a thabhairt ina leith,

le linn na brabúis nó na gnóchain ar a mbeidh cáin le híoc faoi dheoidh chun críoch cánach baile nó cánach coigríche a ríomh;

ciallaíonn ‘íocaíocht mheasta’—

- (a) i ndáil le hidirbheart idir ceannoifig eintitis agus buanfhoras de chuid an eintitis sin, leithroinnt íocaíochtaí, brabús nó gnóchan ón gceannoifig chuig an mbuanfhoras, agus
(b) i ndáil le hidirbheart idir dhá bhuanfhoras nó níos mó de chuid eintitis, leithroinnt íocaíochtaí, brabús nó gnóchan ó bhuanfhoras amháin chuig buanfhoras eile;

ciallaíonn ‘Treoir (AE) 2016/1164’ Treoir (AE) 2016/1164 ón gComhairle an 12 Iúil 2016⁵ lena leagtar síos rialacha in aghaidh cleachtais seachanta cánach a dhéanann difear go díreach d’fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, arna leasú le Treoir (AE) 2017/952;

5 IO Uimh. L193, 19.7.2016, lch. 1

ciallaíonn ‘Treoir (AE) 2017/952’ Treoir (AE) 2017/952 ón gComhairle an 29 Bealtaine 2017⁶ lena leasaítear Treoir (AE) 2016/1164 maidir le neamhchomhfhreagairtí hibrídeacha le tríú tíortha;

ciallaíonn ‘cáin bhaile’ cáin ioncaim, cáin chorparáide (lena n-áirítear muirear cuideachta coigríche rialaithe) nó cáin gnóchan caipitiúil;

ciallaíonn ‘asbhaint dhúbailte’ asbhaint i leith na híocaíochta céanna chun críoch cánach baile agus cánach coigríche;

forléireofar ‘toradh neamhchomhfhreagrach ar asbhaint dhúbailte’ de réir alt 835AD;

ciallaíonn ‘ioncam dé-áirimh’, faoi réir alt 835AB, aon mhéid a dhéantar a áireamh sa dá chríoch as ar eascair an toradh neamhchomhfhreagrach;

ciallaíonn ‘fiontar’ eintiteas nó pearsa aonair;

ciallaíonn ‘eintiteas’—

- (a) duine (seachas pearsa aonair),
- (b) gnóthas (seachas pearsa aonair), nó
- (c) comhaontú, iontaobhas nó comhshocraíocht eile,

a bhfuil pearsantacht dhlítheanach aige faoi dhlíthe na críche ina mbunaítear é;

déanfar ‘asbhaint ionstraime airgeadais gan toradh neamhchomhfhreagrach áirimh’ a fhorléiriú de réir alt 835AJ;

tá le ‘muirear cuideachta coigríche’ an bhrí chéanna atá leis i gCuid 35B;

ciallaíonn ‘cáin choigríche’ cáin is inmhuirearaithe ar bhrabúis nó ar ghnóchain, faoi dhlíthe críche seachas an Stát, atá cosúil le cáin bhaile, ach gan cáin iarchoimeádta a áireamh a mhéid atá cáin den sórt sin in-aischistithe i gcás go ndéantar í a thobhach;

ciallaíonn ‘eintiteas hibrídeach’—

- (a) duine (seachas pearsa aonair),
- (b) gnóthas (seachas pearsa aonair), nó
- (c) comhaontú, iontaobhas nó comhshocraíocht eile,

a ndéileálfar le cuid de na brabúis nó de na gnóchain, nó leis na brabúis nó na gnóchain go léir, nó a ndéileálfaí leo amhlaidh murach easpa brabús nó gnóchan, faoin dlí cánach i geríoch amháin, mar bhrabúis nó mar ghnóchain a eascraíonn nó a fhabhraíonn chuig an eintiteas ar a chuntas féin, ach, chun críoch cánach a mhuirearaítear faoin dlí cánach i geríoch eile, a ndéileálfar le cuid de na brabúis nó de na gnóchain, nó leis na brabúis nó na gnóchain go léir, nó a ndéileálfaí leo amhlaidh murach easpa brabús nó gnóchan, mar bhrabúis nó mar ghnóchain a eascraíonn

6 IO Uimh. L144, 7.6.2017, lch. 1

nó a fhabhraíonn chuig frontar eile (dá ngairtear ‘an rannpháirtí’ sa Chuid seo);

ciallaíonn ‘ar áireamh’, i leith íocaíochta, méid brabús nó gnóchan a eascraíonn as an íocaíocht—

- (a) a ndéileálfar leis mar bhrabúis nó mar ghnóchain a eascraíonn nó a fhabhraíonn chuig an íocaí más rud é, maidir leis an íocaí—
 - (i) go mbeidh sé inmhuirearaithe i leith cáin bhaile nó cáin choigríche, de réir mar a bheidh, ach gan aon mhéid a áireamh is méid nach mbeidh inmhuirearaithe amhlaidh ach amháin nuair a loghfar isteach i gcríoch an íocaí é,
 - (ii) gur ciste pinsean, comhlacht rialtais nó eintiteas eile é atá, faoi dhlíthe na críche ina bhfuil sé bunaithe, díolmhaithe ó cháin a bhaineann i gcoitinne le brabúis nó le gnóchain sa chríoch sin,
 - (iii) go bhfuil sé bunaithe i gcríoch, nó i gcuid de chríoch, nach bhforchuireann cáin choigríche, nó
 - (iv) go bhfuil sé bunaithe i gcríoch nach bhforchuireann cáin a bhaineann i gcoitinne le brabúis nó le gnóchain ó íocaíochtaí is infhaighte sa chríoch sin ag frontair ó fhoinsí lasmuigh den chríoch sin,

nó

- (b) go bhfuil sé faoi réir muirear cuideachta coigríche rialaithe nó muirear cuideachta coigríche;

ciallaíonn ‘infheisteoir’ frontar nó buanfhoras de chuid eintitis, arb i gcoinne a bhrabús nó a gnóchan a dhéanfar asbhaint i leith íocaíochta i gcríoch an infheisteora;

ciallaíonn ‘críoch infheisteora’, i ndáil le híocaíocht, críoch, seachas críoch an íocóra, ina bhfuil an íocaíocht inasbhainte;

ciallaíonn ‘toradh neamhchomhfhreagrach’ aon cheann nó gach ceann díobh seo a leanas, de réir mar a éilíonn an comhthéacs:

- (a) toradh neamhchomhfhreagrach ar asbhaint dhúbailte;
- (b) asbhaint bhuanfhorais gan toradh neamhchomhfhreagrach áirimh;
- (c) asbhaint ionstraime airgeadais gan toradh neamhchomhfhreagrach áirimh;
- (d) íocaíocht le hasbhaint eintitis hibridigh gan toradh neamhchomhfhreagrach áirimh;
- (e) íocaíocht ó asbhaint eintitis hibridigh gan toradh neamhchomhfhreagrach áirimh;

ciallaíonn ‘íocaí’, i leith íocaíochta, frontar nó buanfhoras eintitis—

(a) a fhaigheann an íocaíocht sin nó a measfar go bhfaigheann sé an íocaíocht sin faoi dhlíthe aon chríche, seachas críoch ina bhfaightear an íocaíocht sin nó ina measfar go bhfaightear í, de réir mar a bheidh, i gcáil mhuiníneach nó ionadaíoch,

(b) is rannpháirtí,

(c) ar chun a thairbhe a dhéileálfar leis an íocaíocht mar íocaíocht a eascraíonn nó a fhabhraíonn faoi dhlíthe aon chríche, nó

(d) ar a ndéanfar muirear cuideachta coigríche rialaithe nó muirear cuideachta coigríche faoi threoir na híocaíochta sin;

ciallaíonn ‘críoch íocaí’ críoch ina bhfuil íocaí bunaithe;

ciallaíonn ‘íocóir’—

(a) frontar, nó

(b) buanfhoras de chuid eintitis,

arb i gcoinne a bhrabús nó a ghnóchan a dhéanfar asbhaint i leith íocaíochta i gcríoch íocóra;

ciallaíonn ‘críoch íocóra’—

(a) i gcás ina ndéanfaidh eintiteas hibrideach nó buanfhoras an íocaíocht lena mbaineann, an chríoch ina mbeidh an t-eintiteas hibrideach nó an buanfhoras, de réir mar a bheidh, bunaithe, agus

(b) i ngach cás eile, an chríoch ina mbeidh an íocaíocht, is cionsiocair leis an asbhaint lena mbaineann, tabhaithe, foinsithe nó déanta;

ciallaíonn ‘íocaíocht’—

(a) aistriú airgid nó luacha airgid, nó

(b) íocaíocht mheasta;

forléireofar ‘íocaíocht ó asbhaint eintitis hibridigh gan toradh neamhchomhfhreagrach áirimh’ de réir alt 835AM;

forléireofar ‘íocaíocht le hasbhaint eintitis hibridigh gan toradh neamhchomhfhreagrach áirimh’ de réir alt 835AL;

forléireofar ‘asbhaint bhuanfhorais gan toradh neamhchomhfhreagrach áirimh’ de réir alt 835AG;

ciallaíonn ‘comhshocraíocht struchtúrtha’ comhshocraíocht lena ngabhann idirbheart, nó sraith idirbheart, faoina n-eascróidh toradh neamhchomhfhreagrach, más rud é—

(a) go ndéanfar an toradh neamhchomhfhreagrach a phraghsáil isteach i dtéarmaí na comhshocraíochta, nó

(b) gur ceapadh an chomhshocraíocht chun bheith ina bun le toradh neamhchomhfhreagrach;

- ciallaíonn ‘tréimhse chánach’—
- (a) i leith muirear cánach baile, tréimhse inmhuirearaithe,
 - (b) i leith muirear cánach coigríche, tréimhse atá comhionann le tréimhse inmhuirearaithe, nó
 - (c) i gcás nach muirearófar an t-eintiteas lena mbaineann i leith cánach, an tréimhse dá n-ullmhófar ráitis airgeadais.
- (2) Maidir le tagairt d’fhoráil de dhlí críche, seachas an Stát, is foráil den tsamhail chéanna leis an gCuid seo, nó le foráil den Chuid seo, is tagairt í d’fhoráil arna hachtú—
- (a) chun éifeacht a thabhairt do Threoir (AE) 2016/1164,
 - (b) chun an Tuarascáil Deiridh maidir le hÉifeachtaí Comhshocraíochtaí Neamhchomhfhreagracha Hibrideacha a Neodrú, arna foilsiú ag an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta an 5 Deireadh Fómhair 2015, a chur i ngníomh,
 - (c) chun an Tuarascáil Deiridh maidir le hÉifeachtaí Comhshocraíochtaí Neamhchomhfhreagracha Brainse a Neodrú, arna foilsiú ag an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta an 27 Iúil 2017, a chur i ngníomh, nó
 - (d) chun toradh neamhchomhfhreagrach a neodrú thairis sin,
- i gcás go bhfuil leis an bhforáil sin éifeacht den tsamhail chéanna leis an gCuid seo, nó le foráil den Chuid seo, de réir mar a bheidh.
- (3) Tá le focal nó le habairt a úsáidtear sa Chuid seo agus a úsáidtear freisin i dTreoir (AE) 2016/1164 an bhrí chéanna sa Chuid seo atá leis nó léi i dTreoir (AE) 2016/1164, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt.
- (4) Maidir le tagairt sa Chuid seo—
- (a) don chríoch ina bhfuil an t-eintiteas bunaithe—
 - (i) i gcás ina bhfuil an t-eintiteas cláraithe, corpraithe nó cruthaithe faoi dhlíthe aon chríche amháin, ach ina bhfuil a áit bainistíochta éifeachtaí i gcríoch eile, déanfar í a fhorléiriú mar thagairt don chríoch ina bhfuil a áit bainistíochta éifeachtaí ag an eintiteas, agus
 - (ii) i ngach cás eile, déanfar í a fhorléiriú mar thagairt don chríoch ina bhfuil an t-eintiteas cláraithe, corpraithe nó cruthaithe,
 - (b) don chríoch ina bhfuil buanfhoras bunaithe, déanfar í a fhorléiriú mar thagairt don chríoch ina seolann an buanfhoras gnó.

Fiontair chomhlachaithe

835AA.(1) San alt seo—

ciallaíonn ‘eintiteas neamh-chomhdhlúthúcháin’ eintiteas a dhéantar a luacháil, nó a dhéanfaí a luacháil amhlaidh dá ndéanfaí ráitis airgeadais

chomhdhlúite a ullmhú faoi chaighdeán chuntasaíochta idirnáisiúnta, i ráitis airgeadais chomhdhlúite—

- (a) ina n-úsáidtear cuntasaíocht luacha chóir (de réir bhrí caighdeán cuntasaíochta idirnáisiúnta), nó
- (b) ar an mbonn gur sócmhainn arna sealbhú lena díol nó lena dáileadh é (de réir bhrí caighdeán cuntasaíochta idirnáisiúnta);

ciallaíonn ‘tionchar suntasach maidir le bainistiú’, i ndáil le heintiteas, a bheith in ann páirt a ghlacadh, ar bhord stiúrthóirí nó ar chomhlacht ceannais comhionann an eintitis, i mbreitheanna beartais airgeadais agus oibriúcháin an eintitis sin, lena n-áirítear i gcás nach mbainfidh an chumhacht sin le rialú nó comhrialú an eintitis sin.

(2) Sa Chuid seo, ‘fiontair chomhlachaithe’ a bheidh in dhá fhiontar i leith a chéile—

(a) más rud é go mbeidh, go díreach nó go neamhdhíreach, an méid seo a leanas ag fiontar amháin, nó teideal tairbhiúil aige chuig an méid seo a leanas—

(i) i gcás gur eintiteas a bhfuil scairchaipiteal aige an fiontar eile, 25 faoin gcéad ar a laghad de scairchaipiteal eisithe an fhiontair eile, nó

(ii) i gcás gur eintiteas nach bhfuil scairchaipiteal aige an fiontar eile, leas nach lú ná 25 faoin gcéad de na cearta úinéireachta san fhiontar eile,

(b) más rud é go mbeidh fiontar amháin, go díreach nó go neamhdhíreach, i dteideal 25 faoin gcéad ar a laghad den chumhacht vótála san fhiontar eile a fheidhmiú, i gcás gur eintiteas an fiontar eile sin,

(c) más rud é go sealbhóidh fiontar amháin (dá ngairtear an ‘fiontar céadluaite’ sa mhír seo), go díreach nó go neamhdhíreach, cibé cearta lena ndéanfaí—

(i) i gcás gur cuideachta an fiontar eile, dá ndéanfaí iomlán na mbrabús de chuid an fhiontair eile sin a dháileadh, teideal a thabhairt don fhiontar céadluaite, go díreach nó go neamhdhíreach, chun 25 faoin gcéad nó níos mó de na brabúis arna ndáileadh amhlaidh a fháil, nó

(ii) i gcás gur eintiteas seachas cuideachta an fiontar eile, más rud é gur 25 faoin gcéad nó níos mó é an scair de bhrabúis an fhiontair eile sin a mbeidh teideal, go díreach nó go neamhdhíreach, ag an bhfiontar céadluaite chuici,

(d) i gcás go mbeidh fiontar eile ann ar fiontar comhlachaithe iad an dá fhiontar eile ina leith, de réir mhír (a), (b) nó (c),

(e) i gcás gur eintitis iad an dá fhiontar—

(i) nach eintitis neamh-chomhdhlúthúcháin iad, agus

- (ii) a bheidh ar áireamh sna ráitis airgeadais chomhdhlúite chéanna arna n-ullmhú—
 - (I) faoi chaighdeáin chuntasaíochta idirnáisiúnta, nó
 - (II) faoi chleachtas cuntasaíochta Éireannach a bhfuil glacadh coitianta leis,
 - (f) i gcás, maidir leis an dá fhiontar—
 - (i) gur eintitis iad—
 - (I) nach mbeidh ar áireamh i ráitis airgeadais chomhdhlúite, nó
 - (II) a bheidh ar áireamh i ráitis airgeadais chomhdhlúite arna n-ullmhú seachas faoi chleachtas cuntasaíochta dá dtagraítear i mír (e)(ii),
 - (ii) nach eintitis neamh-chomhdhlúthúcháin iad, agus
 - (iii) go mbeadh siad, dá n-ullmhófaí ráitis airgeadais chomhdhlúite faoin gcleachtas cuntasaíochta dá dtagraítear i mír (e)(ii)(I), ar áireamh sna ráitis airgeadais chomhdhlúite chéanna,
nó
 - (g) i gcás go mbeidh ag fiontar amháin tionchar suntasach maidir le bainistiú an fhiontair eile.
- (3) I gcás go ngníomhaíonn fiontar (dá ngairtear an ‘fiontar céadluaite’ san fho-alt seo) le chéile le fiontar eile (dá ngairtear an ‘dara fiontar a luaitear’ san fho-alt seo) maidir le cearta vótála, cearta scairúinéireachta nó cearta úinéireachta dá samhail, measfar, chun críocha mhíreanna (a), (b) agus (c) d’fho-alt (2), go bhfuil cearta an dara fiontar a luaitear ag an bhfiontar céadluaite, nó go sealbhaíonn sé iad nó go bhfuil teideal aige chucu, de réir mar a bheidh.
- (4) Chun críocha mhíreanna (a), (b) agus (c) d’fho-alt (2), glacfar leis go bhfuil ag fiontar aon chearta nó cumhachtaí atá ag ainmnitheach don fhiontar sin, eadhon, aon chearta nó cumhachtaí atá ag fiontar eile thar ceann an fhiontair sin nó a gceanglófar air a fheidhmiú ar threorú ón bhfiontar sin nó thar ceann an fhiontair sin.
- (5) Chun críocha na nithe seo a leanas—
- (a) Caibidil 2,
 - (b) Caibidil 3,
 - (c) Caibidil 8, agus
 - (d) feidhm na Coda seo maidir le heintitis hibrídeacha,
- déanfar tagairt, i bhfo-alt (2), do ‘25 faoin gcéad’ a fhorléiriú mar thagairt do ‘50 faoin gcéad’.

- (6) Folóidh tagairtí sa Chuid seo d'idirbheart idir fiontair chomhlachaithe tagairt d'idirbheart arb ina leith atá nó a bhí na fiontair lena mbaineann ina bhfiontair chomhlachaithe an tráth—
- (a) a rinneadh an t-idirbheart,
 - (b) a foirmíodh an t-idirbheart, nó
 - (c) a eascróidh íocaíocht faoin idirbheart.

Córas cánachais domhanda

835AB. (1) Faoi réir fho-alt (3), tá feidhm ag an alt seo i gcás eintiteas a bheith inchánach i gcríoch infheisteora nó i gcríoch íocaí (dá ngairtear ‘an chríoch chéadluaite’ san alt seo) ionas go dtabharfar neamhaird ar íocaíochtaí (dá ngairtear ‘íocaíochtaí dá dtabharfar neamhaird’ san alt seo)—

- (a) idir ceannoifig an eintitis agus buanfhoras de chuid an eintitis sin,
- (b) idir dhá bhuanfhoras nó níos mó de chuid an eintitis,
- (c) i gcás gur rannpháirtí in eintiteas hibrideach an t-eintiteas, idir an t-eintiteas agus an t-eintiteas hibrideach, nó
- (d) i gcás gur rannpháirtí in dhá eintiteas hibrideacha nó níos mó an t-eintiteas, idir dhá eintiteas hibrideacha nó níos mó den sórt sin,

le linn brabúis inchánacha an eintitis sa chríoch chéadluaite a ríomh faoi fhoráil de dhlí na críche sin a bhfuil éifeacht den tsamhail chéanna léi atá le halt 26(1).

(2) Más rud é—

- (a) go mbeidh feidhm ag an alt seo, agus
- (b) go mbeidh íocaíocht inasbhainte i gcás—
 - (i) ina ndéanfaí an méid arna asbhaint a asbhaint i gcoinne ioncam dé-áirimh, nó
 - (ii) nach mbeadh asbhaint gan toradh neamhchomhfhreagrach áirimh de thoradh ar an asbhaint,

murach gur íocaíocht dá dtabharfar neamhaird sa chríoch chéadluaite an méid arb ina choinne a bheidh an íocaíocht inasbhainte sa chríoch íocaí,

measfar go bhfuil an íocaíocht dá dtabharfar neamhaird ar áireamh sa chríoch chéadluaite.

(3) Ní bheidh feidhm ag an alt seo más rud é—

- (a) go mbeidh na híocaíochtaí dá dtabharfar neamhaird—
 - (i) i gcás gur rannpháirtí in eintiteas hibrideach an t-eintiteas dá dtagraítear i bhfo-alt (1), idir an t-eintiteas agus an t-eintiteas hibrideach, nó

- (ii) i gcás gur rannpháirtí in dhá eintiteas hibrídeacha nó níos mó an t-eintiteas dá dtagraítear i bhfo-alt (1), idir dhá eintiteas hibrídeacha nó níos mó den sórt sin,

agus

- (b) go mbeidh, ó thaobh substainte de, neamhchomhfhreagairt hibrídeach ann (de réir bhrí Threoir (AE) 2016/1164 nó de réir bhrí an téarma sin nuair a fhorléireofar é ar mhodh a bheidh i gcomhréir lena úsáid sna tuarascálacha dá dtagraítear in alt 835Z(2)).

Caibidil 2

Asbhaint dhúbailte

Feidhm Chaibidil 2

835AC. Beidh feidhm ag an gCaibidil seo—

- (a) maidir le cuideachta atá faoi réim cáin chorparáide, agus
- (b) maidir le hidirbheart is bun le toradh neamhchomhfhreagrach—
- (i) idir eintitis is fiontair chomhlachaithe,
- (ii) idir ceannoifig eintitis agus buanfhoras de chuid an eintitis sin, nó
- (iii) idir dhá bhuanfhoras nó níos mó de chuid eintitis.

Toradh neamhchomhfhreagrach ar asbhaint dhúbailte

835AD. (1) Eascróidh toradh neamhchomhfhreagrach ar asbhaint dhúbailte i gcás go mbeadh sé réasúnach a mheas go bhfuil, nó murach an t-alt seo go mbeadh, asbhaint dhúbailte ann a eascróidh i leith íocaíochta, a mhéid nach bhfuil, nó nach mbeadh, an íocaíocht inasbhainte i gcoinne ioncam dé-áirimh.

(2) Déanfar toradh neamhchomhfhreagrach ar asbhaint dhúbailte a neodrú mar a leanas:

- (a) i gcás gurb é an Stát an chríoch infheisteora, d'ainneoin aon fhoráil eile de chuid na nAchtanna Cánach nó na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, diúltófar don infheisteoir asbhaint chun críoch cánach baile i leith mhéid na híocaíochta is bun le toradh neamhchomhfhreagrach ar asbhaint dhúbailte;
- (b) i gcás gurb é an Stát an chríoch íocóra agus nár diúltaíodh asbhaint sa chríoch infheisteora trí fhoráil den tsamhail chéanna le mír (a) a oibriú, d'ainneoin aon fhoráil eile de chuid na nAchtanna Cánach nó na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, diúltófar don íocóir asbhaint chun críoch cánach baile i leith mhéid na híocaíochta is bun le toradh neamhchomhfhreagrach ar asbhaint dhúbailte.

Caibidil 3

*Buanfhorais***Feidhm Chaibidil 3**

835AE. Beidh feidhm ag an gCaibidil seo—

- (a) maidir le heintiteas atá faoi réim cáin choigríche nó cáin chorparáide, agus
- (b) maidir le hidirbheart is bun le toradh neamhchomhfhreagrach—
 - (i) idir eintitis is frontair chomhlachaithe,
 - (ii) idir ceannoifig eintitis agus buanfhoras de chuid an eintitis sin, nó
 - (iii) idir dhá bhuanfhoras nó níos mó de chuid eintitis.

Buanfhoras dá dtabharfar neamhaird

835AF. (1) Sa Chaibidil seo, ciallaíonn ‘buanfhoras dá dtabharfar neamhaird’ láithreach i gcríoch (dá ngairtear ‘an chríoch chéadluaite’ san fho-alt seo)—

- (a) a ndéileálfar léi chun críocha dhlí cánach na críche ina bhfuil a cheannoifig ag eintiteas (dá ngairtear an ‘dara críoch a luaitear’ san fho-alt seo) mar bhuanfhoras de chuid an eintitis sin,
- (b) nach mbeidh cuid de na brabúis nó na gnóchain uaithi, nó na brabúis nó na gnóchain go léir uaithi, ar áireamh chun críoch cánach baile sa dara críoch a luaitear, agus
- (c) i ndáil leis na brabúis agus na gnóchain uaithi—
 - (i) i gcás gurb é an Stát an chríoch chéadluaite, ní dhéanfar an t-eintiteas a mhuirearú i leith cánach faoi alt 25, agus
 - (ii) i gcás nach é an Stát an chríoch chéadluaite, ní dhéanfar an t-eintiteas a mhuirearú i leith cáin choigríche.

(2) San alt seo:

ciallaíonn ‘cáin bhaile’ cáin is inmhuirearaithe ar bhrabúis nó ar ghnóchain, faoi dhlíthe críche ina bhfuil ceannoifig eintitis bunaithe, is cáin den tsamhail chéanna le cáin ioncaim, cáin chorparáide (lena n-áirítear muirear faoi Chuid 35B) nó cáin gnóchan caipitiúil;

ciallaíonn ‘cáin choigríche’ cáin is inmhuirearaithe ar bhrabúis nó ar ghnóchain, faoi dhlíthe críche ina bhfuil buanfhoras an eintitis bunaithe, is cáin den tsamhail chéanna le cáin ioncaim, cáin chorparáide (lena n-áirítear muirear faoi Chuid 35B) nó cáin gnóchan caipitiúil.

Asbhaint bhuanfhorais gan toradh neamhchomhfhreagrach áirimh

835AG. (1) Eascróidh asbhaint bhuanfhorais gan toradh neamhchomhfhreagrach áirimh i leith íocaíochta i gcás go mbeadh sé réasúnach a mheas—

- (a) go bhfuil, nó murach an t-alt seo go mbeadh, asbhaint sa chríoch íocóra, i gcás nach mbeidh méid comhréire ar áireamh sa chríoch íocaí, agus
- (b) go bhfuil comhlíonadh an choinníll a thuairiscítear i mír (a)—
- (i) inchurtha i leith an íocaíochta a bheith déanta le buanfhoras dá dtabharfar neamhaird,
- (ii) inchurtha i leith difríochtaí i leithroinnt íocaíochtaí idir ceannoifig eintitis agus buanfhoras de chuid an eintitis sin, nó idir dhá bhuanfhoras nó níos mó de chuid eintitis, nó
- (iii) i gcás go mbeidh an íocaíocht idir ceannoifig eintitis agus buanfhoras de chuid an eintitis sin nó idir dhá bhuanfhoras nó níos mó de chuid eintitis, inchurtha i leith neamhaird a bheith tugtha don íocaíocht faoi dhlíthe na críche íocaí.
- (2) Ní eascróidh asbhaint bhuanfhorais gan toradh neamhchomhfhreagrach áirimh de bhua na himthoisce a thuairiscítear i bhfo-alt (1)(b)(iii) a mhéid atá, nó a bheadh, an íocaíocht inasbhainte i gcoinne ioncam dé-áirimh.
- (3) Déanfar asbhaint bhuanfhorais gan toradh neamhchomhfhreagrach áirimh a neodrú mar a leanas:
- (a) i gcás gurb é an Stát an chríoch íocóra, d’ainneoin aon fhoráil eile de chuid na nAchtanna Cánach agus na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, diúltofar don íocóir asbhaint i leith na híocaíochta chun críoch cánach baile, a mhéid nach mbeidh méid comhréire ar áireamh chun críoch cánach coigríche;
- (b) más rud é—
- (i) gurb é an Stát an chríoch íocaí,
- (ii) go n-eascróidh an toradh neamhchomhfhreagrach de bhua mhír (b) (i) d’fho-alt (1),
- (iii) gur buanfhoras de réir bhrí Airteagal 5 den Choinbhinsiún um Cháin Eiseamláireach ar Ioncam agus ar Chaipiteal, arna fhoilsiú ag an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta, de réir mar a léigh sé an 21 Samhain 2017, an buanfhoras dá dtabharfar neamhaird, agus
- (iv) nár diúltaíodh asbhaint sa chríoch íocóra trí fhoráil den tsamhail chéanna le mír (a) a oibriú,
- d’ainneoin alt 25, déanfar na brabúis agus na gnóchain dá dtagraítear in alt 835AF(1)(b) a mhuirearú i leith cáin chorparáide ar an eintiteas lena mbaineann amhail is dá mbeadh an gnó arna sheoladh sa Stát ag an mbuanfhoras dá dtabharfar neamhaird á sheoladh ag cuideachta a bhfuil cónaí uirthi sa Stát.

Caibidil 4

*Ionstraimí airgeadais***Léiriú (Caibidil 4)****835AH.** (1) Sa Chaibidil seo—

folaíonn ‘ionstraim airgeadais’—

- (a) urrúis, de réir bhrí alt 135(8),
- (b) scaireanna i gcuideachta agus cearta úinéireachta dá samhail (nach urrúis) in eintitis seachas cuideachta,
- (c) todhchaíochtaí, roghanna, babhtálacha, díorthaigh agus ionstraimí dá samhail is bun le toradh maoinithe,
- (d) comhshocraíocht i gcás go mbeidh sé réasúnach a mheas go mbeidh an chomhshocraíocht coibhéiseach le comhshocraíocht chun airgead, nó luach airgid, a thabhairt ar iasacht ar ús, agus
- (e) aistrithe hibrideacha;

ciallaíonn ‘aistriú hibrideach’ comhshocraíocht chun ionstraim airgeadais a aistriú i gcás go measfar, chun críoch cánach, go bhfuair níos mó ná ceann amháin de na páirtithe sa chomhshocraíocht an toradh foluiteach ar an ionstraim sin;

ciallaíonn ‘trádálaí airgeadais’ frontar a rinne ionstraim airgeadais mar chuid de ghnó lena ngabhann ionstraimí airgeadais a cheannach agus a dhíol go rialta ar chuntas féin an fhiontair sin;

ciallaíonn ‘aistriú hibrideach ar margadh’ aistriú hibrideach—

- (a) a dhéanann trádálaí airgeadais i ngnáthchúrsa a thrádála, lena n-áirítear an gnó a bhaineann le hionstraimí airgeadais a cheannach agus a dhíol, agus
- (b) arb ina leith a cheanglóidh an chríoch íocóra lena mbaineann ar an trádálaí airgeadais na méideanna go léir a fuarthas i dtaca leis an ionstraim airgeadais aistrithe lena mbaineann a áireamh, chun críocha dhlíthe cánach na críche sin, mar ioncam trádala;

folaíonn ‘toradh maoinithe’, i ndáil le hionstraim airgeadais—

- (a) díbhinní agus íocaíochtaí monaraithe,
- (b) ús, lena n-áirítear aon lascaíní nó méideanna a ndéileálfáí leo mar ús faoi Chuid 8A, d’ainneoin nach ndéantar aon rogha faoi alt 267U,
- (c) an méid íocaíochtaí a bheidh coibhéiseach le hús faoi chomhshocraíocht a thuairiscítear i mír (d) den mhíniú ar ‘ionstraim airgeadais’, agus
- (d) an toradh foluiteach dá dtagraítear sa mhíniú ar ‘aistriú hibrideach’;

tá le ‘íocaíocht mhonaraithe’ an bhrí chéanna atá leis i gCaibidil 3 de Chuid 28.

(2) Chun críocha na Caibidle seo—

- (a) ní dhéileálfar le méid comhréire a bhaineann le híocaíocht faoi ionstraim airgeadais mar mhéid atá ar áireamh faoi mhír (a)(i) den mhíniú ar ‘ar áireamh’ in alt 835Z(1) más rud é, faoi dhlíthe cánach na críche íocaí, go mbeidh an méid a mhuirearaítear i leith cáin choigríche faoi réir aon laghdú arna ríomh faoi threoir na slí a ndéanfar an íocaíocht lena mbaineann an méid comhréire a thréithriú faoi na dlíthe sin, agus
- (b) ní dhéileálfar le méid comhréire a bhaineann le híocaíocht faoi ionstraim airgeadais mar mhéid atá ar áireamh faoi mhír (a)(i) den mhíniú ar ‘ar áireamh’ in alt 835Z(1) mura rud é—
 - (i) go mbeidh an méid comhréire ar áireamh i dtréimhse chánach a thosóidh laistigh de dhá mhí dhéag ó dheireadh na tréimse chánach ina n-asbhainfeadh an íocaíocht (dá ngairtear an ‘tréimhse chéadluaite’ sa mhír seo), nó
 - (ii) go mbeadh sé réasúnach a mheas—
 - (I) go mbeidh an méid comhréire ar áireamh i dtréimhse chánach i ndiaidh na tréimhse céadluaite, agus
 - (II) gurb iad na téarmaí is infheidhme maidir leis an íocaíocht na téarmaí sin a mbeadh feidhm acu maidir le hidirbheart arna dhéanamh ar neamhthuilleamaí.

Feidhm Chaibidil 4

835AI. Beidh feidhm ag an gCaibidil seo—

- (a) maidir le cuideachta atá faoi réim cáin bhaile, agus
- (b) maidir le hidirbheart is bun le toradh neamhchomhfhreagrach—
 - (i) idir eintitis is fiontair chomhlachaithe,
 - (ii) idir ceannoifig eintitis agus buanfhoras de chuid an eintitis sin, nó
 - (iii) idir dhá bhuanfhoras nó níos mó de chuid eintitis,

seachas i gcás gur aistriú hibrideach ar margadh an t-idirbheart sin.

Asbhaint ionstraim airgeadais gan toradh neamhchomhfhreagrach áirimh

835AJ. (1) Eascróidh asbhaint ionstraim airgeadais gan toradh neamhchomhfhreagrach áirimh i gcás go mbeadh sé réasúnach a mheas—

- (a) go bhfuil, nó murach an t-alt seo go mbeadh, asbhaint sa chríoch íocóra gan méid comhréire a bheith ar áireamh sa chríoch íocaí, agus
- (b) go bhfuil comhlíonadh an choinníll a thuairiscítear i mír (a) inchurtha i leith difríochtaí idir cáin bhaile agus cáin choigríche maidir le thréithriú na nithe seo a leanas—

- (i) ionstraim airgeadais, nó
 - (ii) íocaíochtaí arna ndéanamh faoi ionstraim airgeadais.
- (2) Déanfar asbhaint ionstraime airgeadais gan toradh neamhchomhfhreagrach áirimh a neodrú mar a leanas:
- (a) i gcás gurb é an Stát an chríoch íocóra, d’ainneoin aon fhoráil eile de chuid na nAchtanna Cánach agus na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, diúltófar don íocóir asbhaint i leith na híocaíochta chun críoch cánach baile, a mhéid nach mbeidh méid comhréire ar áireamh chun críoch cánach coigríche;
 - (b) más rud é—
 - (i) gurb é an Stát an chríoch íocaí, agus
 - (ii) nár diúltaíodh asbhaint sa chríoch íocóra trí fhoráil den tsamhail chéanna le mír (a) a oibriú,
 ansin—
 - (I) i gcás ina n-éireoidh an neamháireamh mar gheall ar aon fhoráil de chuid na nAchtanna Cánach nó na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, le linn an méid ar a muirearaítear an t-íocaí i leith cánach a ríomh, déanfar an fhoráil sin a dhífheidhmiú, sa mhéid go ndéantar foráil léi maidir leis an neamháireamh, agus
 - (II) in aon chás eile, muirearófar an t-íocaí i leith cánach faoi Chás IV de Sceideal D, i leith mhéid na hasbhainte, sa chéad tréimhse de thréimhsí cánach an íocaí a thosóidh laistigh de dhá mhí dhéag ó dheireadh na tréimhse cánach de chuid an íocóra ina dtarlóidh an asbhaint.

Caibidil 5

Eintitis hibrídeacha

Feidhm Chaibidil 5

- 835AK.** (1) Beidh feidhm ag an gCaibidil seo maidir le hidirbheart is bun le toradh neamhchomhfhreagrach—
- (a) idir eintitis is fiontair chomhlachaithe,
 - (b) idir ceannoifig eintitis agus buanfhoras de chuid an eintitis sin, nó
 - (c) idir dhá bhuanfhoras nó níos mó de chuid eintitis.
- (2) Tá feidhm ag alt 835AL maidir le cuideachta atá faoi réim cáin chorparáide.
- (3) Tá feidhm ag alt 835AM maidir le cuideachta atá faoi réim cáin bhaile nó cáin chorparáide.

Íocaíocht le hasbhaint eintitis hibridigh gan toradh neamhchomhfhreagrach áirimh

- 835AL.** (1) Eascróidh íocaíocht le hasbhaint eintitis hibridigh gan toradh neamhchomhfhreagrach áirimh i leith íocaíocht le heintiteas hibrídeach más rud é—
- (a) go bhfuil, nó murach an t-alt seo go mbeadh, asbhaint sa chríoch íocóra gan méid comhréire a bheith ar áireamh sa chríoch íocaí, agus
 - (b) go bhfuil comhlíonadh an choinníll a thuairiscítear i mír (a) inchurtha i leith difríochtaí i leithroinnt íocaíochtaí le heintiteas hibrídeach—
 - (i) idir an chríoch ina bhfuil an t-eintiteas hibrídeach bunaithe, agus
 - (ii) an chríoch ina bhfuil an rannpháirtí lena mbaineann bunaithe.
- (2) Déanfar íocaíocht le hasbhaint eintitis hibridigh gan toradh neamhchomhfhreagrach áirimh a neodrú, i gcás gurb é an Stát an chríoch íocóra, d’ainneoin aon fhoráil eile de chuid na nAchtanna Cánach agus na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, trína dhiúltú don íocóir asbhaint i leith na híocaíochta chun críoch cánach baile, a mhéid nach mbeidh méid comhréire ar áireamh chun críoch cánach coigríche.

Íocaíocht ó asbhaint eintitis hibridigh gan toradh neamhchomhfhreagrach áirimh

- 835AM.** (1) Faoi réir fho-alt (2), eascróidh íocaíocht ó asbhaint eintitis hibridigh gan toradh neamhchomhfhreagrach áirimh i leith íocaíocht ó eintiteas hibrídeach más rud é—
- (a) go bhfuil, nó murach an t-alt seo go mbeadh, asbhaint i leith íocaíochta sa chríoch íocóra gan méid comhréire a bheith ar áireamh sa chríoch íocaí, agus
 - (b) go bhfuil comhlíonadh an choinníll a thuairiscítear i mír (a) inchurtha i leith neamhaird a bheith tugtha ar an íocaíocht faoi dhlíthe na críche íocaí.
- (2) Ní eascróidh íocaíocht ó asbhaint eintitis hibridigh gan toradh neamhchomhfhreagrach áirimh a mhéid atá, nó a bheadh, an íocaíocht dá dtagraítear i bhfo-alt (1) inasbhainte i gcoinne ioncam dé-áirimh.
- (3) Déanfar íocaíocht ó asbhaint eintitis hibridigh gan toradh neamhchomhfhreagrach áirimh a neodrú mar a leanas:
- (a) i gcás gurb é an Stát an chríoch íocóra, d’ainneoin aon fhoráil eile de chuid na nAchtanna Cánach agus na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, diúltófar don íocóir asbhaint i leith na híocaíochta chun críoch cánach baile, a mhéid nach mbeidh méid comhréire ar áireamh chun críoch cánach coigríche;
 - (b) más rud é—
 - (i) gurb é an Stát an chríoch íocaí, agus

- (ii) nár diúltaíodh asbhaint sa chríoch íocóra trí fhoráil den tsamhail chéanna le fo-alt (a) a oibriú,

ansin—

- (I) i gcás ina n-éireoidh an neamháireamh mar gheall ar aon fhoráil de chuid na nAchtanna Cánach nó na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, le linn an méid ar a muirearaítear an t-íocaí i leith cánach a ríomh, déanfar an fhoráil sin a dhífheidhmiú, sa mhéid go ndéantar foráil léi maidir leis an neamháireamh, agus
- (II) in aon chás eile, muirearófar an t-íocaí i leith cánach faoi Chás IV de Sceideal D, i leith mhéid na hasbhainte, sa chéad tréimhse de thréimhsí cánach an íocaí a thosódh laistigh de dhá mhí dhéag ó dheireadh na tréimhse cánach de chuid an íocóra ina dtarlóidh an asbhaint.

Caibidil 6

Cáin iarchoimeáda

Feidhm Chaibidil 6

835AN. Beidh feidhm ag an gCaibidil seo maidir le heintiteas atá faoi réim cáin chorparáide.

Toradh neamhchomhfhreagrach ar cháin iarchoimeáda

835AO. (1) Eascróidh toradh neamhchomhfhreagrach ar cháin iarchoimeáda más rud é—

- (a) go ndéanann eintiteas aistriú hibrídeach (de réir bhrí Chaibidil 4), agus
- (b) go bhfuil sé réasúnach a mheas gurb é cuspóir an aistrithe hibrídigh faoiseamh a áirithiú do níos mó ná páirtí amháin san aistriú hibrídeach i leith méid cánach arna iarchoimeád ag an bhfoinse.
- (2) Déanfar toradh neamhchomhfhreagrach ar cháin iarchoimeáda, d'ainneoin aon ní i Sceideal 24 dá mhalairt, a neodrú tríd an bhfaoiseamh atá ar fáil i leith méid cánach arna iarchoimeád ag an bhfoinse a laghdú den chodán seo a leanas—

A/B

más rud é—

gurb é A brabús an eintitis ón aistriú hibrídeach ar a mbeidh an cháin bhaile le híoc faoi dheoidh, agus

gurb é B ioncam comhiomlán an eintitis faoin aistriú hibrídeach.

Caibidil 7

Neamhchomhfhreagairt cónaitheachta cánach

Feidhm Chaibidil 7

835AP. Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le cuideachta atá faoi réim—

- (a) cáin chorparáide, ós rud é go bhfuil cónaí cánach uirthi sa Stát faoi dhlíthe an Stáit, agus
- (b) cáin choigríche i gcríoch seachas an Stát, ós rud é go meastar go bhfuil cónaí cánach uirthi sa chríoch sin faoi dhlíthe cánach na críche sin.

Toradh neamhchomhfhreagrach ar asbhaint dhúbailte i leith cónaitheacht chánach

835AQ. (1) Eascróidh toradh neamhchomhfhreagrach ar asbhaint dhúbailte i leith cónaitheacht chánach más rud é—

- (a) go bhfuil, nó murach an t-alt seo go mbeadh, asbhaint dhúbailte a eascraíonn i leith íocaíochta, a mhéid nach bhfuil, nó nach mbeadh, méid na hasbhainte inasbhainte i gcoinne ioncam dé-áirimh, agus
 - (b) go bhfuil comhlíonadh an choinníll a thuiriscítear i mír (a) inchurtha i leith na cuideachta do bheith faoi réim cáin chorparáide agus cáin choigríche araon.
- (2) Faoi réir fho-alt (3), déanfar toradh neamhchomhfhreagrach ar asbhaint dhúbailte i leith cónaitheacht chánach a neodrú—
- (a) i gcás gur Ballstát an chríoch eile ar laistigh di atá an chuideachta faoi réir muirear cánach, a bhfuil socrúithe a bhfuil feidhm dlí acu de bhua alt 826(1) déanta lena rialtas, agus faoi na socrúithe sin go bhfuil cónaí cánach ar an gcuideachta sa Bhallstát sin,
 - (b) más rud é—
 - (i) nach Ballstát an chríoch eile ar laistigh di atá an chuideachta faoi réir muirear cánach, agus
 - (ii) faoi shocrúithe, a bhfuil feidhm dlí acu de bhua alt 826(1), le rialtas na críche eile sin—
 - (I) nach bhfuil cónaí cánach ar an gcuideachta sa Stát, nó
 - (II) go bhfuil cónaí cánach ar an gcuideachta sa Stát ach nár diúltaíodh asbhaint sa chríoch eile trí fhoráil den tsamhail chéanna leis an gCaibidil seo a oibriú,

nó

- (c) i gcás nach críoch dá dtagraítear i mír (a) nó (b) an chríoch eile ar laistigh di atá an chuideachta faoi réir muirear cánach,
- d'ainneoin aon fhoráil eile de chuid na nAchtanna Cánach agus na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, trína dhiúltú don chuideachta asbhaint chun críoch cánach baile i leith an oiread sin den íocaíocht a fhreagraíonn don toradh neamhchomhfhreagrach nach mbeidh neodraithe i gcríoch eile.
- (3) I gcás nach mór cónaí cánach cuideachta a mheas trí chomhaontú frithpháirteach idir na húdaráis iniúla de chuid an dá chríoch is páirtí i socrú dá dtagraítear i bhfo-alt (2)(a) nó (b), ansin, déanfar aon choigeartú ar an tuairisceán, arna chomhdú de bhun alt 959I, a cheanglaítear

chun éifeacht a thabhairt d’fho-alt (2), gan moill mhíreasúnach ar an gcomhaontú sin, d’ainneoin aon teorainneacha ama i gCuid 41A.

Caibidil 8

Torthaí neamhchomhfhreagracha allmhairithe

Feidhm Chaibidil 8

835AR. Beidh feidhm ag an gCaibidil seo maidir leo seo a leanas—

- (a) cuideachta atá faoi réim cáin bhaile, agus
- (b) toradh neamhchomhfhreagrach a eascróidh trí idirbheart nó trí shraith idirbheart—
 - (i) atá eatarthu seo a leanas—
 - (I) eintitis is frontair chomhlachaithe,
 - (II) ceannoifig eintitis agus buanfhoras de chuid an eintitis sin, nó
 - (III) dhá bhuanfhoras nó níos mó de chuid eintitis,
 - agus
 - (ii) faoina bhfuil íocaíocht déanta ag cuideachta atá bunaithe sa Stát le híocaí atá bunaithe i stát nach Ballstát.

Toradh neamhchomhfhreagrach allmhairithe

835AS. (1) Eascróidh toradh neamhchomhfhreagrach allmhairithe i gcás go mbeadh sé réasúnach a mheas—

- (a) go ndéanfaidh cuideachta dá dtagraítear in alt 835AR(a) idirbheart, nó sraith idirbheart, lena ngabhann toradh neamhchomhfhreagrach i gcás ina ndéanfar, le híocaíocht ón gcuideachta sin, an toradh neamhchomhfhreagrach a mhaoiniú go díreach nó go neamhdhíreach, agus
 - (b) nach mbeidh an toradh neamhchomhfhreagrach neodraithe trí fhoráil den tsamhail chéanna leis an gCuid seo a chur chun feidhme i gcríoch eile.
- (2) Is í an chuideachta, dá ndiúltófar asbhaint chun críoch cánach baile i leith an oiread sin den íocaíocht a fhreagraíonn don toradh neamhchomhfhreagrach nach mbeidh neodraithe i gcríoch eile, a dhéanfaidh toradh neamhchomhfhreagrach allmhairithe, d’ainneoin aon fhoráil eile de chuid na nAchtanna Cánach agus na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, a neodrú.
- (3) Le linn cinneadh a dhéanamh chun críocha fho-alt (1) i dtaobh cibé acu a d’eascair toradh neamhchomhfhreagrach as idirbheart nó as sraith idirbheart, cuirfear an Chuid seo, seachas an Chaibidil seo, chun feidhme amhail is dá ndéanfaí ‘cáin bhaile’ agus ‘cáin choigríche’ a mhíniú mar a leanas:

ciallaíonn ‘cáin bhaile’ cáin is innhuirearaithe ar bhrabúis nó ar ghnóchain, faoi dhlíthe críche ina bhfuil eintiteas bunaithe, is cáin den tsamhail chéanna le cáin ioncaim, cáin chorparáide (lena n-áirítear muirear faoi Chuid 35B) nó cáin gnóchan caipitiúil;

ciallaíonn ‘cáin choigríche’ cáin is innhuirearaithe ar bhrabúis nó ar ghnóchain, faoi dhlíthe críche nach bhfuil an t-eintiteas bunaithe inti, is cáin den tsamhail chéanna le cáin ioncaim, cáin chorparáide (lena n-áirítear muirear faoi Chuid 35B) agus cáin gnóchan caipitiúil.

Caibidil 9

Comhshocraíochtaí struchtúrtha

Feidhm Chaibidil 9

835AT. (1) Beidh feidhm ag an gCaibidil seo maidir le cuideachta atá faoi réim cáin bhaile.

(2) D’ainneoin ailt 835AC, 835AE, 835AI agus 835AK, beidh feidhm ag an gCaibidil seo i gcás go n-eascróidh toradh neamhchomhfhreagrach faoi chomhshocraíocht struchtúrtha.

Comhshocraíochtaí struchtúrtha

835AU. (1) Eascróidh toradh neamhchomhfhreagrach ar chomhshocraíocht struchtúrtha i gcás go mbeifí le réasún ag súil leis go mbeadh cuideachta dá dtagraítear in alt 835AT(1) ar an eolas—

(a) go ndearna sí comhshocraíocht struchtúrtha,

(b) gur chomhroinn sí luach an tsochair cánach a tháinig as an toradh neamhchomhfhreagrach, agus

(c) nach mbeidh an toradh neamhchomhfhreagrach neodraithe trí fhoráil den tsamhail chéanna leis an gCuid seo a chur chun feidhme i gcríoch eile.

(2) Is é nó is í an cáinócóir, dá ndíoltófar asbhaint chun críoch cánach baile i leith an oiread sin den íocaíocht a fhreagraíonn don toradh neamhchomhfhreagrach nach mbeidh neodraithe i gcríoch eile, a dhéanfaidh toradh neamhchomhfhreagrach ar chomhshocraíocht struchtúrtha, d’ainneoin aon fhoráil eile de chuid na nAchtanna Cánach agus na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, a neodrú.

(3) Le linn cinneadh a dhéanamh chun críocha fho-alt (1) i dtaobh cibé acu a d’eascair toradh neamhchomhfhreagrach as idirbheart nó as sraith idirbheart, cuirfear an Chuid seo, seachas an Chaibidil seo, chun feidhme amhail is dá ndéanfaí ‘cáin bhaile’ agus ‘cáin choigríche’ a mhíniú mar a leanas:

ciallaíonn ‘cáin bhaile’ cáin is innhuirearaithe ar bhrabúis nó ar ghnóchain, faoi dhlíthe críche ina bhfuil eintiteas bunaithe, is cáin den tsamhail chéanna le cáin ioncaim, cáin chorparáide (lena n-áirítear muirear faoi Chuid 35B) nó cáin gnóchan caipitiúil;

ciallaíonn ‘cáin choigríche’ cáin is inmhuirearaithe ar bhrabúis nó ar ghnóchain, faoi dhlíthe críche nach bhfuil an t-eintiteas bunaithe inti, is cáin den tsamhail chéanna le cáin ioncaim, cáin chorparáide (lena n-áirítear muirear faoi Chuid 35B) agus cáin gnóchan caipitiúil.

Caibidil 10

Tabhairt ar aghaidh

Tabhairt ar aghaidh

835AV. A mhéid a diúltaíodh asbhaint faoin gCuid seo (an ‘méid diúltaithe’) i leith tréimhse chánach de chuid eintitis, féadfaidh an t-eintiteas éileamh a dhéanamh lena gceanglófar go ndéanfar an méid diúltaithe a fhritháireamh chun críoch cánach baile i gcoinne aon ioncam dé-áirimh i dtréimhsí cánach an eintitis ina dhiaidh sin agus tabharfar faoiseamh i leith méideanna a thabharfar ar aghaidh amhlaidh i dtosach i gcoinne brabúis nó gnóchain de chuid tréimhse chánach is luaithe ná sin sula dtabharfar faoiseamh i gcoinne brabúis nó gnóchain de chuid tréimhse chánach is déanaí ná sin.

Caibidil 11

Feidhm na Coda seo

Raon feidhme

835AW. Beidh feidhm ag an gCuid seo maidir le híocaíochtaí a dhéanfar nó a eascróidh an 1 Eanáir 2020 nó dá éis.

Ord feidhme

835AX. (1) Beidh feidhm ag an gCuid seo tar éis fhorálacha uile na nAchtanna Cánach, agus na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, seachas alt 811C.

(2) Ní dhéanfar toradh neamhchomhfhreagrach a neodrú faoi níos mó ná aon Chaibidil amháin den Chuid seo.”

Leasú ar alt 739J den Phríomh-Acht (comhpháirtíochtaí teoranta infheistíochta)

32. (1) Leasaítear alt 739J den Phríomh-Acht—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1) :

“(1) (a) San alt seo—

ciallaíonn ‘comhpháirtíocht theoranta infheistíochta’ comhpháirtíocht theoranta infheistíochta de réir bhrí an Achta um Chomhpháirtíochtaí Teoranta Infheistíochta, 1994;

ciallaíonn ‘caillteanais iomchuí’, i ndáil le comhpháirtíocht theoranta infheistíochta—

(i) aon chaillteanais a bhainfidh don chomhpháirtíocht theoranta infheistíochta, ar caillteanais iad a bheadh ina gcaillteanais inlamhála dá mbeidís i lámha duine a chónaíonn sa Stát, lena

n-áirítear caillteanais a bheadh ina gcaillteanais inlámhála amhlaidh dá mba shócmhainní inmhuirearaithe na sócmhainní uile lena mbaineann agus mura mbeadh feidhm ag aon díolúine ó cháin gnóchan caipitiúil, a mhéid is mó caillteanais den sórt sin ná aon ghnóchain iomchuí, agus

- (ii) aon chaillteanais nó easnaimh a bhainfidh don chomhpháirtíocht theoranta infheistíochta, ar caillteanais nó easnaimh iad a bheadh, dá n-eascróidís chuig pearsa aonair a chónaíonn sa Stát, ina gcaillteanais, i lámha na pearsan aonair, chun críoch cánach ioncaim, a mhéid is mó caillteanais nó easnaimh den sórt sin ná aon ioncam iomchuí,

de réir mar is cuí.

- (b) Chun críoch an ailt seo, beidh feidhm ag na mínithe ar ‘gnóchain iomchuí’, ‘ioncam iomchuí’ agus ‘íocaíocht iomchuí’ in alt 739B(1) maidir le comhpháirtíocht theoranta infheistíochta mar atá feidhm acu maidir le gnóthas infheistíochta—

- (i) amhail is dá mba thagairtí do ‘leas comhpháirtíochta’ agus do ‘comhpháirtí’, faoi seach, tagairtí do ‘aonad’ agus do ‘sealbhóir aonad’ gach áit a bhfuil siad, agus

- (ii) fara aon mhodhnuithe eile is gá.”,

- (b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) (a) D’ainneoin aon ní sna hAchtanna agus faoi réir fho-alt (3), maidir le comhpháirtíocht theoranta infheistíochta—

- (i) ní bheidh sí inmhuirearaithe i leith cánach maidir le gnóchain iomchuí, ioncam iomchuí nó íocaíocht iomchuí, nó

- (ii) ní bheidh sí i dteideal caillteanais iomchuí a fhabhrú.

- (b) Chun críocha na nAchtanna, measfar go n-eascraíonn, nó, de réir mar a bheidh, go bhfabhraíonn ioncam iomchuí, gnóchain iomchuí agus caillteanais iomchuí, de réir mar a bheidh, i ndáil le comhpháirtíocht theoranta infheistíochta, chuig gach comhpháirtí de chuid na comhpháirtíochta teoranta infheistíochta de réir chionroinnt an ioncaim iomchuí sin, na ngnóchan iomchuí sin nó na gcaillteanas iomchuí sin faoi théarma an chomhaontaithe comhpháirtíochta, amhail is dá mba rud é gur eascair nó, de réir mar a bheidh, gur fhabhraigh an t-ioncam iomchuí, na gnóchain iomchuí nó na caillteanais iomchuí chuig an gcomhpháirtí sa chomhpháirtíocht theoranta infheistíochta gan gabháil trí lámha na comhpháirtíochta teoranta infheistíochta.

- (c) I gcás aon tréimhse a bhfuil comhiomlán na méideanna faoi seach (dá ngairtear an ‘comhiomlán’ sa mhír seo) den ioncam iomchuí agus de na gnóchain iomchuí a mheastar faoi mhír (b) go n-eascraíonn nó go bhfabhraíonn siad chuig gach comhpháirtí sa chomhpháirtíocht theoranta infheistíochta, níos lú ná méid iomlán an ioncaim iomchuí agus na ngnóchan iomchuí arna eascairt agus arna n-eascairt, nó arna fhabhrú agus arna bhfabhrú chuig an gcomhpháirtíocht theoranta

infheistíochta don tréimhse sin, ansin, measfar go n-eascraíonn nó go bhfabhraíonn méid na difríochta (dá ngairtear ‘an t-iarmhéid’ sa mhír seo) idir an méid iomlán sin agus an comhiomlán chuig an gcomhpháirtí ginearálta, agus i gcás go bhfuil níos mó ná comhpháirtí ginearálta amháin ann, déanfar an t-iarmhéid a chionroinnt idir na comhpháirtithe ginearálta i scaireanna comhionanna.”,

agus

(c) i bhfo-alt (3)—

(i) i mír (a)—

(I) trí “ioncaim iomchuí, gnóchan iomchuí agus cailteanas iomchuí” a chur in ionad “brabús iomchuí”, agus

(II) trí “i leith aonaid sa chomhpháirtíocht teoranta infheistíochta” a scríosadh,

(ii) i mír (b) trí “comhpháirtí” a chur in ionad “sealbhóir aonad”, agus

(iii) i mír (b)(ii) trí “méid an ioncaim iomchuí, na ngnóchan iomchuí agus na gcaillteanas iomchuí” a chur in ionad “méid na mbrabús iomchuí”.

(2) Beidh feidhm ag *fo-alt (1)* i leith comhpháirtíocht teoranta infheistíochta a mbeidh údarú deonaithe di faoi alt 8 den Acht um Chomhpháirtíochtaí Teoranta Infheistíochta, 1994 an 1 Eanáir 2020 nó dá éis.

Leasú ar alt 1035A den Phríomh-Acht (foráil shaortha ar alt 1035)

33. Leasaítear alt 1035A(1) den Phríomh-Acht sa mhíniú ar “gníomhaire údaraithe”—

(a) i mír (a)(i), trí “Rialachán 8 de Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Margaí in Ionstraimí Airgeadais), 2017 (I.R. Uimh. 375 de 2017)” a chur in ionad “alt 18 den Acht um Stocmhalartáin, 1995”, agus

(b) i mír (a)(ii)—

(i) trí “i mBallstát iomchuí (de réir bhrí alt 835I(1))” a chur in ionad “i mBallstát eile”,

(ii) trí “chun críoch Threoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014” a chur in ionad “chun críoch Threoir 93/22/CEE ón gComhairle an 10 Bealtaine 1993”, agus

(iii) trí “agus a sholáthraíonn aon seirbhís infheistíochta amháin, nó níos mó, trí bhraíne nó trí ghníomhaireacht sa Stát de bhun Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Margaí in Ionstraimí Airgeadais), 2017,” a chur isteach i ndiaidh “ina dhiaidh sin,”.

Leasú ar Chuid 28 den Phríomh-Acht (ceannach agus díol urrús)

34. Leasaítear Cuid 28 den Phríomh-Acht tríd an gCaibidil seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Chaibidil 2:

“Caibidil 3

*Iasachtaíocht stoic agus comhaontuithe athcheannaigh***Léiriú (Caibidil 3)**

753A. Sa Chaibidil seo—

ciallaíonn “Acht 1999” An tAcht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999;
 tá le ‘cumann foirgníochta’ an bhrí chéanna atá leis i gCaibidil 4 de Chuid 8:
 tá le ‘stoc coibhéiseach’—

- (a) i ndáil le hiasachtaíocht stoic, an bhrí chéanna atá leis in alt 87 d’Acht 1999, agus
- (b) i ndáil le comhaontú athcheannaigh, an bhrí chéanna atá leis in alt 87A d’Acht 1999;

ciallaíonn ‘idirbheart airgeadais’ idirbheart arb éard atá ann—

- (a) iasachtaíocht stoic nó aistriú stoic arb ina leith—
 - (i) is foras cáilitheach an díoltóir stoic nó an ceannaitheoir stoic, agus
 - (ii) nach pearsa aonair ná comhpháirtíocht an páirtí eile,
 agus
- (b) an t-aischur stoic comhréire le haghaidh na hiasachtaíochta stoic sin nó an aistrithe stoic sin,

i gcás gur réasúnach a mheas go bhfuil an t-idirbheart, agus na comhaontuithe, comhshocraíochtaí nó idirbhearta comhlachaithe go léir, coibhéiseach le hidirbheart nó le comhaontú chun airgead, nó luach airgid, a thabhairt ar iasacht ar ús;

tá le ‘gnóthas infheistíochta’ an bhrí chéanna atá leis i gCaibidil 1A de Chuid 27;

tá le ‘iasachtóir’ an bhrí chéanna atá leis in alt 87 d’Acht 1999;

ciallaíonn ‘íocaíocht mhonaraithe’ íocaíocht ó cheannaitheoir stoic le díoltóir stoic, cibé acu arna déanamh go díreach nó go neamhdhíreach, chun aisíocaíocht a dhéanamh leis an díoltóir stoic sin i leith aon dáileadh nó ús a eascraíonn nó a fhabhraíonn chuig an gceannaitheoir stoic de dhroim aistriú na n-urrús cáilitheach mar chuid d’idirbheart airgeadais;

tá le ‘scéim pinsean’ an bhrí chéanna atá leis i gCaibidil 4 de Chuid 8;

ciallaíonn ‘foras cáilitheach’—

- (a) cuideachta atá faoi réim cáin chorparáide,
- (b) gnóthas infheistíochta,
- (c) scéim pinsean,

(d) scéim a bhfuil an t-ioncam uaithi, go hiomlán nó go páirteach, díolmhaithe ó cháin ioncaim faoi alt 790B,

(e) duine a bhfuil a ioncam nó a hioncam, go hiomlán nó go páirteach, díolmhaithe—

(i) ó cháin ioncaim, de bhun alt 207(1)(b), nó

(ii) ó cháin chorparáide, de bhua alt 207(1)(b) mar atá feidhm aici chun críoch cánach corparáide faoi alt 76(6),

nó

(f) cumann foirgníochta;

ciallaíonn ‘urrúis cháilitheacha’—

(a) urrúis úsmhara, urrúis lascainithe nó urrúis phréimhiúla, nó

(b) stoic nó scaireanna a luaitear ar stocmhalartán aitheanta;

tá le ‘díoltóir athcheannaigh’ an bhrí chéanna atá leis in alt 87A d’Acht 1999;

tá le ‘ceannaitheoir athcheannaigh’ an bhrí chéanna atá leis in alt 87A d’Acht 1999;

ciallaíonn ‘comhaontú athcheannaigh’ comhaontú athcheannaigh (de réir bhrí alt 87A d’Acht 1999) i leith urrúis cháilitheacha;

tá le ‘urrús’ an bhrí chéanna atá leis i gCaibidil 2 de Chuid 6;

tá le ‘iasachtaí stoic’ an bhrí chéanna atá leis in alt 87 d’Acht 1999;

ciallaíonn ‘iasachtaíocht stoic’ iasachtaíocht stoic (de réir bhrí alt 87 d’Acht 1999) i leith urrúis cháilitheacha;

ciallaíonn ‘ceannaitheoir stoic’—

(a) i ndáil le hiasachtaíocht stoic, iasachtaí stoic, agus

(b) i ndáil le comhaontú athcheannaigh, ceannaitheoir athcheannaigh;

tá le ‘aischur stoic’—

(a) i ndáil le hiasachtaíocht stoic, an bhrí chéanna atá leis in alt 87 d’Acht 1999, agus

(b) i ndáil le comhaontú athcheannaigh, an bhrí chéanna atá leis in alt 87A d’Acht 1999,

i ngach cás, faoi réir an mhodhnaithe go ndéanfar tagairt sa mhíniú ar an téarma sin, san alt lena mbaineann, do ‘stoc’, a fhorléiriú mar thagairt d’urrúis cháilitheacha;

ciallaíonn ‘aistriú stoic’, i leith comhaontú athcheannaigh, aistriú stoic (de réir bhrí alt 87A d’Acht 1999);

ciallaíonn ‘díoltóir stoic’—

- (a) i ndáil le hiasachtaíocht stoic, iasachtóir, agus
- (b) i ndáil le comhaontú athcheannaigh, díoltóir athcheannaigh.

Feidhm

753B. (1) Beidh feidhm ag an gCaibidil seo maidir le hidirbheart airgeadais, a dhéanfar an 1 Eanáir 2020 nó dá éis, seachas—

- (a) idirbheart airgeadais—
 - (i) ar dá bhun a shealbhaíonn ceannaitheoir stoic urrúis cháilitheacha nó stoc coibhéiseach, agus
 - (ii) ar dá dhroim a eascraíonn nó a fhabhraíonn dáileadh chuig an gceannaitheoir stoic sin as na hurrúis cháilitheacha sin nó as an stoc coibhéiseach sin,

ach amháin más rud é—

(I) go mbeadh an díoltóir stoic i dteideal—

- (A) aisíocaíocht aon chánach arna hiarchoimeád ón ús, nó
- (B) an dáileadh a fháil gan cáin a asbhaint,

faoi aon fhoráil de chuid na nAchtanna Cánach nó faoi shocruithe a rinneadh le críoch eile ag a bhfuil feidhm dlí de bhua alt 826(1), mura mbeadh an t-idirbheart airgeadais déanta ag an díoltóir stoic agus mura mbeadh an dáileadh sin faighte go díreach aige nó aici, agus

(II) gur i bhfoirm airgead tirim an dáileadh,

(b) idirbheart airgeadais—

- (i) ar dá bhun a shealbhaíonn ceannaitheoir stoic urrúis cháilitheacha, agus
- (ii) ar dá dhroim a eascraíonn nó a fhabhraíonn ús chuig an gceannaitheoir stoic sin as na hurrúis sin,

ach amháin más rud é—

(I) go mbeadh an díoltóir stoic i dteideal—

- (A) aisíocaíocht aon chánach arna hiarchoimeád ón dáileadh, nó
- (B) an t-ús a fháil gan cáin a asbhaint,

faoi aon fhoráil de chuid na nAchtanna Cánach nó faoi shocruithe a rinneadh le críoch eile ag a bhfuil feidhm dlí de bhua alt 826(1), mura mbeadh an t-idirbheart airgeadais déanta ag an díoltóir stoic agus mura mbeadh an t-ús sin faighte go díreach aige nó aici, nó

(II) nach mbeadh an díoltóir stoic ná an ceannaitheoir stoic i dteideal íocaíocht úis a fháil gan cáin a asbhaint faoi alt 246 agus, i gcás go ndéanfar cáin den sórt sin a asbhaint, ní bheadh an díoltóir stoic ná

an ceannaitheoir stoic i dteideal aisíocaíocht aon chánach den sórt sin arna hiarchoimeád nó aon chuid di.

- (2) I gcás go mbeidh feidhm ag an gCaibidil seo, le linn na hAchtanna Cánach agus na hAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil a chur chun feidhme maidir le hidirbheart airgeadais, tabharfar aird ar ábhar an idirbhirt airgeadais, seachas ar a fhoirm dlí, ionas—
- (a) nach ndéileálfar le hurrúis cháilitheacha, nó le stoc coibhéiseach díobh, a dhiúscairt agus a athfháil ina dhiaidh sin de bhun an idirbhirt airgeadais, mar dhiúscairt nó mar fháil chun críocha na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil,
- (b) go ndéileálfar le haon ioncam, brabúis nó gnóchain, lena n-áirítear táillí, corrlaigh, brabúis nó gnóchan airgeadais eile a eascróidh nó a fhabhróidh chuig díoltóir stoic nó chuig ceannaitheoir stoic, go díreach nó go neamhdhíreach—
- (i) de bhun an idirbhirt airgeadais, agus
- (ii) i gcás gurb é a bheidh san idirbheart airgeadais aistriú stoic, de bhun an chomhaontaithe athcheannaigh comhréire,
- amhail is gur eascair an t-ioncam sin, na brabúis sin nó na gnóchain sin, de réir mar a bheidh, as airgead, nó as luach airgid, a thabhairt ar iasacht ar ús, agus
- (c) maidir le haon íocaíocht mhonaraithe—
- (i) go mbeidh sí inasbhainte de réir alt 753C(2) agus (3), agus
- (ii) go muirearófar cáin uirthi de réir alt 753C(5) agus (6).

Díbhinní nó ús a íoc agus a fháil agus íocaíochtaí monaraithe faoi iasachtaíocht stoic nó faoi chomhaontú athcheannaigh

- 753C.** (1) San alt seo, tagraíonn ‘méid sonraithe’ do mhéid úis nó do mhéid dáilte a eascraíonn nó a fhabhraíonn chuig ceannaitheoir stoic i leith urrúis cháilitheacha, nó i leith stoc coibhéiseach, atá i seilbh an cheannaitheora stoic de bhun idirbheart airgeadais.
- (2) Faoi réir fho-alt (3), le linn cáin a mhuirearú ar mhéid sonraithe—
- (a) beidh asbhaint ar fáil i leith aon íocaíocht mhonaraithe comhréire a bheidh íoctha, agus
- (b) ní mó asbhaint den sórt sin ná an méid sonraithe a gheofar i ndiaidh Sceideal 24 a chur chun feidhme, ach sin sula gcuirfear Sceideal 2 chun feidhme.
- (3) Ní bheidh íocaíocht mhonaraithe inasbhainte—
- (a) i gcás go bhfuil an ceannaitheoir stoic díolmhaithe ó cháin i leith an mhéid shonraithe comhréire,

- (b) i gcás nach n-eascródh aon mhéid cánach is iníoctha, de réir bhrí alt 959A, i leith an mhéid shonraithe comhréire i ndiaidh Sceideal 24 a chur chun feidhme, nó
- (c) i gcoinne aon mhéideanna seachas an méid sonraithe comhréire.
- (4) I gcás gur mó an méid sonraithe ná méid aon íocaíochta monaraithe comhréire a bheidh íoctha, ansin, d'ainneoin Chuid 2, alt 129, alt 129A nó alt 138, déanfar cáin a mhuirearú ar an méid breise sin de bhun alt 753B(2)(b).
- (5) Faoi réir fho-alt (6), déanfar cáin a mhuirearú ar dhíoltóir stoic i leith íocaíocht mhonaraithe a eascraíonn nó a fhabhraíonn amhail is go bhfuair an díoltóir stoic sin an méid sonraithe comhréire go díreach.
- (6) I gcás gur mó méid na híocaíochta monaraithe a bheidh déanta ag an díoltóir stoic ná méid an mhéid shonraithe comhréire a bheidh faighte ag an gceannaitheoir stoic, tar éis aon cháin iarchoimeáda choigríche ach sula gcuirfead Sceideal 2 chun feidhme, ansin, beidh an díoltóir stoic innhuirearaithe i leith cánach faoi Chás IV de Sceideal D i leith an mhéid bhreise sin.

Cáin iarchoimeáda díbhinne a aischiú

753D. (1) Beidh feidhm ag an alt seo maidir le hidirbheart airgeadais más rud é—

- (a) go n-íocfar dáileadh le ceannaitheoir stoic de bhun iasachtaíocht stoic nó de bhun an chomhaontaithe athcheannaigh i leith aistriú stoic,
- (b) go ndearnadh an t-aischur stoic comhréire maidir leis an iasachtaíocht stoic sin nó maidir leis an aistriú stoic sin,
- (c) go raibh an dáileadh a fuair an ceannaitheoir stoic de bhun na hiasachtaíochta stoic nó an chomhaontaithe athcheannaigh faoi réir cáin iarchoimeáda díbhinne,
- (d) go mbeadh an díoltóir stoic i dteideal—
 - (i) aisíocaíocht ar an gcáin iarchoimeáda díbhinne dá dtagraítear i mír (c), nó
 - (ii) an dáileadh a fháil gan an cháin iarchoimeáda díbhinne sin a asbhaint,mura mbeadh an t-idirbheart airgeadais déanta ag an díoltóir stoic agus mura mbeadh an dáileadh sin faighte aige nó aici go díreach,
- (e) nach mbeidh an díoltóir stoic tar éis cúiteamh a fháil ón gceannaitheoir stoic, nó ó pháirtí atá bainteach leis an gceannaitheoir stoic sin, i leith na cánach iarchoimeáda díbhinne dá dtagraítear i mír (c), nó i leith aon chuid den cháin iarchoimeáda díbhinne sin, agus
- (f) nach mbeidh an ceannaitheoir stoic fúthu seo a leanas—
 - (i) alt 831,
 - (ii) socrú a bhfuil feidhm dlí aige de bhua alt 826(1),

- (iii) Sceideal 24, nó
- (iv) aon fhoráil eile (lena n-áirítear foráil faoi dhlí críche seachas an Stát),
 - i dteideal aisíocaíocht, creidmheas, asbhaint nó faoiseamh eile i leith na cánach iarchoimeádta díbhinne dá dtagraítear i mír (c) nó i leith aon chuid den cháin iarchoimeádta díbhinne sin.
- (2) I gcás go bhfuil feidhm ag an alt seo, féadfaidh an díoltóir stoic éileamh a dhéanamh maidir le haisíocaíocht ar an gcáin iarchoimeádta díbhinne dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(c), faoi réir na nithe seo a leanas a sholáthar—
 - (a) daingniú go bhfuair an ceannaitheoir stoic dáileadh faoi iasachtaíocht stoic nó faoi chomhaontú athcheannaigh, agus go ndearnadh an cháin iarchoimeádta díbhinne a iarchoimeád ó mhéid an dáilte sin,
 - (b) dearbhú sínithe ón gceannaitheoir stoic nach bhfuil an díoltóir stoic i dteideal aon aisíocaíocht, creidmheas, asbhaint nó aon ní dá samhail i leith na cánach iarchoimeádta díbhinne sin,
 - (c) daingniú maidir leis an díoltóir stoic—
 - (i) gurbh é nó í úinéir na n-urrús cáilitheach (lena n-áirítear aon stoc coibhéiseach)—
 - (I) díreach roimh an idirbheart airgeadais, agus
 - (II) díreach i ndiaidh an idirbhirt airgeadais,
 - (ii) go mbeadh an dáileadh faighte aige nó aici go díreach dá mba rud é nach ndearnadh an iasachtaíocht stoic nó an comhaontú athcheannaigh, agus
 - (iii) go mbeadh sé nó sí i dteideal—
 - (I) aisíocaíocht ar an gcáin iarchoimeádta díbhinne sin, nó
 - (II) an dáileadh a fháil gan an cháin iarchoimeádta díbhinne sin a asbhaint,
 - dá mba rud é go mbeadh an dáileadh faighte ag an díoltóir stoic sin go díreach,
 - (d) ráiteas dá dtagraítear in alt 172I(1) nó (1A),
 - (e) an dearbhú cuí arna dhéanamh faoi Sceideal 2A, agus
 - (f) aon fhaisnéis nó doiciméadacht eile is cuí leis na Coimisinéirí Ioncaim chun an t-éileamh a bhailíochtú.

Frithsheachaint

753E. (1) San alt seo—

ciallaíonn ‘na hAchtanna’—

- (a) na hAchtanna Cánach,

- (b) na hAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil,
- (c) Acht 1999, agus na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin, agus
- (d) an tAcht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010, agus na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin,
- agus aon ionstraim arna déanamh faoin gcéanna agus aon ionstraim a dhéantar faoi aon achtachán eile agus a bhaineann leis na hAchtanna sin; tá le ‘buntáiste cánach’ an bhrí chéanna atá leis in alt 811C;
- ciallaíonn ‘tréimhse idirbhirt’ an tréimhse—
- (a) tar éis urrúis cháilitheacha a fháil ó iasachtóir faoi iasachtaíocht stoic, nó
- (b) tar éis aistriú stoic a dhéanamh faoi chomhaontú athcheannaigh, ach sula ndéanfar an t-aischur stoic comhréire.
- (2) Ní bheidh feidhm ag an gCaibidil seo maidir le hidirbheart airgeadais, mura rud é go mbeadh sé réasúnach a mheas, maidir leis an idirbheart airgeadais—
- (a) go ndearnadh é ar chúiseanna tráchtála *bona fide*, agus
- (b) nach cuid é d’aon chomhshocraíocht nó scéim arb é an príomhchuspóir, nó ceann de na príomhchuspóirí, atá léi cáin a sheachaint.
- (3) D’ainneoin fho-alt 753B(2)(a), le linn cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcaipiteal, na cearta vótála nó an teideal chun sócmhainní, cibé acu ar fhoirceannadh nó in aon imthosca eile, a shealbhaíonn páirtí in idirbheart airgeadais chun críoch aon fhoráil de na hAchtanna le linn tréimhse idirbhirt, tabharfar aird ar na nithe seo a leanas—
- (a) an caipiteal,
- (b) na cearta vótála, agus
- (c) an teideal chun sócmhainní, cibé acu ar fhoirceannadh nó in aon imthosca eile,
- atá ag gach páirtí san idirbheart airgeadais lena mbaineann, de réir mar a bheidh—
- (i) díreach roimh an tráth—
- (I) a bheidh urrúis cháilitheacha faighte ón iasachtóir faoin iasachtaíocht stoic lena mbaineann, nó
- (II) a bheidh an t-aistriú stoic déanta faoin gcomhaontú athcheannaigh lena mbaineann,
- de réir mar a bheidh, agus
- (ii) le linn na tréimhse idirbhirt,

ionas go mbeidh sa chaipiteal, sna cearta vótála nó sa teideal chun sócmhainní, cibé acu ar fhoirceannadh nó in aon imthosca eile, a shealbhaíonn an páirtí sin don tréimhse idirbhirt sin, an méid nach bun le buntáiste cánach don pháirtí sin san idirbheart airgeadais nó do dhuine atá bainteach leis an bpáirtí sin.

Taifid

753F. (1) Faoi réir fho-alt (2), déanfaidh foras cáilitheach taifead ar leithligh a chothabháil de gach idirbheart airgeadais, ar feadh tréimhse 6 bliana ó dháta an aischuir stoic lena mbaineann, ina n-áireofar, ar a laghad—

- (a) ainm agus seoladh an dá pháirtí san idirbheart airgeadais,
- (b) an comhaontú is bun leis an idirbheart airgeadais agus aon doiciméadacht i leith aon chomhaontuithe, comhshocraíochta nó idirbhirt chomhlachaithe,
- (c) cineál, luach ainmniúil, tuairisc agus méid na n-urrús cáilitheach, lena n-áirítear aon stoc coibhéiseach, arna n-aistriú faoin idirbheart airgeadais,
- (d) an dáta a bheidh—
 - (i) urrúis cháilitheacha faighte ón iasachtóir faoin iasachtaíocht stoic lena mbaineann, nó
 - (ii) an t-aistriú stoic déanta faoin gcomhaontú athcheannaigh lena mbaineann,
 de réir mar a bheidh,
- (e) dáta an aischuir stoic,
- (f) mionsonraí i dtaobh aon íocaíochtaí monaraithe a eascraíonn de bhun an idirbhirt airgeadais,
- (g) mionsonraí i dtaobh aon ráta úis nó ráta aischuir is infheidhme maidir leis an idirbheart airgeadais, agus
- (h) mionsonraí i dtaobh na dtáillí, na mbrabús, na gcorrlach, nó gnóchain airgeadais eile a fhabhraíonn, a mhuirearaítear nó a mbeifí ag súil leis a d'eascródh de bhun an idirbhirt airgeadais.

(2) I gcás gurb ionann foras cáilitheach agus—

- (a) gnóthas infheistíochta,
- (b) scéim pinsean, nó
- (c) scéim dá dtagraítear i mír (d) den mhíniú ar ‘foras cáilitheach’ in alt 753A,

déanfaidh duine atá údaraithe chun gníomhú thar ceann an fhorais cháilithigh, nó chun a chríoach, agus a ghníomhaíonn amhlaidh de ghnáth sa cháil sin an taifead dá dtagraítear i bhfo-alt (1) a chothabháil.”

CAIBIDIL 6

*Cáin Gnóchan Caipitiúil***Leasú ar alt 604B den Phríomh-Acht (faoiseamh i leith athstruchtúró feirme)**

35. (1) Leasaítear alt 604B(1)(a) den Phríomh-Acht sa mhíniú ar “tréimhse iomchuí” trí “31 Nollaig 2022” a chur in ionad “31 Nollaig 2019”.

(2) Tiocfaidh *fo-alt (1)* i ngníomh cibé lá a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú.

Leasú ar alt 616 den Phríomh-Acht (grúpaí cuideachtaí: léiriú)

36. (1) Leasaítear alt 616 den Phríomh-Acht i bhfo-alt (1) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) faoi réir ailt 617(5), 621(1) agus 623(7), aon tagairt do chuideachta nó do chuideachtaí, ní bheidh feidhm aici ach amháin maidir le cuideachta nó cuideachtaí, mar a theorannaítear le fo-alt (2), ar cuideachta í, nó de réir mar a bheidh, ar cuideachtaí iad a bhfuil, de bhua dlí Ballstáit iomchuí, cónaí uirthi nó orthu, chun críoch cánach, i mBallstát iomchuí den sórt sin, agus chun na críche sin—

measfar go bhfolóidh ‘Ballstát iomchuí’, i dteannta na brí a shanntar don abairt sin le fo-alt (7), an Ríocht Aontaithe;

ciallaíonn ‘cáin’, i ndáil le Ballstát iomchuí seachas an Stát, aon cháin a fhorchuirtear sa Bhallstát iomchuí a fhreagraíonn do cháin chorparáide sa Stát;

agus déanfar tagairtí do chomhalta nó do chomhaltaí de ghrúpa cuideachtaí a fhorléiriú dá réir sin;”.

(2) Beidh feidhm ag an alt seo ón lá (ag an am a cheapfar air sin chuige sin faoin gcéad Acht eile a luafar) a thiocfaidh Cuid 6 den Acht um Tharraingt Siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (Forálacha Iarmhartacha), 2019 i ngníomh.

Leasú ar alt 621 den Phríomh-Acht (idirbhearta díluachála i ngrúpa)

37. Leasaítear alt 621(8) den Phríomh-Acht—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) Más rud é, faoi fho-alt (6), go ndéanfar cailteanas a laghdú, déanfar, d’fhonn féinmheasúnacht a dhéanamh, aon ghnóchan inmhuirearaithe arna fhabhrú ar dhiúscairt na scaireanna in aon chuideachta eile nó urrús aon chuideachta eile ba pháirtí san idirbheart díluachála a ndearnadh an laghdú faoina threoir, is diúscairt a rinneadh tráth nach déanaí ná 10 mbliana tar éis an idirbhirt díluachála, a laghdú an oiread sin nach léireofar leis an ghnóchan aon mhéadú ar luach shócmhainní na cuideachta is inchurtha i leith an idirbhirt díluachála ar luach na scaireanna sin nó na n-urrús sin tráth a ndiúscartha.”.

agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (a):

“(aa) Déanfaidh an cigire, le linn dó nó di measúnacht a dhéanamh, nó déanfaidh na Coimisinéirí Achomhairc, ar achomharc i gcoinne measúnachta, aon ghnóchan inmhuirearaithe a laghdú a mhéid is dealraitheach don chigire nó do na Coimisinéirí Achomhairc, de réir mar a bheidh, is cóir agus is réasúnach ar an mbonn nár chóir go léireofaí leis an ngnóchan aon mhéadú i luach shócmhainní na cuideachta is inchurtha i leith idirbheart díluachála.”

Leasú ar fhorálacha a bhaineann le cáin scuchta

38. (1) Leasaítear an Príomh-Acht—

(a) in alt 627—

(i) i bhfo-alt (2)—

(I) trí “nó, i gcás mhír (c), an tráth a shonraítear i bhfo-alt (2A)” a chur isteach i ndiaidh “teagmhas lena mbaineann”, agus

(II) trí “, is cuideachta a bhfuil cónaí uirthi i mBallstát (seachas an Stát),” a scriosadh i míreanna (a) agus (b),

agus

(ii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) D’ainneoin aon ní i bhfo-alt (2), maidir leis an teagmhas dá dtagraítear i mír (c) den fho-alt sin, measfar gurb é an tráth díreach sula scoirfidh an chuideachta dá dtagraítear sa mhír sin de bheith ina cónaí sa Stát an tráth a mheasfar go ndearna an chuideachta a cuid sócmhainní go léir a dhiúscairt (seachas sócmhainní a eiscear ón mír sin le fo-alt (6)) agus go bhfuair sí ar ais láithreach iad ag a margadhluach.”

agus

(b) in alt 629B, trí “le halt 32” a chur in ionad “le halt 30” i bhfo-alt (1).

(2) (a) Beidh feidhm ag *fo-alt (1)(a)* i leith diúscairtí, arna ndéanamh an 9 Deireadh Fómhair 2019 nó dá éis, lena mbaineann alt 627(2) den Phríomh-Acht.

(b) Measfar feidhm a bheith ag *fo-alt (1)(b)* ar an agus ón 10 Deireadh Fómhair 2018.

CUID 2

MÁL

Rátaí cánach táirgí tobac

39. Leasaítear an tAcht Airgeadais, 2005, le héifeacht amhail ar an agus ón 9 Deireadh Fómhair 2019 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad Sceideal 2 (arna leasú le halt 34 den Acht Airgeadais, 2018):

“SCEIDEAL 2

RÁTAÍ CÁNACH TÁIRGÍ TOBAC

(Le héifeacht amhail ar an agus ón 9 Deireadh Fómhair 2019)

Tuairisc an Táirge	An Ráta Cánach
Toitíní	Ráta cánach— (a) ach amháin i gcás go bhfuil feidhm ag mír (b), €346.04 an míle i dteannta méid atá comhionann le 8.91 faoin gcéad den phraghas ar a miondíoltar na toitíní, nó (b) €395.05 an míle i leith toitíní a mhiondíoltar i gcás gur lú an ráta cánach ná an ráta sin dá ríomhfaí an ráta de réir mhír (a).
Todóga	Ráta cánach €394.811 an cileagram.
Tobac mínghearrtha chun toitíní a rolladh	Ráta cánach €379.831 an cileagram.
Tobac eile chun a chaite ina dheatach	Ráta cánach €273.903 an cileagram.

Leasú ar Chaibidil 1 de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 1999 agus ar Sceidil 2 agus 2A a ghabhann leis an Acht sin (cáin ola mianra)

40. (1) Leasaítear an tAcht Airgeadais, 1999 le héifeacht amhail ar an agus ón 9 Deireadh Fómhair 2019—

(a) in alt 96(1B), trí “gurb é A an méid a mhuirearófar in aghaidh an tona CO₂ a astaítear, ar €26 é i gcás peitiril, gásailín eitlíochta, agus ola throm a úsáidtear mar thiomántán nó le haghaidh aerloingseoireachta nó le haghaidh loingseoireacht áineasa phríobháideach, agus €20 i gcás gach tuairisc eile ola mianra i Sceideal 2A”, a chur in ionad “gurb é A an méid, €20, a mhuirearófar in aghaidh an tona CO₂ a astaítear”,

(b) tríd an sceideal seo a leanas a chur in ionad Sceideal 2:

“SCEIDEAL 2

RÁTAÍ CÁNACH OLA MIANRA

(Le héifeacht amhail ar an agus ón 9 Deireadh Fómhair 2019)

Tuairisc na hOla Mianra	An Ráta Cánach
<i>Ola Éadrom:</i> Peitreal	€601.69 an 1,000 lítear

Gásailín eitlíochta	€601.69 an 1,000 lítear
<i>Ola Throm:</i>	
A úsáidtear mar thiomántán	€494.90 an 1,000 lítear
A úsáidtear le haghaidh aerloingseoireachta	€494.90 an 1,000 lítear
A úsáidtear le haghaidh loingseoireacht áineasa phríobháideach	€494.90 an 1,000 lítear
Ceirísín a úsáidtear ar shlí seachas mar thiomántán	€50.73 an 1,000 lítear
Ola bhreosla	€76.53 an 1,000 lítear
Ola throm eile	€102.28 an 1,000 lítear
<i>Gás Peitri Liam Leachtaithe:</i>	
A úsáidtear mar thiomántán	€96.45 an 1,000 lítear
Gás peitri Liam leachtaithe eile	€32.86 an 1,000 lítear
<i>Gás feithicle:</i>	€9.36 in aghaidh na huairé meigeavata

agus

(c) tríd an sceideal seo a leanas a chur in ionad Sceideal 2A:

“SCEIDEAL 2A

MUIREAR CARBÓIN

(Le héifeacht amhail ar an agus ón 9 Deireadh Fómhair 2019)

Tuairisc na hOla Mianra	An Ráta
<i>Ola Éadrom:</i>	
Peitreal	€59.85 an 1,000 lítear
Gásailín eitlíochta	€59.85 an 1,000 lítear
<i>Ola Throm:</i>	
A úsáidtear mar thiomántán	€69.18 an 1,000 lítear
A úsáidtear le haghaidh aerloingseoireachta	€69.18 an 1,000 lítear
A úsáidtear le haghaidh loingseoireacht áineasa phríobháideach	€69.18 an 1,000 lítear
Ceirisín a úsáidtear ar shlí seachas mar thiomántán	€50.73 an 1,000 lítear
Ola bhreosla	€61.75 an 1,000 lítear
Ola throm eile	€54.92 an 1,000 lítear
<i>Gás Peitri Liam Leachtaithe:</i>	
A úsáidtear mar thiomántán	€32.86 an 1,000 lítear
Gás peitri liam leachtaithe eile	€32.86 an 1,000 lítear
<i>Gás feithicle:</i>	
	€4.10 in aghaidh na huairé meigeavata

(2) Leasaítear an tAcht Airgeadais, 1999 tuilleadh, le héifeacht amhail ar an agus ón 1 Bealtaine 2020—

- (a) in alt 96(1B)(arna leasú le *fó-alt (1)(a)*), trí “gurb é A an méid, €26, a mhuirearófar in aghaidh an tona CO₂ a astaítear” a chur in ionad “gurb é A an méid a mhuirearófar in aghaidh an tona CO₂ a astaítear, ar €26 é i gcás peitri, gásailín eitlíochta, agus ola throm a úsáidtear mar thiomántán nó le haghaidh aerloingseoireachta nó le haghaidh loingseoireacht áineasa phríobháideach, agus €20 i gcás gach tuairisc eile ola mianra i Sceideal 2A,”
- (b) in alt 96(1C), trí “€ 0.026” a chur in ionad “€ 0.02”,
- (c) in alt 98(1)—
- (i) trí “€71.32” a chur in ionad “€56.31”, agus

- (ii) trí “€48.06” a chur in ionad “€38.44”,
- (d) tríd an sceideal seo a leanas a chur in ionad Sceideal 2 (arna leasú le *fo-alt (1)(b)*):

“SCEIDEAL 2

RÁTAÍ CÁNACH OLA MIANRA

(Le héifeacht amhail ar an agus ón 1 Bealtaine 2020)

Tuairisc na hOla Mianra	An Ráta Cánach
<i>Ola Éadrom:</i>	
Peitreal	€601.69 an 1,000 lítear
Gásailín eitlíochta	€601.69 an 1,000 lítear
<i>Ola Throm:</i>	
A úsáidtear mar thiomántán	€494.90 an 1,000 lítear
A úsáidtear le haghaidh aerloingseoireachta	€494.90 an 1,000 lítear
A úsáidtear le haghaidh loingseoireacht áineasa phríobháideach	€494.90 an 1,000 lítear
Ceirísín a úsáidtear ar shlí seachas mar thiomántán	€65.74 an 1,000 lítear
Ola bhreosla	€95.05 an 1,000 lítear
Ola throm eile	€117.78 an 1,000 lítear
<i>Gás Peitiriam Leachtaithe:</i>	
A úsáidtear mar thiomántán	€106.07 an 1,000 lítear
Gás peitiriam leachtaithe eile	€42.48 an 1,000 lítear
<i>Gás feithicle:</i>	€9.36 in aghaidh na huairé meigeavata

agus

(e) tríd an sceideal seo a leanas a chur in ionad Sceideal 2A (arna leasú le *fo-alt (1)(c)*):

“SCEIDEAL 2A

MUIREAR CARBÓIN

(Le héifeacht amhail ar an agus ón 1 Bealtaine 2020)

Tuairisc na hOla Mianra	An Ráta
<i>Ola Éadrom:</i>	
Peitreal	€59.85 an 1,000 lítear
Gásailín eitlíochta	€59.85 an 1,000 lítear
<i>Ola Throm:</i>	
A úsáidtear mar thiomántán	€69.18 an 1,000 lítear
A úsáidtear le haghaidh aerloingseoireachta	€69.18 an 1,000 lítear
A úsáidtear le haghaidh loingseoireacht áineasa phríobháideach	€69.18 an 1,000 lítear
Ceirisín a úsáidtear ar shlí seachas mar thiomántán	€65.74 an 1,000 lítear
Ola bhreosla	€80.27 an 1,000 lítear
Ola throm eile	€70.42 an 1,000 lítear
<i>Gás Peitriam Leachtaithe:</i>	
A úsáidtear mar thiomántán	€42.48 an 1,000 lítear
Gás peitriam leachtaithe eile	€42.48 an 1,000 lítear
<i>Gás feithicle:</i>	
	€5.22 in aghaidh na huairé meigeavata

Leasú ar Chaibidil 1 de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 1999 (cáin ola mianra)

41. Leasaítear Caibidil 1 de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 1999 le héifeacht amhail ar an agus ón 1 Eanáir 2020—

(a) in alt 94—

(i) i bhfo-alt (1)—

(I) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhíniú ar “dó in inneall mótarfeithicle”:

“déanfar ‘dó san inneall’ a fhorléiriú mar ní a fholaíonn dó inmheánach in inneall den sórt sin agus dó seachtrach mar bhreosla d’inneall den sórt sin;”

agus

(II) sa mhíniú ar “tiomántán”, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) i ndáil le hola mhianra sa Stát, ola mhianra a úsáidtear lena dó in inneall mótarfheithicle nó áirthaigh a úsáidtear le haghaidh loingseoireacht áineasa phríobháideach, nó”,

agus

(ii) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) (a) Sa Chaibidil seo, ciallaíonn ‘umar breosla’—

(i) aon umar nó soitheach eile i mótarfheithicil nó ar mhótarfheithicil a úsáidtear nó is féidir a úsáid chun breosla a sholáthar lena dhó—

(I) in inneall na mótarfheithicle chun an fheithicil sin a thiomáint, nó

(II) in inneall mótarfheithicle eile ar féidir léi tarraingt a chur ar fáil chun na gcríoch sin,

nó

(ii) aon umar nó soitheach eile in ártach nó ar ártach a úsáidtear le haghaidh loingseoireacht áineasa phríobháideach, a úsáidtear nó is féidir a úsáid chun breosla a sholáthar lena dhó in inneall an áirthaigh chun an t-ártach sin a thiomáint.

(b) Chun críocha fhomhír (i) de mhír (a), toimhdeofar, go dtí go suífear a mhalairt, gur féidir umar nó soitheach eile dá dtagraítear san fhomhír sin a úsáid chun breosla a sholáthar chun críoch tiomána má tá aon asraon as an umar nó as an soitheach ann seachas—

(i) asraon atá ann go buan agus d’aon toisc chun breosla a sholáthar le haghaidh córais chuisnithe, ocsaiginithe, inslithe theirmigh nó do shainchórais eile sa mhótarfheithicil nó ar an mótarfheithicil, nó

(ii) i gcás olathancaer nó gásthancaer bóthair, asraon atá ann d’aon toisc chun breosla a scairdeadh as an tancaer.

(c) Chun críocha fhomhír (ii) de mhír (a), toimhdeofar, go dtí go suífear a mhalairt, gur féidir umar nó soitheach eile dá dtagraítear san fhomhír sin a úsáid chun breosla a sholáthar chun críoch tiomána má tá aon asraon as an umar nó as an soitheach ann seachas asraon atá ann go buan agus d’aon toisc chun breosla a sholáthar chun críoch seachas mar thiomántán san ártach nó ar an ártach.”,

(b) in alt 96(2A)(a), trí “feithicil” a chur in ionad “mótarfheithicle”,

(c) in alt 97A(1), trí “go dtí an 31 Nollaig 2019 agus an dáta sin san áireamh” a chur isteach i ndiaidh “loingseoireachta áineasa príobháidí”,

(d) in alt 100(4), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (c):

“(c) atá in umar breosla árthaigh a úsáidtear le haghaidh loingseoireacht áineasa phríobháideach an tráth a thugann pearsa aonair phríobháideach an t-árthach sin isteach sa Stát ó Bhallstát eile, i gcás gur scaoileadh an ola mhianra sa Bhallstát sin lena tomhailt mar thiomántán, seachas aon ola mhianra den sórt sin a marcáladh de réir cheanglais an Bhallstáit eile sin.”,

(e) in alt 102(6)(a)—

(i) i bhfomhír (i), trí “san fheithicil” a chur in ionad “sa mhótarfheithicil”, agus

(ii) i bhfomhír (ii) trí “na feithicle” a chur in ionad “na mótarfheithicle”,

agus

(f) in alt 104(2)—

(i) i mír (m), trí “mar thiomántán” a chur in ionad “dó in inneall mótarfheithicle”, agus

(ii) i mír (q), trí “in umar breosla i mótarfheithicil nó ar mhótarfheithicil nó in ártach nó ar ártach a úsáidtear le haghaidh loingseoireacht áineasa phríobháideach” a chur in ionad “in umar breosla i mótarfheithicil nó ar mhótarfheithicil”.

Leasú ar alt 99A den Acht Airgeadais, 1999 (faoiseamh d’oibritheoirí cáilitheacha iompair de bhóthar)

42. Leasaítear alt 99A den Acht Airgeadais, 1999 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) Faoi réir ráta uasta aisíocaíochta €75.00 in aghaidh an 1,000 lítear, déanfar an méid a bheidh le haisíoc in aghaidh an 1,000 lítear d’ola gháis faoi fho-alt (2) a chinneadh—

(a) i gcás go mbeidh ola gháis ceannaithe roimh an 1 Eanáir 2020, de réir na foirmle—

$$A = (P - 1,000) \times 0.3,$$

nó

(b) i gcás go mbeidh ola gháis ceannaithe an 1 Eanáir 2020 nó dá éis—

(i) nuair a bheidh P níos lú ná €1,070 nó comhionann leis, de réir na foirmle—

$$A = (P - 1,000) \times 0.3,$$

nó

(ii) nuair a bheidh P níos mó ná €1,070, de réir na foirmle—

$$A = 21 + [(P - 1,070) \times 0.6],$$

más rud é—

gurb é A an méid a aisíocfar in aghaidh an 1,000 lítear, agus

gurb é atá in P ná meastachán ar an meánphraghas (gan cáin bhreisluacha a áireamh) in euro in aghaidh an 1,000 lítear d'ola gháis a cheannaigh oibritheoirí cáilitheacha iompair de bhóthar le linn na tréimhse aisiocaíochta, arna chinneadh de réir fho-alt (4).”.

Leasú ar alt 78A den Acht Airgeadais, 2003 (faoiseamh do ghrúdlanna beaga)

43. (1) Leasaítear alt 78A den Acht Airgeadais, 2003—

- (a) i bhfo-alt (1)(a), trí “50,000 heictilítear” a chur in ionad “40,000 heictilítear”,
- (b) i bhfo-alt (3)(b)(ii), trí “100,000 heictilítear” a chur in ionad “80,000 heictilítear”, agus
- (c) i bhfo-alt (4)(b), trí “50,000 heictilítear” a chur in ionad “40,000 heictilítear”.

(2) Tiocfaidh *fo-alt (1)* i ngníomh an 1 Eanáir 2020.

Leasú ar Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht Airgeadais, 2008 (cáin leictreachais)

44. Leasaítear an tAcht Airgeadais, 2008 tríd an sceideal seo a leanas a chur in ionad Sceideal 2:

“SCEIDEAL 2

RÁTAÍ CÁNACH LEICTREACHAIS

(Le héifeacht amhail ar an agus ón 1 Eanáir 2020)

An cineál úsáide	An Ráta Cánach
Úsáid ghnó	€1.00 in aghaidh na huaire meigeavata
Úsáid nach úsáid ghnó	€1.00 in aghaidh na huaire meigeavata

Leasú ar alt 67 den Acht Airgeadais, 2010 (ráta cánach carbóin gáis nádúrtha)

45. Leasaítear alt 67 den Acht Airgeadais, 2010 le héifeacht amhail ar an agus ón 1 Bealtaine 2020—

- (a) i bhfo-alt (1), trí “€5.22” a chur in ionad “€4.10”, agus
- (b) i bhfo-alt (3), trí “€0.026” a chur in ionad “€0.020”.

Leasú ar alt 78 den Acht Airgeadais, 2010 agus ar Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht sin (cáin carbóin breosla sholadaigh)

46. Leasaítear an tAcht Airgeadais, 2010 le héifeacht amhail ar an agus ón 1 Bealtaine 2020—

- (a) in alt 78(3), trí “€26” a chur in ionad “€20”, agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad Sceideal 1:

“SCEIDEAL 1

RÁTAÍ CÁNACH CARBÓIN BREOSLA SHOLADAIGH

(Le héifeacht amhail ar an agus ón 1 Bealtaine 2020)

Tuairisc an Bhreosla Sholadaigh	An Ráta Cánach
Gual	€68.48 an tona
<i>Móin:</i>	
Brícíní móna	€47.67 an tona
Móin mheilte	€23.62 an tona
Móin eile	€35.43 an tona

Leasú ar Chaibidil 1 de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2002 (faoiseamh i leith dleacht ghealltóireachta)

47. (1) Leasaítear Caibidil 1 de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2002—

(a) in alt 64, trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘tréimhse chuntasaíochta’ tréimhse 3 mhí dar tosach an chéad lá d’Eanáir, d’Aibreán, d’Iúil nó de Dheireadh Fómhair;

ciallaíonn ‘cúnamh’ cúnamh arna dheonú de réir Rialachán (AE) Uimh. 1407/2013 ón gCoimisiún;

ciallaíonn ‘Rialachán (AE) Uimh. 1407/2013 ón gCoimisiún’ Rialachán (AE) Uimh. 1407/2013 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2013⁸ i dtaobh Airteagail 107 agus 108 den Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme maidir le cúnamh *de minimis*”;

(b) tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 68:

“**68A.**(1)Faoi réir cibé coinníollacha a fhorordóidh nó a fhorchuirfidh na Coimisinéirí Ioncaim ar shlí eile, féadfar faoiseamh a thabhairt do dhuine atá faoi dhliteanas dleacht gealltóireachta faoi alt 67 nó dleacht idirghabhálaí gealltóireachta faoi alt 67B, nó iad araon, i leith na dleachta sin ar choinníoll—

(a) go bhfuil an duine sin ceadúnaithe de réir alt 7, 7B nó 7C den Acht um Gheall-Chur, 1931 agus

(b) go sealbhaíonn sé nó sí deimhniú imréitigh cánach reatha arna eisiúint faoi alt 1094 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997,

agus ar choinníoll thairis sin—

8 IO L352, 24.12.2013, lch. 1

- (i) gan dochar do mhír (ii), nach mó ná €50,000 in aon bhliain féilire méid na dleachta sin a dtabharfar faoiseamh dó nó di ina leith, agus
- (ii) i gcás ina mbunóidh níos mó ná duine amháin gnóthas aonair, mar atá an abairt sin le forléiriú de bhua fho-alt (2), nach mó ná €50,000 in aon bhliain féilire méid iomlán na dleachta sin a bhféadfar faoiseamh a thabhairt don ghnóthas aonair sin ina leith,
- agus aon tagairt i mír (i) nó (ii) do dhleacht, i gcás gur dliteanas i leith dleacht gealltóireachta agus dleacht idirghabhálaí gealltóireachta atá sa chás, is tagairt í don dá dhleacht sin, á nglacadh le chéile.
- (2) Chun críocha fho-alt (1)(ii), beidh an bhrí chéanna le gnóthas aonair atá leis in Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 1407/2013 ón gCoimisiún.
- (3) Cuirfear méid an fhaoisimh dá bhforáiltear i bhfo-alt (1) chun feidhme go comhréireach más rud é—
- (a) gur lú tréimhse feidhme an fhaoisimh ná bliain féilire iomlán, nó
- (b) gur lú an tréimhse trádála atá ag an duine ná bliain féilire.
- (4) Le linn faoiseamh atá dlite i leith aon tréimhse chuntasaíochta a ríomh, ní dhéanfar an faoiseamh sin a thabhairt isteach sa bhliain féilire ina dhiaidh sin.
- (5) Faoi réir cibé coinníollacha is cuí leis na Coimisinéirí Ioncaim a fhorchur, féadfar faoiseamh faoi fho-alt (1) a dheonú ar mhodh loghtha.
- (6) Ní bheidh an faoiseamh faoi fho-alt (1) infheidhmithe i gcás duine—
- (a) nach gcomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 1407/2013 ón gCoimisiún, nó
- (b) a fhaigheann cúnamh is mó ná an uasteorainn a leagtar síos sa Rialachán sin ón gCoimisiún.
- (7) (a) I gcás go n-éileoidh duine faoiseamh faoi fho-alt (1) i leith aon tréimhse chuntasaíochta, déanfaidh sé nó sí—
- (i) an méid faoisimh atá dlite a shonrú ar a thuairisceán nó ar a tuairisceán a cheanglaítear faoi alt 70 don tréimhse chuntasaíochta sin,
- (ii) taifid a choimeád de na faoisimh go léir arna n-éileamh faoin alt seo agus aon chúnamh eile atá á fháil aige nó aici,
- (iii) cibé faisnéis a sholáthar is faisnéis a cheanglóidh na Coimisinéirí Ioncaim ar an modh a fhorordóidh siad agus a bhfuil feidhm ag Rialachán (AE) Uimh. 1407/2013 ón gCoimisiún maidir léi, agus
- (iv) taifead a choimeád d'aon fhaisnéis eile a mheasfaidh na Coimisinéirí Ioncaim is gá chun a chinntiú go ndéanfaidh an duine de réir Rialachán (AE) Uimh. 1407/2013 ón gCoimisiún.

- (b) Ní éileoidh duine faoiseamh faoi fho-alt (1) in aon bhliain féilire i gcás gur mhó éileamh den sórt sin ná an uasteorainn a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 1407/2013 ón gCoimisiún.
- (8) D’ainneoin aon oibleagáid rúndacht a choimeád nó aon srian eile ar nochtadh faisnéise a fhorchuirtear le reacht nó faoi reacht nó ar shlí eile, féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim, nó aon oifigeach eile arna údarú nó arna húdarú acu chun críocha an ailt seo—
- (a) faisnéis a nochtadh d’aon bhord arna bhunú le reacht, d’aon údarás poiblí nó áitiúil eile nó d’aon ghníomhaireacht eile de chuid an Stáit, is faisnéis a bhaineann leis an méid faoisimh a éilíonn duine faoin alt seo agus a theastóidh ón mbord, údarás nó gníomhaireacht iomchuí lena mbaineann chun a chinntiú nach rachfar thar an uasteorainn cúnaimh i Rialachán (AE) Uimh. 1407/2013 ón gCoimisiún, agus
- (b) cibé faisnéis a iarrfaidh an Coimisiún Eorpach de réir Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1407/2013 ón gCoimisiún a sholáthar don Choimisiún Eorpach.
- (9) Aon duine, nó daoine is gnóthas aonair dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(ii), a éileoidh faoiseamh faoi fho-alt (1) de bhreis ar €50,000 i mbliain féilire, nó arb ina leith a shárófar an uasteorainn a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 1407/2013 ón gCoimisiún, beidh sé nó sí nó siad faoi dhliteanas, nó i gcás gnóthas aonair, beidh siad faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach, i leith an dleacht de bhreis ar an bhfaoiseamh a cheadaítear a íoc.”,

agus

(c) in alt 77(1)—

- (i) i mír (b), trí “agus” a scriosadh sa dara háit a bhfuil sé,
- (ii) i mír (c), trí “aird, agus” a chur in ionad “aird”, agus
- (iii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (c):

“(d) chun foráil a dhéanamh maidir leis na modhanna chun dleacht a mhuirearú, a urrú, a bhailiú, a loghadh agus a aisíoc.”.

(2) Tiocfaidh *fo-alt (1)* i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú nó le horduithe, i gcoitinne nó maidir le forálacha nó críocha éagsúla.

Leasú ar alt 96 den Acht Airgeadais, 2001 (léiriú (Cuid 2))

48. (1) Leasaítear alt 96(1) den Acht Airgeadais, 2001, sa mhíniú ar “an tAontas Eorpach”, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) i gcás na hIodáile, críoch Livigno.”.

(2) Tiocfaidh *fo-alt (1)* i ngníomh an 1 Eanáir 2020.

Leasú ar alt 130 den Acht Airgeadais, 1992 (léiriú)

49. Leasaítear alt 130 den Acht Airgeadais, 1992 trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

“tá le ‘deimhniú comhréireachta’, d’ainneoin aon achtachán lena ndéantar foráil maidir le leanúint d’aitheantas a thabhairt do dheimhnithe a eiseofar—

(a) i leith mótarfheithiclí—

(i) anuas go dtí an 31 Lúnasa 2020, an bhrí chéanna atá leis i mír 36 d’Airteagal 3 de Threoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meán Fómhair 2007⁹, agus

(ii) an 1 Meán Fómhair 2020 agus dá éis, an bhrí chéanna atá leis i mír (5) d’Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018¹⁰,

(b) i leith feithiclí talmhaíochta agus foraoiseachta, an bhrí chéanna atá leis in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 167/2013, agus

(c) i leith feithiclí dhá roth nó trí roth agus cuadrothar, an bhrí chéanna atá leis in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 168/2013;

tá le ‘deimhniú clárúcháin’ an bhrí chéanna atá leis i mír (c) d’Airteagal 2 de Threoir 1999/37/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1999¹¹;

tá le ‘NO_x’ an bhrí chéanna atá leis i mír (6) d’Airteagal 3 de Threoir (AE) 2016/2284 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016¹².”

Leasú ar alt 132 den Acht Airgeadais, 1992 (dleacht mháil a mhuirearú)

50. (1) Leasaítear alt 132 den Acht Airgeadais, 1992, i bhfo-alt (3)—

(a) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) i gcás gur feithicil de chuid earnáil A an fheithicil is ábhar don chlárú nó don dearbhú lena mbaineann—

(i) i leith astaíochtaí CO₂ na feithicle—

(I) faoi threoir Thábla 1 a ghabhann leis an bhfo-alt seo, nó

(II) más rud é—

(A) nach féidir an leibhéal astaíochtaí CO₂ a dhaingniú faoi threoir an deimhnithe iomchuí cineálcheadaithe CE, an deimhnithe iomchuí comhréireachta CE nó an deimhnithe iomchuí clárúcháin feithicle arna eisiúint i mBallstát eile, agus

9 IO Uimh. L263, 9.10.2007, lch. 1

10 IO Uimh. L151, 14.6.2018, lch. 1

11 IO Uimh. L 138, 1.6.1999, lch. 57

12 IO Uimh. L344, 17.12.2016, lch. 1

- (B) nach deimhin leis na Coimisinéirí an leibhéal astaíochtaí CO₂ faoi threoir aon doiciméad eile a thabharfar ar aird mar thaca leis an dearbhú le haghaidh clárúcháin,

de réir ráta méid atá comhionann leis an gcéatadán is airde a shonraítear i dThábla 1 a ghabhann leis an bhfo-alt seo de luach na feithicle nó €720, cibé acu is mó,

agus

- (ii) i leith astaíochtaí NO_x na feithicle—

- (I) faoina dtreoir seo a leanas—

- (A) Tábla 2 a ghabhann leis an bhfo-alt seo, agus

- (B) an t-aonad tomhais a úsáidfeadh sa deimhniú iomchuí cineálcheadaithe CE, sa deimhniú iomchuí comhréireachta CE, sa deimhniú iomchuí clárúcháin feithicle arna eisiúint i mBallstát eile nó sa doiciméad eile a thabharfar ar aird mar thaca leis an dearbhú le haghaidh clárúcháin, de réir mar a bheidh,

faoi réir €4,850 ar a mhéad i leith feithiclí arna gceapadh chun ola throm a úsáid mar thiomántán agus €600 ar a mhéad i leith na bhfeithiclí eile go léir, nó

- (II) más rud é—

- (A) nach féidir an leibhéal astaíochtaí NO_x a dhaingniú faoi threoir an deimhnithe iomchuí cineálcheadaithe CE, an deimhnithe iomchuí comhréireachta CE nó an deimhnithe iomchuí clárúcháin feithicle arna eisiúint i mBallstát eile, agus

- (B) nach deimhin leis na Coimisinéirí an leibhéal astaíochtaí NO_x faoi threoir aon doiciméad eile a thabharfar ar aird mar thaca leis an dearbhú le haghaidh clárúcháin,

de réir ráta €4,850 i leith feithiclí arna gceapadh chun ola throm a úsáid mar thiomántán agus €600 i leith na bhfeithiclí eile go léir.”

- (b) trí mhír (aa) a scriosadh,
- (c) trí Thábla 1 a ghabhann leis an bhfo-alt sin a scriosadh,
- (d) trí Thábla 1 a ghabhann leis an bhfo-alt sin a thabhairt ar Thábla 2 a ghabhann leis an bhfo-alt sin, agus

- (e) tríd an Tábla seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Thábla 1 (mar atá tugtha ar an tábla sin faoi mhír (d)):

“Tábla 2

Astaíochtaí NO _x (NO _x mg/km nó mg/kWh)	An méid is iníoctha in aghaidh an mg/km nó mg/kWh
Na chéad 0-60 mg/km nó mg/kWh, de réir mar a bheidh	€5
An chéad 20 mg/km nó mg/kWh eile ina dhiaidh sin, nó cuid den chéanna, de réir mar a bheidh, suas le 80 mg/km nó mg/kWh, de réir mar a bheidh	€15
An fuíoll os cionn 80 mg/km nó mg/kWh, de réir mar a bheidh	€25

- (2) Tiocfaidh *fo-alt* (1) i ngníomh an 1 Eanáir 2020.

Leasú ar alt 135C den Acht Airgeadais, 1992 (loghadh nó aisíoc i leith cáin cláraithe feithiclí, etc.)

51. (1) Leasaítear alt 135C den Acht Airgeadais, 1992—

- (a) i bhfo-alt (1)—

- (i) i mír (a)—

(I) trí “Faoi réir mhír (aa), i gcás go ndéanfaidh duine” a chur in ionad “I gcás go ndéanfaidh duine”,

(II) trí “31 Nollaig 2020” a chur in ionad “31 Nollaig 2019”, agus

(III) i bhfomhír (i), trí “mhír (a)” a chur in ionad “mhír (aa)”,

agus

- (ii) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (a):

“(aa) Ní bheidh feidhm ag mír (a) maidir le feithicil de chuid earnáil A nó maidir le feithicil de chuid earnáil B—

(i) i gcás go bhfuil leibhéal astaíochtaí CO₂ na feithicle níos mó ná, nó comhionann le, 81g/km, nó

- (ii) más rud é—

(I) nach féidir an leibhéal astaíochtaí CO₂ a dhaingniú faoi threoir an deimhnithe iomchuí cineálcheadaíthe CE, an deimhnithe iomchuí comhréireachta CE nó an deimhnithe iomchuí clárúcháin feithicle arna eisiúint i mBallstát eile, agus

(II) nach deimhin leis na Coimisinéirí an leibhéal astaíochtaí CO₂ faoi threoir aon doiciméad eile a thabharfar ar aird mar thaca leis an dearbhú le haghaidh clárúcháin.”,

(b) i bhfo-alt (2)—

(i) i mír (a)—

(I) trí “Faoi réir mhír (aa), i gcás go ndéanfaidh duine” a chur in ionad “I gcás go ndéanfaidh duine”,

(II) trí “31 Nollaig 2020” a chur in ionad “31 Nollaig 2019”, agus

(III) i bhfomhír (i), trí “mhír (a)” a chur in ionad “mhír (aa)”,

agus

(ii) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (a):

“(aa)Ní bheidh feidhm ag mír (a) maidir le feithicil de chuid earnáil A nó maidir le feithicil de chuid earnáil B—

(i) i gcás go bhfuil leibhéal astaíochtaí CO₂ na feithicle níos mó ná, nó comhionann le, 66g/km, nó

(ii) más rud é—

(I) nach féidir an leibhéal astaíochtaí CO₂ a dhaingniú faoi threoir an deimhnithe iomchuí cineálcheadaithe CE, an deimhnithe iomchuí comhréireachta CE nó an deimhnithe iomchuí clárúcháin feithicle arna eisiúint i mBallstát eile, agus

(II) nach deimhin leis na Coimisinéirí an leibhéal astaíochtaí CO₂ faoi threoir aon doiciméad eile a thabharfar ar aird mar thaca leis an dearbhú le haghaidh clárúcháin.”,

agus

(c) i bhfo-alt (3)(b), trí “mhír (a)” a chur in ionad “mhír (aa)”.

(2) Tíocfaidh *fo-alt (1)* i ngníomh an 1 Eanáir 2020.

CUID 3

CÁIN BHREISLUACHA

Léiriú (Cuid 3)

52. Sa Chuid seo, ciallaíonn “Príomh-Acht” an tAcht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010.

Leasú ar Chaibidil 1 de Chuid 8 den Phríomh-Acht (forálacha ginearálta)

53. Leasaítear an Príomh-Acht—

(a) in alt 59—

- (i) i bhfo-alt (1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínte ar “feithicil cháilitheach”:

“ciallaíonn ‘feithicil cháilitheach’ mótarfeithicil a chláraítear den chéad uair, chun críoch cánach cláraithe feithiclí, de réir alt 131 den Acht Airgeadais, 1992—

(a) sa tréimhse an 1 Eanáir 2009 nó dá éis agus suas go dtí an 31 Nollaig 2020, agus ar lú ná 156g/km leibhéal na n-astaíochtaí CO₂ aisti chun críocha an chláráithe sin, nó

(b) an 1 Eanáir 2021 nó dá éis agus ar lú ná 140g/km leibhéal na n-astaíochtaí CO₂ aisti chun críocha an chláráithe sin.”

agus

- (ii) trí fho-alt (2A) a scriosadh,

agus

- (b) in alt 62A(1)(a), trí “nó (2A)” a scriosadh.

Leasú ar alt 108 den Phríomh-Acht (taifid a iniúchadh agus a thabhairt chun siúil)

- 54.** Leasaítear alt 108 den Phríomh-Acht trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (6)—

“(7) Maidir leis na cásanna inarb infheidhmithe na cumhachtaí a thugtar d’oifigeach údaraithe leis an alt seo, áireofar orthu an cás a shonraítear i bhfo-alt (7) agus forléireofar an t-alt seo, agus beidh éifeacht leis, dá réir sin.

(8) Maidir leis an gcás dá dtagraítear i bhfo-alt (7), is cás é ina gceanglaítear ar oifigeach údaraithe le Rialachán 904/2010/AE ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2010¹³ maidir le comhar riaracháin agus maidir le calaois a chomhrac i réimse na cánach breisluacha aon leabhair, taifid, cuntais nó doiciméid eile a sholáthar d’údarás iarrthach (mar a mhínítear in Airteagal 2 den Rialachán sin ón gComhairle) i mBallstát eile, ar iarraidh ón údarás sin, cibé acu-

(a) a bhaineann siad le gnó atá á sheoladh, nó

(b) atá siad bainteach leis an ngnó sin ar mhodh caidreamh trádála, cibé acu is caidreamh trádála reatha nó a mhalairt, a bhí ag gnó den sórt sin le gnóthaí eile,

agus i gcás go ndéanfar iarraidh den sórt sin, maidir leis na leabhair, na taifid, na cuntais nó na doiciméid eile a fhéadfaidh a bheith ina n-ábhar d’fheidhmiú na gcumhachtaí dá dtagraítear i bhfo-alt (7), bainfidh siad ar an gcuma chéanna le cibé leabhair, taifid, cuntais nó doiciméid eile a mheasfaidh an t-oifigeach údaraithe a bheith iomchuí.”

¹³ IO Uimh. L268, 12.11.2010, lch. 1

Leasú ar Chuid 2 de Sceideal 3 a ghabhann leis an bPríomh-Acht (earraí agus seirbhísí is innhuirearaithe de réir an ráta laghdaithe)

55. Leasaítear Cuid 2 de Sceideal 3 a ghabhann leis an bPríomh-Acht le héifeacht ón 1 Eanáir 2020 tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 3:

“Forlíontaí Bia

3A. Soláthar forlíontaí bia de chineál a chaitheann daoine de bhéal.”.

CUID 4**DLEACHTANNA STAMPA****Léiriú (Cuid 4)**

56. Sa Chuid seo, ciallaíonn “Príomh-Acht” an tAcht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999.

Leasú ar an ráta dleachta stampa ar mhaoin neamhchónaithe

57. (1) Leasaítear an Príomh-Acht—
- (a) in alt 83D—
 - (i) i bhfo-ailt (2)(a) agus (6)(a), trí “7.5 faoin gcéad” a chur in ionad “6 faoin gcéad”, agus
 - (ii) i bhfo-alt (6)(a), trí “11/15” a chur in ionad “2/3”, agus
 - (b) i Sceideal 1—
 - (i) sa Cheannteideal “TÍOLACAS nó AISTRÍÚ ar dhíol aon mhaoine seachas stoic nó urrúis inmhargaidh nó polasaí árachais nó polasaí árachais saoil”, i mír (4), trí “7.5 faoin gcéad” a chur in ionad “6 faoin gcéad”, agus
 - (ii) sa Cheannteideal “LÉAS”, i mír (3)(b), trí “7.5 faoin gcéad” a chur in ionad “6 faoin gcéad”.
- (2) Ní bheidh éifeacht le *fo-alt (1)(a)* maidir le hionstraimí arna bhforghníomhú an 9 Deireadh Fómhair 2019 nó dá éis i gcás go mbeidh feidhm ag *mír (b) d’fho-alt (3)* maidir leis an ionstraim dá dtagraítear i mír (a) d’fho-alt 83D(2) den Phríomh-Acht.
- (3) Maidir le *fo-alt (1)(b)*—
- (a) beidh éifeacht leis maidir le hionstraimí arna bhforghníomhú an 9 Deireadh Fómhair 2019 nó dá éis, agus
 - (b) ní bheidh éifeacht leis maidir le haon ionstraim arna forghníomhú roimh an 1 Eanáir 2020, más rud é—
 - (i) go mbeidh d’éifeacht le feidhm *fho-alt (1)(b)* go méadófaí an dleacht a bheadh innhuirearaithe thairis sin ar an ionstraim, agus

- (ii) go mbeidh ráiteas san ionstraim, i cibé foirm a shonróidh na Coimisinéirí Ioncaim, á dheimhniú gur forghníomhaíodh an ionstraim de bhun conradh ceangailteach a rinneadh roimh an 9 Deireadh Fómhair 2019, agus dá bhun sin amháin.
- (4) Measfar gurb ionann deimhniú mícheart a thabhairt chun críocha *fo-alt (3)* agus ráiteas mícheart a sheachadadh chun críocha alt 1078 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

Leasú ar alt 124B den Phríomh-Acht (préimheanna árachais saoil áirithe)

- 58.** (1) Leasaítear alt 124B(1)(arna leasú le halt 64 den Acht um Tharraingt Siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (Forálacha Iarmhartacha), 2019) den Phríomh-Acht sa mhíniú ar “árachóir”—
- (a) i mír (c), trí “Stát,” a chur in ionad “Stát, nó”,
 - (b) i mír (d) trí “maoirseacht a dhéanamh ar dhaoine den sórt sin, nó” a chur in ionad “maoirseacht a dhéanamh ar dhaoine den sórt sin;”, agus
 - (c) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (d):
 - “(e) duine is sealbhóir ar údarú chun árachas a ghabháil de láimh, is údarú arna dheonú ag an údarás i nGiobráltar a mbeidh an dualgas air, de réir dlí, maoirseacht a dhéanamh ar dhaoine den sórt sin;”.
- (2) Tiocfaidh *fo-alt (1)* i ngníomh cibé lá a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú.

Leasú ar alt 125 den Phríomh-Acht (préimheanna árachais áirithe)

- 59.** (1) Leasaítear alt 125(1) (arna leasú le halt 65 den Acht um Tharraingt Siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (Forálacha Iarmhartacha), 2019) den Phríomh-Acht, sa mhíniú ar “árachóir”, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh “ar dhaoine den sórt sin”:
- “, nó duine is sealbhóir ar údarú chun gnó árachais a sheoladh, is údarú arna dheonú ag an údarás i nGiobráltar a mbeidh an dualgas air, de réir dlí, maoirseacht a dhéanamh ar dhaoine den sórt sin”.
- (2) Tiocfaidh *fo-alt (1)* i ngníomh cibé lá a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú.

Leasú ar alt 126AA den Phríomh-Acht (tobhach breise ar fhorais airgeadais áirithe)

- 60.** (1) Leasaítear alt 126AA(6) den Phríomh-Acht trí “170 faoin gcéad” a chur in ionad “59 faoin gcéad”.
- (2) Beidh feidhm ag *fo-alt (1)* i ndáil le ráiteas a bheidh le seachadadh de réir alt 126AA(2) den Phríomh-Acht don bhliain 2019 agus do gach bliain dá héis.

Scéimeanna comhshocraíochta cealúcháin

- 61.** Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 31C:

“Scéimeanna comhshocraíochta cealúcháin

31D. (1) San alt seo—

ciallaíonn ‘Acht 2014’ Acht na gCuideachtaí, 2014;

folaíonn ‘comhaontú’ aon chomhshocraíocht, conradh, comhréiteach, tuiscint, scéim, tairiscint, idirbheart nó sraith idirbheart;

ciallaíonn ‘cuideachta’ cuideachta arna foirmiú agus arna clárú faoi Acht 2014 nó cuideachta láithreach de réir bhrí an Achta sin;

tá le ‘cláraitheoir’ an bhrí chéanna atá leis in Acht 2014;

tá le ‘ordú scéime’ an bhrí chéanna atá leis i gCaibidil 1 de Chuid 9 d’Acht 2014.

(2) Más rud é—

(a) go mbeidh comhaontú ann chun fáil cuideachta a dhéanamh (dá ngairtear an ‘sprioc-chuideachta’ san alt seo),

(b) go ndéanfaidh an sprioc-chuideachta comhshocraíocht—

(i) a bheidh tagtha chun bheith ina cheangal de réir alt 453 d’Acht 2014, agus

(ii) ar dá réir a dhéanfar scaireanna sa sprioc-chuideachta a chealú de bhun Chaibidil 4 de Chuid 3 den Acht sin,

agus

(c) go bhfaighidh scairshealbhóirí na sprioc-chuideachta comaoin as na scaireanna sin arna sealbhú acu a chealú,

maidir leis an gcomhaontú dá dtagraítear i mír (a)—

(I) beidh an dleacht stampa céanna inmhuirearaithe air amhail is dá mba thíolacas nó aistriú ar dhíol na scaireanna sin é, agus

(II) measfar é a bheith forghníomhaithe an dáta ar a ndéanfar cóip den ordú scéime a bhaineann leis an gcomhshocraíocht a sheachadadh ar an gcláraitheoir de réir alt 454 d’Acht 2014.

(3) I gcás go mbeidh feidhm ag fo-alt (2), is í an chomaoin chun dleacht stampa a mhuirearú an chomaoin a bheidh faighte ag scairshealbhóirí na sprioc-chuideachta as scaireanna arna sealbhú acu a chealú.

(4) Chun críocha an Achta seo, is é an duine cuntasach an duine a íocfaidh an chomaoin as na scaireanna a chealú ag scairshealbhóirí na sprioc-chuideachta.

(5) Beidh éifeacht leis an alt seo i ndáil le hordú scéime arna dhéanamh an 9 Deireadh Fómhair 2019 nó dá éis.”

CUID 5

CÁIN FÁLTAS CAIPITIÚIL

Léiriú (Cuid 5)

62. Sa Chuid seo, ciallaíonn “Príomh-Acht” an tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003.

Leasú ar alt 48 den Phríomh-Acht (mionnscribhinní agus cuntais)

63. (1) Leasaítear an Príomh-Acht—

(a) in alt 48, trí fho-ailt (1), (2) agus (4) go (9) a scriosadh, agus

(b) tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 48:

“Faisnéis i dtaobh maoin duine éagtha

48A. (1) San alt seo—

tá le ‘meán leictreonach’ an bhrí a thugtar dó le halt 917EA den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997;

ciallaíonn ‘uimhir PSP’, i ndáil le pearsa aonair, uimhir phearsanta seirbhíse poiblí na pearsan aonair de réir bhrí alt 262 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005;

folaíonn ‘probháid’ litreacha riaracháin.

(2) Aon duine a bheartaíonn iarratas a dhéanamh ar phrobháid i ndáil le heastát duine éagtha, más rud é, maidir leis an duine éagtha—

(a) go raibh cónaí agus sainchónaí, nó gnáthchónaí agus sainchónaí, air nó uirthi sa Stát ar an dáta a d’éag sé nó sí,

(b) go raibh cónaí agus nach raibh sainchónaí, nó go raibh gnáthchónaí agus nach raibh sainchónaí, air nó uirthi sa Stát ar an dáta a d’éag sé nó sí agus go raibh cónaí air nó uirthi sa Stát ar feadh na 5 bliana measúnachta comhleanúnacha díreach roimh an mbliain mheasúnachta ina bhfuil dáta an bháis, nó

(c) i gcás nach bhfuil feidhm ag alt (a) ná ag alt (b), gur phearsa aonair é nó í a raibh leas aige nó aici i maoin atá suite sa Stát ar an dáta a d’éag sé nó sí,

cuirfidh an duine faisnéis faoi bhráid na gCoimisinéirí, is faisnéis a shonrófar i rialacháin arna ndéanamh ag na Coimisinéirí faoi fho-alt (3).

(3) Déanfaidh na Coimisinéirí rialacháin d’fhonn éifeacht a thabhairt d’fho-alt (2), agus féadfaidh a bheith sna rialacháin sin, go háirithe agus gan dochar do ghinearáltacht an fho-ailt sin, foráil maidir leis an bhfaisnéis a bheidh le sonrú ag na Coimisinéirí, agus féadfar a áireamh ar an bhfaisnéis sin—

- (a) mionsonraí i dtaobh na maoinne go léir a mbeifear ag iarraidh probháid ina leith agus a ndéanfaidh aon ní díobh seo a leanas difear d'úinéireacht thairbhiúil ina leith ar bhás an duine éagtha—
 - (i) uacht an duine sin,
 - (ii) rialacha an dáilte ar dhíthiomnacht, nó
 - (iii) Cuid IX, nó alt 56, den Acht Comharbais, 1965 nó faoi dhlí comhchineáil críche eile,
agus féadfar a áireamh ar na mionsonraí sin—
 - (I) cineál na maoinne,
 - (II) cineál an leasa atá ag an duine éagtha sa mhaoin,
 - (III) suíomh na maoinne,
 - (IV) luacháil na maoinne, agus
 - (V) aon fhiacha nó muirir a ghabhann leis an maoin,
- (b) i ndáil leis an duine éagtha—
 - (i) a ainm nó a hainm agus a sheoladh nó a seoladh,
 - (ii) a uimhir PSP nó a huimhir PSP,
 - (iii) an chríoch ina raibh cónaí, gnáthchónaí agus sainchónaí air nó uirthi ar an dáta a d'éag sé nó sí,
 - (iv) féichiúnaithe agus an méid atá dlite dóibh, agus
 - (v) creidiúnaithe agus an méid atá dlite díobh,
- (c) mionsonraí i dtaobh aon mhaoin ab ábhar dóibh seo a leanas—
 - (i) bronntanas a thug an duine éagtha i gcás go raibh dáta an bhronntanais laistigh de 2 bhliain ó bhás an duine sin, nó
 - (ii) *donatio mortis causa* arna dhéanamh ag an duine éagtha,
- (d) mionsonraí i dtaobh aon iontaobhas lánroghnach a bhunaigh an duine éagtha cibé acu is roimh a bhás nó a bás nó faoina uacht nó faoina huacht a bunaíodh é,
- (e) mionsonraí i dtaobh na n-oidhreachtaí a eascraíonn fúthu seo a leanas—
 - (i) uacht an duine éagtha,
 - (ii) rialacha an dáilte ar dhíthiomnacht, nó
 - (iii) Cuid IX, nó faoi alt 56, den Acht Comharbais, 1965 nó faoi dhlí comhchineáil críche eile,
- (f) i ndáil le gach duine a ghlacann oidhrecht ar bhás an duine éagtha—

- (i) ainm agus seoladh an duine,
 - (ii) uimhir PSP an duine,
 - (iii) an chríoch ina raibh cónaí, gnáthchónaí agus sainchónaí ar an duine ar dháta an bháis, agus
 - (iv) cóngas an duine leis an duine éagtha, agus
- (g) i ndáil leis an duine a bheartaíonn iarratas a dhéanamh ar phrobháid—
- (i) ainm agus seoladh an duine sin,
 - (ii) cóngas an duine sin leis an duine éagtha,
 - (iii) an cháil ina mbeartaíonn an duine iarratas a dhéanamh ar phrobháid, agus
 - (iv) foirm an dearbhaithe a bheidh le déanamh ag an duine sin i leith na faisnéise arna cur faoi bhráid na gCoimisinéirí faoi na rialacháin.
- (4) Féadfar foráil a dhéanamh freisin le rialacháin arna ndéanamh faoi fho-alt (3) maidir leis na nithe seo a leanas—
- (a) an doiciméadacht tacaíochta a bheidh le soláthar, lena n-áirítear cóip den uacht, agus den chodaisíl, más ann,
 - (b) faisnéis a aighniú trí mheán leictreonach,
 - (c) an fhaisnéis a bheidh le malartú idir na Coimisinéirí agus an Oifig Phrobháide, agus
 - (d) cibé forálacha teagmhasacha, forlíontacha nó iarmhartacha is dealraitheach do na Coimisinéirí a bheith riachtanach nó fóirsteanach chun éifeacht a thabhairt d’fho-alt (2).
- (5) Gach rialachán a dhéanfar faoin alt seo, leagfar é faoi bhráid Dháil Éireann a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann Dáil Éireann, laistigh den 21 lá a shuífidh Dáil Éireann tar éis an rialachán a leagan faoina bráid, rún a rith ag neamhniú an rialacháin, beidh an rialachán ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin rialachán.”
- (2) (a) Beidh éifeacht le *fo-alt (1)(a)* ón dáta ar a dtiocfaidh na rialacháin dá dtagraítear i bhfo-alt (3) d’alt 48A (a cuireadh isteach le *fo-alt (1)(b)*) i ngníomh.
- (b) Tiocfaidh *fo-alt (1)(b)* i ngníomh cibé lá a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú.

Leasú ar alt 86 den Phríomh-Acht (díolúine a bhaineann le teaghaisí áirithe)

64. Leasaítear alt 86 den Phríomh-Acht—

- (a) i bhfo-alt (2)—

- (i) i mír (a), trí “a bháis nó a báis, agus” a chur in ionad “a bháis nó a báis,”,
 - (ii) i mír (b), trí “roimh dháta na hoidhreachta” a chur in ionad “roimh dháta na hoidhreachta, agus”, agus
 - (iii) trí mhír (c) a scriosadh,
- (b) i bhfo-alt (4), trí “Faoi réir fho-ailt (4A), (4B), (5) agus (6)” a chur in ionad “Faoi réir fho-ailt (5) agus (6)”, agus
- (c) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

“(4A) Chun críocha fho-alt (4), agus i ndáil le diúscróir agus le comharba—

- (a) ní mheasfar gur teach cónaithe iomchuí teach cónaithe i gcás teideal tairbhiúil a bheith ag an gcomharba chun aon tí cónaithe eile, nó leas tairbhiúil a bheith aige nó aici in aon teach cónaithe eile—

- (i) ar dháta oidhreachta an tí cónaithe chéadluaite sa mhír seo (a), nó

- (ii) ar dháta luachála an tí cónaithe chéadluaite sa mhír seo (a), más déanaí an dáta sin ná an dáta oidhreachta sin agus má ghlactar an teideal sin chun an tí cónaithe sin, nó an leas sin sa teach cónaithe sin, ón diúscróir,

agus

- (b) más rud é—

- (i) go measfar gur teach cónaithe iomchuí teach cónaithe a mbeidh teideal tairbhiúil ag an gcomharba chuige, nó a mbeidh leas tairbhiúil ag an gcomharba ann, agus

- (ii) go bhfaighidh an comharba sin teideal tairbhiúil iardain chun aon tí cónaithe eile, nó leas tairbhiúil in aon teach cónaithe eile, trí oidhrecht arna glacadh ón diúscróir,

scoirfear den teach cónaithe céadluaite sa mhír seo (b) a mheas mar theach cónaithe iomchuí an dáta ar a bhfaighfear an teideal iardain nó an leas sin.

(4B) I gcás go mbeidh feidhm ag mír (b) d’fho-alt (4A)—

- (a) beidh feidhm ag fomhíreanna (i) agus (ii) d’fho-alt (6) amhail is nár theach cónaithe iomchuí an teach cónaithe ar dháta na hoidhreachta, agus

- (b) is é an dáta iomchuí (de réir bhrí alt 46(5)) óna mbeidh ús le muirearú de réir alt 51(2) an dáta luachála is luaithe d’aon teach cónaithe eile a nglacfaidh an comharba teideal tairbhiúil chuige nó a nglacfaidh an comharba leas tairbhiúil ón diúscróir ina leith más déanaí an dáta sin ná an dáta, ar leith ón bhfo-alt seo, arbh é an dáta iomchuí é.”

Leasú ar Sceideal 2 a ghabhann leis an bPríomh-Acht (cáin a ríomh)

65. (1) Leasaítear mír 1 de Chuid 1 de Sceideal 2 a ghabhann leis an bPríomh-Acht, i mír (a) den mhíniú ar “grúpthairseach” trí “€335,000” a chur in ionad “€320,000”.
- (2) Beidh feidhm ag an alt seo maidir le bronntanais agus oidhreachtaí arna nglacadh an 9 Deireadh Fómhair 2019 nó dá éis.

CUID 6

ILGHNÉITHEACH

Léiriú (Cuid 6)

66. Sa Chuid seo, ciallaíonn “Príomh-Acht” an tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

Malartú uathoibríoch sainordaitheach faisnéise i ndáil le comhshocraíochtaí trasteorann intuairiscithe

67. (1) Leasaítear Cuid 33 den Phríomh-Acht tríd an gCaibidil seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Chaibidil 3:

“CAIBIDIL 3A

Cur i ngníomh Threoir (AE) 2018/822 ón gComhairle an 25 Bealtaine 2018¹⁴ lena leasaítear Treoir 2011/16/AE maidir le malartú uathoibríoch sainordaitheach faisnéise i réimse an chánachais i ndáil le comhshocraíochtaí trasteorann intuairiscithe

Léiriú (Caibidil 3A)

817RA. (1) Sa Chaibidil seo—

ciallaíonn ‘comhshocraíocht’—

- (a) aon idirbheart, gníomh, bealach gníomhaithe, bealach iompair, scéim, plean nó togra,
- (b) aon chomhaontú, comhshocraíocht, comhthuisicint, geallúint nó gealltanais, cibé acu sainráite nó intuigthe agus cibé acu atá nó nach bhfuil sé nó sí, nó a bheartaítear nó nach mbeartaítear é nó í a bheith, infhorfheidhmithe le himeachtaí dlí, agus
- (c) aon sraith nó teaghlaim de na himthosca dá dtagraítear i míreanna (a) agus (b),
- cibé acu arna déanamh nó arna comhshocrú ag duine amháin, nó ag beirt nó níos mó—
- (i) bídis nó ná bídis ag gníomhú de chomhbheart,
- (ii) cibé acu a dhéantar nó nach ndéantar í, nó a chomhshocraítear nó nach gcomhshocraítear í, go hiomlán nó go páirteach, lasmuigh den Stát, nó

¹⁴ IO Uimh. L139, 5.6.2018, lch. 1

- (iii) cibé acu a dhéantar nó nach ndéantar í, nó a chomhshocraítear nó nach gcomhshocraítear í, mar chuid de chomhshocraíocht níos mó, nó i gcomhar le haon chomhshocraíocht nó comhshocraíochtaí eile,

ach ní fholaíonn sí socrú dá dtagraítear in alt 826;

tá le ‘fiontar comhlachaithe’ an bhrí chéanna atá leis in Airteagal 3(23) den Treoir;

ciallaíonn ‘údarás inniúil’ an t-údarás a bheidh sainainmnithe sa cháil sin ag Ballstát chun críocha na Treorach agus, i ndáil leis an Stát, ciallaíonn sé na Coimisinéirí Ioncaim;

ciallaíonn ‘comhshocraíocht trasteorann’ comhshocraíocht a bhaineann le níos mó ná aon Bhallstát amháin nó le Ballstát agus tríú tír i gcás go gcomhlíonfar ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha seo a leanas:

- (a) nach bhfuil cónaí, chun críoch cánach, ar na rannpháirtithe go léir sa chomhshocraíocht sa dlínse chéanna;
- (b) go bhfuil cónaí, chun críoch cánach, ar dhuine amháin nó níos mó de na rannpháirtithe sa chomhshocraíocht i níos mó ná aon dlínse amháin go comhuaineach;
- (c) go ndéanfaidh duine amháin nó níos mó de na rannpháirtithe sa chomhshocraíocht gnó a sheoladh i ndlínse eile trí bhuanfhoras a bheidh suite sa dlínse sin agus gur cuid de ghnó an bhuanfhorais sin, nó gurb é iomlán ghnó an bhuanfhorais sin, an chomhshocraíocht;
- (d) go ndéanfaidh duine amháin nó níos mó de na rannpháirtithe sa chomhshocraíocht gníomhaíocht a sheoladh i ndlínse eile gan cónaí a bheith air nó uirthi nó orthu chun críoch cánach nó gan buanfhoras a bhunú a bheidh suite sa dlínse sin;
- (e) go bhféadfadh tionchar a bheith ag comhshocraíocht den sórt sin ar mhalartú uathoibríoch faisnéise nó ar chéannacht úinéireachta tairbhiúla;

ciallaíonn ‘Treoir’ Treoir 2011/16/AE ón gComhairle an 15 Feabhra 2011¹⁵ maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais agus lena n-aisghairtear Treoir 77/799/CEE, arna leasú le Treoir 2014/107/AE ón gComhairle an 9 Nollaig 2014¹⁶, Treoir (AE) 2015/2376 ón gComhairle an 8 Nollaig 2015¹⁷, Treoir (AE) 2016/881 ón gComhairle an 25 Bealtaine 2016¹⁸, Treoir (AE) 2016/2258 ón gComhairle an 6 Nollaig 2016¹⁹ agus Treoir (AE) 2018/822 ón gComhairle an 25 Bealtaine 2018²⁰;

tá le ‘meán leictreonach’ an bhrí chéanna atá leis in alt 917EA(1);

15 IO Uimh. L64, 11.3.2011, lch. 1

16 IO Uimh. L359, 16.12.2014, lch. 1

17 IO Uimh. L332, 18.12.2015, lch. 1

18 IO Uimh. L146, 3.6.2016, lch. 8

19 IO Uimh. L342, 16.12.2016, lch. 1

20 IO Uimh. L139, 5.6.2018, lch. 1

tá le ‘sainmharc’, ‘comhshocraíocht inmhargaidh’ agus ‘duine’ na bríonna céanna atá leo faoi seach in Airteagal 3 den Treoir;

ciallaíonn ‘idirghabhálaí’—

(a) aon duine—

- (i) a dhéanann comhshocraíocht trasteorann intuairiscithe a cheapadh, a mhargú, a eagrú nó a chur ar fáil lena chur i ngníomh nó cur i ngníomh comhshocraíochta den sórt sin a bhainistiú, nó
- (ii) ag féachaint do na fíorais agus imthosca iomchuí agus bunaithe ar fhaisnéis atá ar fáil agus ar an saineolas agus tuiscint iomchuí is gá chun seirbhísí den sórt sin a sholáthar, arb eol dó nó di nó a bhféadfaí le réasún a bheith ag súil leis gurb eol dó nó di gur gheall duine den sórt sin cúnaimh, cabhair nó comhairle a sholáthar, go díreach nó trí bhíthin daoine eile, maidir le comhshocraíocht trasteorann intuairiscithe a cheapadh, a mhargú, a eagrú, a chur ar fáil lena chur i ngníomh nó maidir le cur i ngníomh comhshocraíochta den sórt sin a bhainistiú,

agus

(b) aon duine a chomhlíonann ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha seo a leanas:

- (i) go bhfuil cónaí, chun críoch cánach, ar an duine i mBallstát;
- (ii) go bhfuil buanfhoras ag an duine i mBallstát trína soláthraítear na seirbhísí maidir leis an gcomhshocraíocht;
- (iii) go bhfuil an duine corpraithe i mBallstát nó á rialú le dlíthe Ballstáit;
- (iv) go bhfuil an duine cláraithe le comhlachas gairmiúil a bhaineann le seirbhísí dlí, cánachais nó sainchomhairle i mBallstát;

ciallaíonn ‘uimhir thagartha’ an uimhir arna sannadh do chomhshocraíocht trasteorann intuairiscithe ag na Coimisinéirí Ioncaim nó ag údarás inniúil Ballstáit eile;

ciallaíonn ‘Rialacháin 2012’ Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Comhar Riaracháin i Réimse an Chánachais), 2012 (I.R. Uimh. 549 de 2012);

ciallaíonn ‘cáiníocóir iomchuí’ aon duine dá gcuirtear comhshocraíocht trasteorann intuairiscithe ar fáil lena cur i ngníomh, nó atá ullamh ar chomhshocraíocht trasteorann intuairiscithe a chur i ngníomh nó ag a bhfuil an chéad bheart de chomhshocraíocht den sórt sin curtha i ngníomh;

ciallaíonn ‘comhshocraíocht trasteorann intuairiscithe’ aon chomhshocraíocht trasteorann ina bhfuil ceann amháin ar a laghad de na sainmharcanna a leagtar amach in Iarscríbhinn IV den Treoir;

tá le ‘tuairisceán’ an bhrí chéanna atá leis in alt 917D(1);

ciallaíonn ‘faisnéis shonraithe’, i leith comhshocraíocht trasteorann intuairiscithe, an fhaisnéis a leagtar amach i bhfo-alt (3);

ciallaíonn ‘buntáiste cánach’—

- (a) faoiseamh nó faoiseamh méadaithe ó aon mheasúnacht, aon mhuirear nó aon dliteanas i leith cánach, nó aon laghdú, aon seachaint nó aon iarchur ar aon mheasúnacht, aon mhuirear nó aon dliteanas i leith cánach, lena n-áirítear aon mheasúnacht, aon mhuirear nó aon dliteanas féideartha nó ionchasach,
- (b) aischistiú nó aisíoc nó íocaíocht a dhéanamh i leith méid cánach, nó i leith méadú ar mhéid cánach is in-aischistithe, is in-aisíoctha, nó is iníoctha ar shlí eile le duine, lena n-áirítear aon mhéid féideartha nó ionchasach is in-aischistithe, in-aisíoctha nó is iníoctha amhlaidh, nó airleacan aon aischistithe nó aisíoca, nó íocaíochta, méid cánach le duine, nó
- (c) aon oibleagáid chun cáin a asbhaint nó cuntas a thabhairt i leith cánach a sheachaint,

a eascraíonn de bharr nó de thoradh comhshocraíochta, lena n-áirítear comhshocraíocht i gcás nach ndéanfaí comhshocraíocht eile a ghabháil de láimh nó a chomhshocrú chun na torthaí, nó aon chuid de na torthaí, a bhaint amach a baineadh amach nó a bheartaítear a bhaint amach leis an gcomhshocraíocht;

ciallaíonn ‘uimhir aitheantais cáiníocóra’ an uimhir aitheantais cánach (UAC) arna tabhairt do dhuine ag riarachán cánach na dlínse ina bhfuil cónaí ar an duine agus, i ndáil leis an Stát, ciallaíonn sé uimhir thagartha cánach de réir bhrí alt 885.

- (2) Chun críocha na Caibidle seo, maidir le duine dá dtagraítear i mír (a)(ii) den mhíniú ar ‘idirghabhálaí’ i bhfo-alt (1), beidh de cheart aige nó aici fianaise a sholáthar nárbh eol do dhuine den sórt sin agus nach bhféadfaí le réasún a bheith ag súil leis gurbh eol dó nó di go raibh an duine sin bainteach i gcomhshocraíocht trasteorann intuairiscithe agus, chun na críche sin, féadfaidh an duine sin tagairt a dhéanamh do na fíorais agus imthosca iomchuí go léir chomh maith le faisnéis a bheidh ar fáil agus an saineolas agus tuiscint iomchuí a bheidh ag an duine sin.
- (3) Is é seo a leanas an fhaisnéis dá dtagraítear sa mhíniú ar ‘faisnéis shonraithe’ i bhfo-alt (1):
 - (a) faisnéis i ndáil le céannacht gach idirghabhálaí agus gach cáiníocóra iomchuí, lena n-áirítear—
 - (i) ainm gach idirghabhálaí agus gach cáiníocóra iomchuí den sórt sin,
 - (ii) cibé acu is pearsa aonair nó eintiteas gach idirghabhálaí agus gach cáiníocóir iomchuí den sórt sin,

- (iii) dáta breithe agus áit bhreithe (i gcás pearsa aonair) gach idirghabhálaí agus gach cáiníocóra iomchuí den sórt sin,
 - (iv) áit chónaithe, chun críoch cánach, gach idirghabhálaí agus gach cáiníocóra iomchuí den sórt sin,
 - (v) uimhir aitheantais cáiníocóra gach idirghabhálaí agus gach cáiníocóra iomchuí den sórt sin,
 - (vi) tír eisiúna na huimhreach aitheantais cáiníocóra atá ag gach idirghabhálaí agus ag gach cáiníocóir iomchuí den sórt sin,
 - (vii) murab eol an fhaisnéis dá dtagraítear i gceachtar den dá fhomhír (v) nó (vi), nó sa dá fhomhír araon, don duine a gceanglaítear air nó uirthi tuairisceán a thabhairt faoin gCaibidil seo ar an bhfaisnéis shonraithe, seoladh gach idirghabhálaí agus gach cáiníocóra iomchuí den sórt sin, agus
 - (viii) más cuí, na daoine is fiontair chomhlachaithe de chuid gach cáiníocóra iomchuí den sórt sin;
- (b) mionsonraí i dtaobh gach sainmhairc lena bhfágtar gur comhshocraíocht intuairiscithe í an chomhshocraíocht trasteorann;
 - (c) achoimre ar ábhar na comhshocraíochta trasteorann intuairiscithe, lena n-áirítear an t-ainm a dtugtar uirthi de ghnáth, más ann, agus tuairisc i dtéarmaí teibí ar na gníomhaíochtaí nó na socruithe gnó iomchuí, gan rún tráchtála, tionsclaíoch nó gairmiúil nó próiseas tráchtála a nochtadh, nó faisnéis a nochtadh is faisnéis a mbeadh a nochtadh contrártha do bheartas poiblí;
 - (d) an uimhir thagartha a sannadh don chomhshocraíocht trasteorann intuairiscithe, más ann;
 - (e) mionsonraí i dtaobh na bhforálacha náisiúnta is bonn leis an gcomhshocraíocht trasteorann intuairiscithe;
 - (f) luach na comhshocraíochta trasteorann intuairiscithe;
 - (g) an dáta ar a ndearnadh an chéad bheart nó an dáta a dhéanfar an chéad bheart chun an chomhshocraíocht trasteorann intuairiscithe a chur i ngníomh;
 - (h) céannacht Bhallstát gach cáiníocóra iomchuí den sórt sin agus aon Bhallstáit eile ar dóigh go mbainfidh an chomhshocraíocht trasteorann intuairiscithe leo; agus
 - (i) céannacht aon duine eile i mBallstát ar dóigh go ndéanfaidh an chomhshocraíocht trasteorann intuairiscithe difear dó nó di agus léireofar an Ballstát lena bhfuil duine den sórt sin bainteach.
- (4) Tá le focal nó le habairt a úsáidtear sa Chaibidil seo agus a úsáidtear freisin sa Treoir, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt, an bhrí chéanna sa Chaibidil seo atá leis nó léi sa Treoir.

Feidhm Chaibidil 3A

817RB. (1) Faoi réir fho-alt (2), tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le gach cáin d'aon chineál arna tobhach ag Ballstát nó ag a fhoranna críche nó riaracháin, lena n-áirítear údaráis áitiúla, nó arna tobhach thar a cheann nó thar a gceann.

(2) Ní bheidh feidhm ag an gCaibidil seo maidir leis na nithe seo a leanas—

(a) (i) cáin bhreisluacha, dleachtanna custam, nó dleachtanna máil arna cumhdach nó arna gcumhdach le reachtaíocht eile den Aontas Eorpach maidir le comhar riaracháin idir Ballstáit, nó

(ii) ranníocaíochtaí slándála sóisialaí éigeantacha is iníoctha le Ballstát nó le foroinn de chuid Ballstáit nó le forais slándála sóisialaí arna mbunú faoi dhlí poiblí,

(b) táillí le haghaidh doiciméid arna n-eisiúint ag údaráis phoiblí, agus

(c) comaoin a bheidh dlite faoi chonradh.

Dualgais idirghabhálaí

817RC. (1) Déanfaidh idirghabhálaí de réir bhrí mhír (a)(i) den mhíniú ar 'idirghabhálaí' in alt 817RA(1) tuairisceán ar an bhfaisnéis shonraithe a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim laistigh de 30 lá dar tosach—

(a) an lá tar éis don chomhshocraíocht trasteorann intuairiscithe a bheith curtha ar fáil lena chur i ngníomh,

(b) an lá tar éis don chomhshocraíocht trasteorann intuairiscithe a bheith ullamh dá cur i ngníomh, nó

(c) an tráth a rinneadh an chéad bheart chun an chomhshocraíocht trasteorann intuairiscithe a chur i ngníomh,

cibé acu is túisce a tharlóidh.

(2) Déanfaidh idirghabhálaí de réir bhrí mhír (a)(i) den mhíniú ar 'idirghabhálaí' in alt 817RA(1) tuairisceán ar an bhfaisnéis shonraithe a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim laistigh de 30 lá dar tosach an lá tar éis don idirghabhálaí sin cúnaimh, cabhair nó comhairle dá dtagraítear sa mhír sin (a)(ii) a sholáthar, go díreach nó trí bhíthin daoine eile.

(3) I gcás comhshocraíocht inmhargaidh, déanfaidh idirghabhálaí—

(a) le linn dó nó di tuairisceán a thabhairt faoi fho-alt (1) nó (2), de réir mar a bheidh (dá ngairtear 'an tuairisceán' san fho-alt seo), a lua sa tuairisceán gur comhshocraíocht inmhargaidh atá inti, agus

(b) tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis dháta an tuairisceáin agus gach 3 mhí ina dhiaidh sin, fógra a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim, tríd an tuairisceán a leasú, maidir le haon fhaisnéis nua a bheidh tagtha chun bheith ar fáil i leith na faisnéise sonraithe dá dtagraítear i míreanna (a), (g), (h) agus (i) d'alt 817RA(3).

- (4) Is trí mheán leictreonach a thabharfar tuairisceán (lena n-áirítear tuairisceán leasaithe faoi fho-alt (3)) a cheanglaítear faoin alt seo, agus beidh feidhm ag na forálacha iomchuí de Chaibidil 6 de Chuid 38.
- (5) Déanfaidh idirghabhálaí an uimhir thagartha arna sannadh ag na Coimisinéirí Ioncaim don chomhshocraíocht a sholáthar, i scríbhinn, d'aon idirghabhálaí eile agus do gach cáiniócoir iomchuí a mbeidh baint aige nó aici leis an gcomhshocraíocht laistigh de 5 lá oibre ón dáta is déanaí díobh seo a leanas—
 - (a) an dáta ar a dtabharfaidh na Coimisinéirí Ioncaim fógra don idirghabhálaí maidir leis an uimhir thagartha, nó
 - (b) an dáta ar a dtiocfaidh idirghabhálaí nó cáiniócoir iomchuí eile den sórt sin chun baint a bheith aige nó aici leis an gcomhshocraíocht.
- (6) Beidh idirghabhálaí díolmhaithe ó thuairisceán a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim faoin alt seo más rud é go mbeidh an méid seo a leanas faighte ag an idirghabhálaí, i scríbhinn, ó aon idirghabhálaí eile a mbeidh baint aige nó aici leis an gcomhshocraíocht trasteorann intuairiscithe chéanna—
 - (a) daingniú gur sholáthair an t-idirghabhálaí eile sin an fhaisnéis shonraithe do na Coimisinéirí Ioncaim i dtuairisceán arna thabhairt faoin alt seo, agus
 - (b) an uimhir thagartha arna sannadh ag na Coimisinéirí Ioncaim don chomhshocraíocht.
- (7) Faoi réir fho-alt (8), i gcás go gceanglaítear ar idirghabhálaí an fhaisnéis shonraithe i dtaobh comhshocraíocht trasteorann intuairiscithe a sholáthar d'údarás inniúil de níos mó ná aon Bhallstát amháin, ní sholáthrófar faisnéis den sórt sin ach amháin d'údarás inniúil an Bhallstáit dá dtagraítear i cibé mír de na míreanna seo a leanas is túsce a mbeidh feidhm aici:
 - (a) údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil cónaí, chun críoch cánach, ar an idirghabhálaí;
 - (b) údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil buanfhoras ag an idirghabhálaí trína soláthraítear na seirbhísí maidir leis an gcomhshocraíocht;
 - (c) údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an t-idirghabhálaí corpraithe nó ina rialaítear an t-idirghabhálaí le dlíthe an Bhallstáit sin;
 - (d) údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an t-idirghabhálaí cláraithe le comhlachas gairmiúil a bhaineann le seirbhísí dlí, cánachais nó sainchomhairle.
- (8) I gcás go bhfuil feidhm ag fo-alt (7), beidh idirghabhálaí díolmhaithe ó thuairisceán a thabhairt faoin alt seo más rud é go mbeidh ag an idirghabhálaí—

- (a) cóip den fhaisnéis shonraithe arna soláthar d'údarás inniúil Ballstáit eile, agus
 - (b) daingniú, i scríbhinn, arna sholáthar ag údarás inniúil Ballstáit eile don idirghabhálaí á rá gur shann an t-údarás inniúil sin uimhir thagartha don chomhshocraíocht.
- (9) Ní fhorléireofar aon ní san alt seo mar ní lena gceanglaítear ar idirghabhálaí na nithe seo a leanas a nochtadh do na Coimisinéirí Ioncaim—
- (a) faisnéis nach bhfuil ar eolas ag an idirghabhálaí nó nach bhfuil ina sheilbh nó ina seilbh nó faoina rialú, nó
 - (b) faisnéis a bhféadfadh an t-idirghabhálaí éileamh ar phribhléid ghairmiúil dhlíthiúil a choimeád ar bun ina leith in imeachtaí dlí.
- (10) I gcás go mbeidh feidhm ag fo-alt (9)(b), déanfaidh an t-idirghabhálaí lena mbaineann fógra a thabhairt gan mhoill d'aon idirghabhálaí eile nó, i gcás nach mbeidh aon idirghabhálaí eile ann, don cháiniócóir iomchuí, maidir leis na hoibleagáidí arna bhforchur ar an idirghabhálaí eile sin nó ar an gcáiniócóir iomchuí sin, de réir mar a bheidh, faoin gCaibidil seo.

Dualgais cáiniócóra iomchuí

- 817RD.** (1) I gcás nach mbeidh aon idirghabhálaí ann, nó gur thug idirghabhálaí fógra don cháiniócóir iomchuí faoi alt 817RC(10), tabharfaidh an cáiniócóir iomchuí tuairisceán ar an bhfaisnéis shonraithe do na Coimisinéirí Ioncaim laistigh de 30 lá dar tosach—
- (a) an lá tar éis don chomhshocraíocht trasteorann intuairiscithe a bheith curtha ar fáil don cháiniócóir iomchuí lena cur i ngníomh,
 - (b) an lá tar éis don chomhshocraíocht trasteorann intuairiscithe a bheith ullamh dá cur i ngníomh ag an gcáiniócóir iomchuí, nó
 - (c) an tráth a rinneadh an chéad bheart chun comhshocraíocht trasteorann intuairiscithe a chur i ngníomh i ndáil leis an gcáiniócóir iomchuí, cibé acu is túisce a tharlóidh.
- (2) Is trí mheán leictreonach a thabharfar tuairisceán a cheanglaítear faoin alt seo, agus beidh feidhm ag na forálacha iomchuí de Chaibidil 6 de Chuid 38.
- (3) I gcás go gceanglaítear ar cháiniócóir iomchuí tuairisceán a thabhairt faoin alt seo agus go bhfuil níos mó ná aon cháiniócóir iomchuí amháin ann a bhfuil baint aige nó aici leis an gcomhshocraíocht trasteorann intuairiscithe chéanna, is é nó is í an cáiniócóir iomchuí dá dtagraítear i cibé mír de na míreanna seo a leanas is túisce a mbeidh feidhm aici a thabharfaidh an tuairisceán:
- (a) an cáiniócóir iomchuí a chomhaontaigh an chomhshocraíocht trasteorann intuairiscithe leis an idirghabhálaí;

- (b) an cáiniócóir iomchuí a dhéanann cur i ngníomh na comhshocraíochta a bhainistiú.
- (4) I gcás go gceanglaítear ar cháiniócóir iomchuí tuairisceán a thabhairt faoin alt seo ('an chéad cháiniócóir iomchuí') agus go bhfuil níos mó ná aon cháiniócóir iomchuí amháin ann a bhfuil baint aige nó aici leis an gcomhshocraíocht trasteorann intuairiscithe chéanna, déanfaidh an chéad cháiniócóir iomchuí an uimhir thagartha arna sannadh ag na Coimisinéirí Ioncaim don chomhshocraíocht a sholáthar, i scríbhinn, do gach cáiniócóir iomchuí eile den sórt sin laistigh de 5 lá oibre ón dáta is déanaí díobh seo a leanas—
- (a) an dáta ar a dtabharfaidh na Coimisinéirí Ioncaim fógra don chéad cháiniócóir iomchuí maidir leis an uimhir thagartha, nó
- (b) an dáta ar a dtiocfaidh cáiniócóir iomchuí eile den sórt sin chun baint a bheith aige nó aici leis an gcomhshocraíocht.
- (5) Beidh cáiniócóir iomchuí díolmhaithe ó thuairisceán a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim faoin alt seo más rud é go mbeidh an méid seo a leanas faighte ag an gcáiniócóir iomchuí, i scríbhinn, ó aon cháiniócóir iomchuí eile den sórt sin a mbeidh baint aige nó aici leis an gcomhshocraíocht trasteorann intuairiscithe chéanna—
- (a) daingniú gur sholáthair cáiniócóir iomchuí eile den sórt sin an fhaisnéis shonraithe do na Coimisinéirí Ioncaim i dtuairisceán arna thabhairt faoin alt seo, agus
- (b) an uimhir thagartha arna sannadh ag na Coimisinéirí Ioncaim don chomhshocraíocht.
- (6) Faoi réir fho-alt (7), i gcás go gceanglaítear ar cháiniócóir iomchuí an fhaisnéis shonraithe i dtaobh comhshocraíocht trasteorann intuairiscithe a sholáthar d'údarás inniúil de níos mó ná aon Bhallstát amháin, ní sholáthrófar faisnéis den sórt sin ach amháin d'údarás inniúil an Bhallstáit dá dtagraítear i cibé mír de na míreanna seo a leanas is túisce a mbeidh feidhm aici:
- (a) údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil cónaí, chun críoch cánach, ar an gcáiniócóir iomchuí;
- (b) údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil buanfhoras ag an gcáiniócóir iomchuí a bhaineann tairbhe as an gcomhshocraíocht;
- (c) údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfaigheann an cáiniócóir iomchuí ioncam, nó ina ngineann an cáiniócóir iomchuí brabúis, cé nach bhfuil cónaí ar an gcáiniócóir iomchuí, chun críoch cánach, agus nach bhfuil buanfhoras aige nó aici, in aon Bhallstát;
- (d) údarás inniúil an Bhallstáit ina ndéanann an cáiniócóir iomchuí gníomhaíocht a sheoladh, cé nach bhfuil cónaí ar an gcáiniócóir iomchuí, chun críoch cánach, agus nach bhfuil buanfhoras aige nó aici, in aon Bhallstát.

- (7) I gcás go bhfuil feidhm ag fo-alt (6), beidh cáiníocóir iomchuí díolmhaithe ó thuirisceán a thabhairt faoin alt seo más rud é go bhfuil ag an gcáiníocóir iomchuí—
- (a) cóip den fhaisnéis shonraithe arna soláthar d’údarás inniúil Ballstáit eile, agus
 - (b) daingniú, i scríbhinn, arna sholáthar don cháiníocóir iomchuí ag údarás inniúil Ballstáit eile gur shann an t-údarás inniúil sin uimhir thagartha don chomhshocraíocht.
- (8) Is duine inmhuirearaithe chun críocha Chuid 41A aon duine a bhaineann buntáiste cánach nó a fhéachann le buntáiste cánach a bhaint as comhshocraíocht trasteorann intuairiscithe.
- (9) Déanfaidh cáiníocóir iomchuí uimhir thagartha arna sannadh do chomhshocraíocht trasteorann intuairiscithe a chur ar áireamh sa tuairisceán, de réir bhrí Chuid 41A, d’aon tréimhse inmhuirearaithe, de réir bhrí Chuid 41A, inarb amhlaidh, maidir leis an gcáiníocóir iomchuí—
- (a) go ndearna sé nó sí aon idirbheart ar comhshocraíocht trasteorann intuairiscithe é, nó ar cuid di é, nó
 - (b) go mbaineann sé nó sí buntáiste cánach, nó go bhféachann sé nó sí le buntáiste cánach a bhaint, as comhshocraíocht trasteorann intuairiscithe.
- (10) Ní fhorléireofar aon ní san alt seo mar ní lena gceanglaítear ar cháiníocóir iomchuí faisnéis a nochtadh do na Coimisinéirí Ioncaim nach bhfuil ar eolas ag an gcáiníocóir iomchuí nó nach bhfuil ina sheilbh nó ina seilbh nó faoina rialú.

Dualgais na gCoimisinéirí Ioncaim

- 817RE.**(1) I gcás go dtabharfar tuairisceán do na Coimisinéirí Ioncaim faoin gCaibidil seo, sannfaidh na Coimisinéirí Ioncaim uimhir thagartha don chomhshocraíocht trasteorann intuairiscithe mura rud é go ndearna na Coimisinéirí Ioncaim nó údarás inniúil Ballstáit eile uimhir den sórt sin a shannadh di cheana féin.
- (2) I gcás nach ngníomhóidh na Coimisinéirí Ioncaim ar chomhshocraíocht trasteorann intuairiscithe, ní thabharfar le tuiscint uaidh sin go nglactar le bailíocht na comhshocraíochta nó leis an gcaoi ina ndéileálfar léi ó thaobh cánach.
- (3) Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim aon oifigeach dá gcuid a údarú chun aon ghníomhartha a dhéanamh agus aon fheidhmeanna a chomhlíonadh a údaraítear leis an gCuid seo.

Comhshocraíochtaí arna gcur i ngníomh roimh an 1 Iúil 2020

- 817RF.** (1) (a) Faoi réir mhír (b), beidh feidhm ag alt 817RC maidir le comhshocraíochtaí trasteorann intuairiscithe ar cuireadh an chéad

bheart díobh i ngníomh le linn na tréimhse dar tosach an 25 Meitheamh 2018 agus dar críoch an 30 Meitheamh 2020.

- (b) I gcás go bhfuil feidhm ag mír (a), déanfar tuairisceán ar an bhfaisnéis shonraithe a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim faoi alt 817RC tráth nach déanaí ná an 31 Lúnasa 2020 agus ní bheidh feidhm ag an teorainn ama a shonraítear in alt 817RC(1) nó (2), de réir mar a bheidh.
- (2) (a) Faoi réir mhír (b), beidh feidhm ag alt 817RD maidir le comhshocraíochtaí trasteorann intuairiscithe ar cuireadh an chéad bheart díobh i ngníomh le linn na tréimhse dar tosach an 25 Meitheamh 2018 agus dar críoch an 30 Meitheamh 2020.
- (b) I gcás go bhfuil feidhm ag mír (a), déanfar tuairisceán ar an bhfaisnéis shonraithe a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim faoi alt 817RD tráth nach déanaí ná an 31 Lúnasa 2020 agus ní bheidh feidhm ag an teorainn ama a shonraítear in alt 817RD(1).

Malartú Faisnéise

817RG. Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim, le linn dóibh an fhaisnéis a shonraítear in Airteagal 8ab(14) den Treoir a chur in iúl d’údaráis inniúla na mBallstát eile go léir de réir Rialacháin 2012, an fhaisnéis seo a leanas atá bainteach nó forlíontach leis an bhfaisnéis a shonraítear amhlaidh a nochtadh:

- (a) an uimhir thagartha a sannadh don chomhshocraíocht trasteorann intuairiscithe lena mbaineann;
- (b) i ndáil le gach idirghabhálaí agus gach cáiniócóir iomchuí lena mbaineann—
 - (i) tír eisiúna na huimhreach aitheantais cáiniócóra atá ag gach idirghabhálaí agus ag gach cáiniócóir iomchuí den sórt sin,
 - (ii) cibé acu is pearsa aonair nó eintiteas gach idirghabhálaí nó gach cáiniócóir iomchuí den sórt sin, agus
 - (iii) seoladh gach idirghabhálaí nó gach cáiniócóra iomchuí den sórt sin.

Pionóis

817RH. (1) Maidir le duine a mhainneoidh aon cheann de na hoibleagáidí arna bhforchur ar an duine sin leis an gCaibidil seo a chomhlíonadh—

- (a) i gcás go mbaineann an mhainneachtain leis an oibleagáid arna forchur ar dhuine faoi fho-alt (3) nó (10) d’alt 817RC, nó faoi alt 817RD(4) nó 817RF, dlífeair—
 - (i) pionós nach mó ná €4,000 a chur air nó uirthi, agus
 - (ii) má leanann an mhainneachtain tar éis pionós a fhorchur faoi fhómhír (i), pionós breise €100 a chur air nó uirthi in aghaidh gach lae ar a leanfaidh an mhainneachtain tar éis an lae ar a bhforchuirfeair an pionós faoin bhfómhír sin,

- (b) i gcás go mbaineann an mhainneachtain leis an oibleagáid arna forchur ar dhuine faoi fho-alt (1), (2) nó (5) d’alt 817RC nó faoi alt 817RD(1), dlífeair—
- (i) pionós nach mó ná €500 a chur air nó uirthi in aghaidh gach lae i gcaitheamh na tréimhse tosaigh, agus
- (ii) má leanann an mhainneachtain tar éis pionós a fhorchur faoi fhómhír (i), pionós breise €500 in aghaidh gach lae ar a leanfaidh an mhainneachtain tar éis an lae ar a bhforchuirfeair an pionós faoin bhfómhír sin,
- (c) i gcás go mbaineann an mhainneachtain leis an oibleagáid arna forchur ar dhuine le halt 817RD(9), dlífeair pionós nach mó ná €5,000 a chur air nó uirthi.
- (2) Chun críocha fho-alt (1)(b)—
- ciallaíonn ‘an tréimhse tosaigh’ an tréimhse—
- (a) dar tosach an lá iomchuí, agus
- (b) dar críoch an lá ar a ndéanfar iarratas dá dtagraítear i bhfo-alt (3);
- ciallaíonn ‘lá iomchuí’ an chéad lá tar éis dheireadh na tréimhse a shonraítear i bhfo-alt (1), (2) nó (5) d’alt 817RC nó in alt 817RD(1), de réir mar a bheidh, ar lena linn a dhéanfar an oibleagáid arna forchur ar dhuine leis an bhfo-alt sin (1), (2) nó (5) d’alt 817RC nó le halt 817RD(1), de réir mar a bheidh, a chomhall.
- (3) (a) D’ainneoin alt 1077B, déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim, i ndáil le mainneachtain dá dtagraítear i bhfo-alt (1), iarratas chun na cúirte iomchuí chun go ndéanfaidh an chúirt sin cinneadh i dtaobh an bhfuil mainnithe ag an duine atá ainmnithe san iarratas an oibleagáid arna forchur ar an duine sin le foráil dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(a), (b) nó (c), de réir mar a bheidh, a chomhlíonadh.
- (b) I mír (a), ciallaíonn ‘cúirt iomchuí’ an Chúirt Dúiche, an Chúirt Chuarda nó an Ard-Chúirt, de réir mar is cuí, faoi threoir na dteorainneacha dlínse i gcomhair nithe sibhialta atá leagtha síos san Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1924 agus in Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961.
- (4) Tabharfar cóip d’iarratas faoi fho-alt (3) don duine lena mbaineann an t-iarratas.
- (5) Cinnfidh an chúirt iomchuí an ndlífeair an pionós dá bhforáiltear i mír (a), (b) nó (c), de réir mar a bheidh, d’fho-alt (1) agus méid an phionóis sin a chur ar an duine a bheidh ainmnithe san iarratas arna dhéanamh faoi fho-alt (3), agus déanfaidh an chúirt, le linn di méid an phionóis a chinneadh, aird a thabhairt ar mhír (a) nó (b), de réir mar a bheidh, d’fho-alt (6).
- (6) Le linn di méid pionóis a chinneadh faoi fho-alt (5), beidh aird ag an gcúirt—

- (a) i gcás duine is idirghabhálaí, ar mhéid aon táillí a fuair an duine i dtaca leis an gcomhshocraíocht trasteorann intuairiscithe, nó is dócha a fuair sé nó sí, agus
- (b) in aon chás eile, ar mhéid aon bhuntáiste cánach a bhain an duine as an gcomhshocraíocht trasteorann intuairiscithe, nó ar fhéach sé nó sí lena bhaint.

(7) Beidh feidhm ag alt 1077C chun críoch pionóis faoi fho-alt (1).”.

(2) Tiocfaidh *fo-alt (1)* i ngníomh an 1 Iúil 2020.

Leasú ar Chuid 40A den Phríomh-Acht (achomhairc chun na gCoimisinéirí Achomhairc)

68. Leasaítear Cuid 40A den Phríomh-Acht—

(a) in alt 949T, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1) :

“(1A) Sonrófar na nithe seo a leanas i dtreorú arna thabhairt faoi fho-alt (1)—

- (a) an dáta agus an t-am ar a dtosófar an chomhdháil bainistithe cáis, agus
- (b) an suíomh ina reáchtálfar an chomhdháil bainistithe cáis.”,

(b) in alt 949W, trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

- “(3) Cuirfidh na Coimisinéirí Achomhairc, tráth ar bith, bac ar imeachtaí in achomharc chun a cheadú do Nós Imeachta maidir le Comhaontú Frithpháirteach, a bhaineann leis na nithe lena mbaineann an t-achomharc, dul ar aghaidh agus críochnú, i gcás go mbeidh iarratas déanta ag an dá pháirtí ar threorú chuige sin faoi alt 949E.
- (4) D’ainneoin fho-alt (2), agus faoi réir fho-alt (5), ní bheidh ceangal ar na Coimisinéirí Achomhairc, le linn dóibh treorú a thabhairt chun bac a chur ar imeachtaí i ndiaidh iarratas chuige sin faoi fho-alt (3), dáta a shonrú faoina n-atosófar na himeachtaí, ach cuirfidh siad bac ar imeachtaí san achomharc lena mbaineann go dtí go mbeidh an Nós Imeachta maidir le Comhaontú Frithpháirteach críochnaithe.
- (5) I gcás go ndéanann páirtí iarratas faoi alt 949E ar threorú go n-atosófar imeachtaí ar cuireadh bac orthu faoi fho-alt (3) sula mbeidh an Nós Imeachta lena mbaineann maidir le Comhaontú Frithpháirteach críochnaithe, déanfaidh na Coimisinéirí Achomhairc treorú a thabhairt go n-atosófar na himeachtaí ar cuireadh bac orthu.
- (6) Féadfaidh na Coimisinéirí Achomhairc ó am go ham treorú a thabhairt do na páirtithe go ndéanfaidh páirtí amháin díobh nó an dá pháirtí fógra faoi dhul chun cinn an Nóis Imeachta maidir le Comhaontú Frithpháirteach a thabhairt do na Coimisinéirí Achomhairc.
- (7) San alt seo, ciallaíonn ‘Nós Imeachta maidir le Comhaontú Frithpháirteach’ nós imeachta ar dá réir a fhéadfar comhaontú frithpháirteach a bhaint amach, chun díospóid a réiteach, idir údarás inniúil an Stáit agus údarás inniúil de chuid dlínse eile fúthu seo a leanas—

- (a) socrú a bhfuil feidhm dlí aige de bhua alt 826(1), nó
 - (b) Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Sásraí Réitigh um Dhíospóidí Cánach), 2019 (I.R. Uimh. 306 de 2019).”,
- agus
- (c) in alt 949AV—
 - (i) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):
 - “(1) Faoi réir fho-ailt (4) agus (5), féadfaidh na Coimisinéirí Achomhairc achomharc a dhíbhe i gcás gur mhainnigh páirtí treorú a chomhlíonadh, chun sástacht na gCoimisinéirí Achomhairc, is treorú arna thabhairt acu fúthu seo a leanas—
 - (a) fo-alt (1) d’alt 949E, i ndáil leis an ní dá dtagraítear i mír (2)(a) den alt sin, nó
 - (b) alt 949T(1).”,
 - (ii) i bhfo-alt (2), trí “Faoi réir fho-ailt (3), (4) agus (5)” a chur in ionad “Faoi réir fho-alt (3)”,
 - (iii) i bhfo-alt (3), trí “Faoi réir fho-ailt (4) agus (5), breithneoidh na Coimisinéirí Achomhairc” a chur in ionad “Breithneoidh na Coimisinéirí Achomhairc”, agus
 - (iv) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):
 - “(4) I gcás gur mhainnigh páirtí treorú faoi alt 949T a chomhlíonadh, ní dhéanfaidh na Coimisinéirí Achomhairc achomharc a dhíbhe faoi fho-alt (1) i gcás ina mbeidh iarratas déanta chuig na Coimisinéirí Achomhairc ag an bpáirtí tar éis an ama a ceapadh don chomhdháil bainistithe cáis lena mbaineann agus inar deimhin leis na Coimisinéirí Achomhairc—
 - (a) mar gheall ar asláithreacht, breoiteacht nó cúis réasúnach eile, gur coisceadh ar an bpáirtí freastal ar an gcomhdháil bainistithe cáis, agus
 - (b) go ndearnadh an t-iarratas gan moill mhír réasúnach tar éis an dáta a shonrófar sa treorú.
 - (5) Más rud é, tar éis iarratas chuige sin a bheith déanta faoi fho-alt (4), nach deimhin leis na Coimisinéirí Achomhairc maidir leis na nithe a shonraítear i míreanna (a) agus (b) den fho-alt sin, déanfaidh siad an t-achomharc a dhíbhe agus is breith chríochnaitheach dhochloíte an bhreith uathu.”.

Nósanna imeachta maidir le comhaontú frithpháirteach

69. Leasaítear Cuid 41A den Phríomh-Acht—

- (a) in alt 959AF(3), trí “Faoi réir alt 959AW, mura ndéanfaidh duine dár tugadh fógra measúnachta achomharc de réir alt 949I” a chur in ionad “Mura ndéanfaidh duine dár tugadh fógra measúnachta achomharc de réir alt 949I”, agus
- (b) tríd an gCaibidil seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Chaibidil 7:

“CAIBIDIL 8

*Forálacha ilghnéitheacha***Nósanna imeachta maidir le comhaontú frithpháirteach**

959AW. D’ainneoin alt 959AF(3), maidir le measúnacht nó measúnacht leasaithe, de réir mar a bheidh, arna déanamh ar dhuine, ní bheidh sí críochnaitheach agus dochloíte más rud é, laistigh de 30 lá tar éis dháta fhógra na measúnachta, go ndéanann an duine—

- (a) comhaontú frithpháirteach a iarraidh faoi shocrú a bhfuil feidhm dlí aige de bhua alt 826(1) idir údarás inniúil an Stáit agus údarás inniúil de chuid dlínse eile, nó
- (b) gearán ar cheist atá faoi dhíospóid a chur faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim faoi Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Sásraí Réitigh um Dhíospóidí Cánach), 2019 (I.R. Uimh. 306 de 2019).”.

Leasú ar alt 917K den Phríomh-Acht (cruachóipeanna)

70. Leasaítear alt 917K den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Ní dhéanfar cruachóip de réir an fho-ailt seo ach amháin más rud é—

- (a) go ndéantar an chruachóip faoi phróisis agus faoi nósanna imeachta atá ceaptha lena chinntiú nach mbeidh san fhaisnéis atá sa chruachóip ach an fhaisnéis a tarchuireadh nó atá le tarchur de réir alt 917F(1), agus
- (b) go bhfuil an chruachóip fíordheimhnithe de réir fho-alt (2).”.

Leasú ar alt 990 den Phríomh-Acht (an cháin atá dlite a mheasúnú)

71. Leasaítear alt 990(2) den Phríomh-Acht—

- (a) trí “gur lú nó gur mó” a chur in ionad “gur lú”, agus
- (b) trí “trína mhéadú nó trína laghdú, de réir mar is cuí,” a chur in ionad “trína mhéadú”.

Leasú ar alt 1001 den Phríomh-Acht (cáin etc. a bheith dlite de shealbhóir muirir shocraithe ar fhiacha leabhair de chuid cuideachta)

72. Leasaítear alt 1001 den Phríomh-Acht i bhfo-alt (3)(c)—

- (a) trí “nó, i gcás go mbeidh an muirear socraithe aistrithe (cibé acu roimh theacht i ngníomh *d’alt 72 den Acht Airgeadais, 2019* nó dá éis), ar an 31 Eanáir 2020 nó roimhe sin nó laistigh de 21 lá ó dháta aistrithe an mhuirir shocraithe (cibé acu is déanaí),” a chur isteach i ndiaidh “ó dháta cruthaithe an mhuirir shocraithe”, agus
- (b) i bhfomhír (iv), trí “nó a aistríodh, de réir mar a bheidh,” a chur isteach i ndiaidh “cruthaithe”.

Leasú ar Sceideal 24A a ghabhann leis an bPríomh-Acht (socruithe arna ndéanamh ag an Rialtas le rialtas aon chríche lasmuigh den Stát i ndáil le faoiseamh ó chánachas dúbailte a thabhairt agus faisnéis a mhalartú i ndáil le cáin)

73. Leasaítear Sceideal 24A a ghabhann leis an bPríomh-Acht i gCuid 1—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír 28:

“28. An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam agus Gnóchain Chaipitiúla)(Ríocht na hÍsiltíre), 1970 (I.R. Uimh. 22 de 1970) agus an tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam agus ar Ghnóchain Chaipitiúla)(Ríocht na hÍsiltíre), 2019 (I.R. Uimh. 459 de 2019).”,

agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír 41:

“41. An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam agus ar Chaipiteal)(Cónaidhm na hEilvéise), 1967 (I.R. Uimh. 240 de 1967), an tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam agus ar Chaipiteal)(Cónaidhm na hEilvéise), 1984 (I.R. Uimh. 76 de 1984), an tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam agus ar Chaipiteal)(Cónaidhm na hEilvéise), 2013 (I.R. Uimh. 30 de 2013) agus an tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam agus ar Chaipiteal)(Cónaidhm na hEilvéise), 2019 (I.R. Uimh. 460 de 2019).”.

Leasuithe teicniúla ilghnéitheacha i ndáil le cáin

74. Maidir leis na hachtacháin a shonraítear sa *Sceideal*—

- (a) leasaítear iad a mhéid agus ar an modh a shonraítear i *míreanna 1 go 5* den *Sceideal* sin, agus
- (b) tá feidhm acu agus tagann siad i ngníomh de réir *mhír 6* den *Sceideal* sin.

Cúram agus bainistiú cánacha agus dleachtanna

75. Déantar na cánacha agus na dleachtanna go léir a fhorchuirtear leis an Acht seo a chur faoi chúram agus faoi bhainistiú na gCoimisinéirí Ioncaim.

Gearrtheideal, forléiriú agus tosach feidhme

76. (1) Féadfar an tAcht Airgeadais, 2019 a ghairm den Acht seo.

(2) Déanfar *Cuid 1* a fhorléiriú—

- (a) a mhéid a bhaineann sí le cáin ioncaim, i dteannta na nAchtanna Cánach Ioncaim,
- (b) a mhéid a bhaineann sí le muirear sóisialach uilíoch, i dteannta Chuid 18D den Phríomh-Acht,
- (c) a mhéid a bhaineann sí le cáin chorparáide, i dteannta na nAchtanna Cánach Corparáide, agus

- (d) a mhéid a bhaineann sí le cáin gnóchan caipitiúil, i dteannta na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil.
- (3) Déanfar *Cuid 2*, a mhéid a bhaineann sí le dleachtanna máil, a fhorléiriú i dteannta na reachtanna a bhaineann leis na dleachtanna sin agus le bainistiú na ndleachtanna sin.
- (4) Déanfar *Cuid 3* a fhorléiriú i dteannta na nAchtanna Cánach Breisluacha.
- (5) Déanfar *Cuid 4* a fhorléiriú i dteannta an Achta Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999 agus na n-achtachán lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin.
- (6) Déanfar *Cuid 5* a fhorléiriú i dteannta an Achta Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003 agus na n-achtachán lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin.
- (7) Déanfar *Cuid 6* a fhorléiriú—
- (a) a mhéid a bhaineann sí le cáin ioncain, i dteannta na nAchtanna Cánach Ioncain,
- (b) a mhéid a bhaineann sí le muirear sóisialach uilíoch, i dteannta Chuid 18D den Phríomh-Acht,
- (c) a mhéid a bhaineann sí le cáin chorparáide, i dteannta na nAchtanna Cánach Corparáide,
- (d) a mhéid a bhaineann sí le cáin gnóchan caipitiúil, i dteannta na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil,
- (e) a mhéid a bhaineann sí le custaim, i dteannta na nAchtanna Custam,
- (f) a mhéid a bhaineann sí le dleachtanna máil, i dteannta na reachtanna a bhaineann le dleachtanna máil agus le bainistiú na ndleachtanna sin,
- (g) a mhéid a bhaineann sí le cáin bhreisluacha, i dteannta na nAchtanna Cánach Breisluacha,
- (h) a mhéid a bhaineann sí le dleacht stampa, i dteannta an Achta Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999 agus na n-achtachán lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin,
- (i) a mhéid a bhaineann sí le tobhach sainchónaithe, i dteannta Chuid 18C den Phríomh-Acht, agus
- (j) a mhéid a bhaineann sí le cáin bhronntanais nó cáin oidhreachta, i dteannta an Achta Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003 agus na n-achtachán lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin.
- (8) Ach amháin i gcás go bhforáiltear a mhalairt go sainráite i *gCuid 1*, tiocfaidh an Chuid sin i ngníomh an 1 Eanáir 2020.
- (9) Ach amháin i gcás go bhforáiltear a mhalairt go sainráite, i gcás go bhfuil foráil den Acht seo le teacht i ngníomh ar an Aire Airgeadais do dhéanamh ordú, tiocfaidh an fhoráil sin i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Airgeadais i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

AN SCEIDEAL

Alt 74

LEASUITHE TEICNIÚLA ILGHNÉITHEACHA I nDÁIL LE CÁIN

1. Leasaítear an tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997—

(a) in alt 2(1), i mír (c) den mhíniú ar “cigire cuí”, trí “nó an bhrairse” a chur isteach i ndiaidh “an cheantair”,

(b) in alt 56(3)(c), trí “nó brainse” a chur isteach i ndiaidh “sa cheantar”,

(c) in alt 267H(2)(c), trí “arm’s” a chur in ionad “arms’ ” sa leagan Béarla,

(d) in alt 481—

(i) i bhfo-alt (1)—

(I) sa mhíniú ar “duine iomchuí sonraithe”, trí “i bhfo-alt (2C)(d) ;” a chur in ionad “i bhfo-alt (2C)(d).”, agus

(II) sa mhíniú ar “costas iomlán léiriúcháin”, trí “scannán cáilitheach” a chur in ionad “cuideachta cháilitheach”,

(ii) i bhfo-alt (2)(b)(IV), trí “(2013/C 332/01)²¹ ón gCoimisiún- ” a chur in ionad “(2013/C 332/01)²¹ ón gCoimisiún”,

(iii) i bhfo-alt (2C)—

(I) i mír (ca), trí “faoi mhír (d)(ii),” a chur in ionad “faoi mhír (d)(ii).”,

(II) i mír (d)(ii), trí “rialacháin sin,” a chur in ionad “rialacháin sin.”,

(III) i mír (da)—

(A) trí “mura ndéanann an chuideachta éileamh” a chur in ionad “éileamh a dhéanamh”, agus

(B) trí “a shonraítear sna rialacháin arna ndéanamh faoi fho-alt (2E)” a chur in ionad “a shonraítear sna rialacháin sin”,

agus

(IV) i mír (f), trí “mír (d), agus” a chur in ionad “mír (d), agus”,

agus

(iv) i bhfo-alt (2E)—

(I) i mír (h), trí “de réir fho-alt (2C)(da)” a chur in ionad “de réir fho-alt (2C)(d)(iii)”, agus

(II) i mír (l), trí “faoi fho-alt (2A),” a chur in ionad “faoi fho-alt (2A).”,

(e) in alt 485C(1), sa mhíniú ar “ioncam imfhálaithe”—

(i) i mír (a), trí “lena mbaineann, agus” a chur in ionad “lena mbaineann.”,

21 IO Uimh. C332, 15.11.2013, lch. 1

- (ii) i mír (b), trí “267M;” a chur in ionad “267M;”, agus
 - (iii) trí mhíreanna (c) agus (d) a scriosadh,
 - (f) in alt 878—
 - (i) i bhfo-alt (1), trí “nó brainse” a chur isteach i ndiaidh “aon cheantar”, agus
 - (ii) i bhfo-alt (2), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) féadfaidh aon daoine den sórt sin fógra i scríbhinn a thabhairt don chigire do gach ceantar nó brainse ina n-iarrfar orthu ráiteas a thabhairt ina luafar an ceantar, na ceantair, an brainse nó na brainsí inarb inmhuirearaithe iad faoi seach ina gcuntas féin, agus ina luafar an ceantar nó an brainse acu sin ar mian leo gurb ann a mhuirearófaí iad thar ceann an duine a ngníomhaíonn siad thar a cheann nó thar a ceann, agus má dhlitear aon duine áirithe den sórt sin a mhuirearú ar a chuntas féin nó ar a cuntas féin sa cheantar nó sa bhainse sin, muirearófar iad sa cheantar nó sa bhainse sin dá réir sin trí aon mheasúnacht amháin.”,
 - (g) in alt 959B(1), trí “an 31 Nollaig” a chur in ionad “an 5 Aibreán”, agus
 - (h) i Sceideal 27, trí “i mo cheantar nó i mo bhainse” a chur in ionad “i mo cheantar”.
2. Leasaítear an tAcht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010—
- (a) in alt 2(1), i mír (a) den mhíniú ar “gníomhaíocht dhíolmhaithe”, trí “ailt 93(2)(a)(i), 94(2) agus 95(3) agus 7(b)” a chur in ionad “ailt 94(2) agus 95(3) agus 7(b)”, agus
 - (b) i Sceideal 1, i mír 4(2), trí “faoi Chuid VIIA nó VIII den Acht um Chúram Leanaí, 1991” a chur in ionad “faoi Chuid VII nó Cuid VIII den Acht um Chúram Leanaí, 1991”.
3. Leasaítear an tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003, in alt 58(1A), trí “faoi fho-alt (2) nó (8)” a chur in ionad “faoi fho-alt (2), (6) nó (8)”.
4. Leasaítear an tAcht Airgeadais, 1992, in alt 130—
- (a) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘Rialachán 2018/858’ Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018²² maidir le ceadú agus le faireachas margaidh ar mhótarfheithiclí agus a leantóirí, agus ar chórais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE;”,
- agus
- (b) sa mhíniú ar “cineálcheadú”, trí “, Rialachán 168/2013 agus Rialachán 2018/858” a chur in ionad “agus Rialachán 168/2013”.

22 IO Uimh. L151, 14.6.2018, lch. 1

5. Leasaítear na Rialacháin Cánach Ioncaim (Fostaíochtaí) (Comhdhlúite), 2001 (I.R. Uimh. 559 de 2001) i Rialachán 35(2), trí “aon cheantar nó brainse” a chur in ionad “aon cheantar” agus “sa cheantar sin nó sa bhrainse sin” a chur in ionad “sa cheantar sin”.
6. (a) Faoi réir *fhomhír (b)*, beidh éifeacht leis an Sceideal seo amhail ar agus ó dháta rite an Achta seo.
(b) Tá feidhm ag *fomhír (e)* de *mhír 1* don bhliain mheasúnachta 2020 agus do gach bliain mheasúnachta dá héis.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€14.22

